Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014



# CLÁR ÁBHAIR

## 1




**BROLLACH**

- Ráiteas Físe 4
- Fáilte ón gCathaoirleach 5
- Fáilte ó na Príomhfheidhmeannaigh 6
- Comhaltaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann 8
- An Fhoireann Bainistíochta Shinsearach 13


## 2




**CÚLRA THIOBRAID ÁRANN 14**

- Próiseas Cumaisc Thiobraid Árann 16
- Cúlra an Chumaisc 18


## 3




**GEILLEAGAR LÁIDIR 20**

- Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht 22
- Bóithre, Iompar & Sábháilteacht 28
- Pleanáil & Forbairt 36
- Turasóireacht 42


## 4




**CÁILÍOCHT NA BEATHA 46**

- Tithíocht 48
- Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail 54
- Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann 60
- Seirbhísí Leabharlainne 64
- Na hEalaíona 68
- Oidhreacht & Cultúr 72
- Músaem Thiobraid Árann 74


## 5




**CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOIL 76**

- Comhshaol & Bainistíocht Dramhaíola 78
- Seirbhísí Uisce 85
- Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála 86
- Cosaint Shibhialta 88


## 6




**CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA 90**

- Cruinnithe, Íocaíochtaí 92
- An Grúpa Beartais Chorparáidigh, Fáiltithe Cathrach 93
- Acmhainní Daonna 94
- Teicneolaíocht na Faisnéise (TF) 98
- An Deasc um Sheirbhís do Chustaiméirí 99
- Láithreán Gréasáin 100
- Saoráil Faisnéise 101
- Deontais Ardoideachais 102
- Spórt & Fóillíocht 103
- Ceantar Bardasach Charraig na Siúire 105
- Ceantar Bardasach Thiobraid Árann - Chaisil 106
- Ceantar Bardasach Chluain Meala 114
- Ceantar Bardasach an Aonaigh 16
- Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir - Dhurlas 118


## 7




**CÚRSAÍ AIRGEADAIS 120**

- Airgeadas 122
- Mótarchánachas 128


## 8





**AGUISÍNÍ 130**

- Sceideal de Cheapacháin Choiste 2014-18 132
- Liosta de Choistí Beartais Straitéisigh 138
- Struchtúr Eagraíochta 140
- Struchtúr Foirne 142
- Táscairí Feidhmíochta 2014 146
- Comhdhálacha agus Seimeanáir 150
- Oiliúint 151
- Torthaí Toghcháin Áitiúil 2014 152

# Ráiteas Físe

**Tiobráid Árann Le Chéile - Mianta againn dár gcuid pobal, éilimh againn orainn féin agus ag obair ar son na cuspóra céanna chun go mbeadh rath ar an gcontae go léir.**






# Brollach - Cathaoirleach

**Is cúis mhór áthais dom an deis seo a bheith agam réamhfhocal a sholáthar do Thuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Thiobraid Árann 2014.**



*"We are what we repeatedly do. Excellence therefore, is not an act but a habit."*

Aristotle

Ar an 6 Meitheamh 2014, bhí sé d'ádh orm a bheith tofa mar an 1ú Cathaoirleach ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann nua-aontaithe, Údaras Áitiúil nua a thógann le chéile na gnéithe is fearr den Tuaisceart agus den Deisceart, chun freastal ar shaoránaigh an chontae seo den chéad scoth.

Tá traidisiún bródúil chomh maith le branda náisiúnta láidir ag Tiobraid Árann, a bhfuil daonra de bheagnach 160,000 duine aige agus i 2014, thóg an Chomhairle ar a cháil mar aon chontae amháin, aon chomhairle amháin agus aon fhoireann amháin atá ag obair as lámh a chéile chun seirbhísí ardchaighdeáin a thabhairt do shaoránaigh agus chustaiméirí araon.

Le linn na bliana atá caite agam i mbun seirbhíse, tá mé tar éis níos mó eolais a chur ar an ról fíormhór atá acu siúd atá ag obair san Earnáil Pobail agus Dheonach. Cuireann an iarracht dheonach sin go mór le cáilíocht beatha daoine aonar, pobal agus le creatlach an chontae. Buaicphointe de mo chuid oibre i rith 2014 ab ea cuairt a thabhairt ar na scoileanna éagsúla agus bualadh le grúpaí pobail éagsúla ar fud Thiobraid Árann agus feiceáil dom féin an éiteas láidir saorálaí atá soiléir ar fud an chontae.

Tuilleann an Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2014 éachtaí agus gníomhartha na Comhairle Contae maidir lenár gcontae a fhorbairt agus a chur chun cinn.

**I measc buaicphointí pearsanta eile le linn na bliana bhí:**

- Oscailt Iárionad Moorehaven i mBaile Thiobraid Arann
- Freastal ar raon d'fhéilte ardchaighdeáin ar thug an Chomhairle tacaíocht dóibh i dteannta le comhpháirtithe éagsúla, ba iad sin ná, Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas, Féile Ealaíon Chaisil, Féile Mhórtas Thiobraid Árann, Féile Chluain Meala gan ach beagán a lua.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach an tUas. Joe McGrath, agus leis na baill foirne go léir i gComhairle Contae Thiobraid Árann, a oibríonn amuigh faoin spéir agus istigh faoi dhíon araon, as a gcuid seirbhíse poiblí, díograiseachta agus gealltanais do shaoránaigh Thiobraid Árann i rith 2014. Is eiseamláirí de sheirbhísí phoiblí iad agus iad ag déanamh i bhfad níos mó ná mar a iarrtar orthu go minic

Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid comh-comhairleoirí as a gcuid oibre crua, díograiseachta agus a ngealltanas do Thiobraid Árann i rith 2014, go háirithe iarrachtaí móra na gComhairleoirí go léir agus iad ag obair mar "Tiobraid Árann Le Chéile"

**An Cmhlr Michael FitzGerald**
Cathaoirleach

# Réamhfhocal - Príomhfheidhmeannach

**Tá áthas orm, in éineacht leis an gCathaoirleach, an chéad Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann a chur i láthair ina dtugtar léargas ar obair agus éachtaí na Comhairle le linn na bliana inar bunaíodh muid.**



Chonachtas go leor athruithe i gcaitheamh na bliana seo caite agus ceiliúradh cloch míle nua i stair an Rialtais Áitiúil le bunú comhairle aontaithe nua mar atá Comhairle Contae Thiobraid Árann

I Meitheamh 2014, tugadh feidhm d'aontú Chomhairlí Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, lenar áiríodh Comhairlí Buirge/Baile Chluain Meala, Charraig na Siúire, Chaisil, an Aonaigh, an Teampaill Mhóir, Thiobraid Árann agus an Comhchoiste Leabharlainne, tar éis na dToghchán Rialtais Áitiúil. Chun an próiseas cumaisc a chur i gcrích ba ghá atheagrú mór a dhéanamh ar bhaill foirne agus struchtúir comhairle baile agus buirge agus mar thoradh ar na leasuithe ar rialtas áitiúil a rinneadh ag an am céanna, tháinig laghdú mór ar líon na gcomhaltaí tofa sa chontae.

Neartaíodh go mór ról Chomhairle Contae Thiobraid Árann san fhorbairt eacnamaíochta agus fiontraíochta i 2014 nuair a bunaíodh an Oifig Fiontraíochta Áitiúil chomh maith le Coiste Beartais Straitéisigh d'fhorbairt eacnamaíochta. Leis an gCoiste um Forbairt Pobail Áitiúil (CFPA) ar coiste nua é feicfear cur chuige níos straitéisí, níos spriocdhírithe agus níos comhtháite i dtreo tacaí áitiúla agus pobail agus beidh forbairt áitiúil agus pobail ar fud an chontae níos comhtháite.

Ní fhéadfadh Comhairle Contae Thiobraid Árann seirbhísí ar leibhéal chomh hard a chur ar fáil do mhuintir Chontae Thiobraid Árann murach gealltanas leantach na mball foirne i ngach rannóg den Chomhairle. Mar gheall ar sholúbthacht, obair foirne agus ar bhfís um "Thiobraid Árann Le Chéile" rinneadh cinnte go raibh an tionchar acmhainní laghdaithe chomh beag agus ab fhéidir. Le forbairt deasc nua um sheirbhís do chustaiméirí i gCluain Meala agus san Aonach chonacthas cur chuige nua i dtreo sholáthar seirbhíse don chomhairle aontaithe, ina bhfuil baill foirne a bhfuil taithí acu ar fail ag "tús na hoifige" chun cabhrú le custaiméirí ar an nguthán nó i bpearsa.

**Bhí go leor buaicphointí againn le linn na bliana a raibh ina measc;**


- Bronnadh "Comhairle na Bliana" ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann i nGradaim Chumann Chomhalta na nÚdarás Áitiúil (LAMA) .
- Aithníodh Seirbhís Dóiteain agus Tarrthála Thiobraid Árann ag Gradaim Sábháilteachta Náisiúnta 2014 don tSeirbhís Phoiblí is Fearr;
- Rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann, agus muid ag obair lenár gcomhpháirtithe i Tipperary Energy Agency, an tionscadal is mó in Éirinn um phainéil ghréine fótavoltacha agus 800 painéal gréine curtha isteach i naoi bhfoirgneamh poiblí ar fud an chontae;
- Cuireadh tús leis an uasghrádú ar Scéim Fhiodh Ard agus na Cúirte Dóite um Sholáthar Uisce Réigiúnach agus críochnaíodh an chéim líonra de Scéim Dhurlas um Sholáthar Uisce Réigiúnach
- Críochnaíodh ionad ildisciplíneach um Fhiontraíocht, Thaighde agus Forbairt, a tugadh Questum air i gcomhpháirt leis an LIT i mBaile an Gharráin, Cluain Meala;
- Fuarthas an láithreán ina raibh Dún Chiceam i gCluain Meala le forbairt mar cheathrú oideachais, cultúir agus cathrach;
- Críochnú/uasghrádú dhá pháirc baile nua san Aonach agus i gCluain Meala agus tosú páirc baile nua i nDurlas;
- Cuireadh pleananna ar aghaidh le haghaidh oifigí ceantair cathrach nua i gCarraig na Siúire agus i nDurlas;
- Cistiú Taistil Chliste de €1.9m d'fhorbairt Glasbhealaigh ar an gcosán tarraingthe ó Chluain Meala go Carraig na Siúire agus forbairt lána rothaíochta i gCluain Meala agus i nDurlas;
- Bunaíodh cuideachta nua, Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann agus rinneadh Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla agus Cuideachtaí Cúram Leanaí a chumasc
- Fuarthas cistiú spreagtha de €2m do Threochlár Turasóireachta Loch Deirge
- Seoladh seirbhís ríomhleabhair Leabharlainne;

Tugann na Comhaltaí Tofa cead cainte agus ceannaireacht chathrach do mhuintir Thiobraid Árann maidir leis na hábhair atá tábhachtach dóibh agus leanann siad ar aghaidh ag obair chun cuspóir comhroinnte a bhaint amach mar "Aon Chontae amháin, Aon Chomhairle amháin agus Aon Fhoireann Amháin" chun dul chun cinn a dhéanamh ar fud an chontae. Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach, leis an gComhairleoir Michael Fitzgerald agus leis na Comhaltaí Tofa go léir as a gcuid oibre agus tacaíochta ar fud na tíre


Gabhaim buíochas ó chroí freisin lenár gcuid ball foirne go léir as a ngealltanas, a bhfuinneamh agus a ndíograiseacht agus an Chomhairle á tabhairt go dtí an pointe seo agus as cinntiú go leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag freastal ar mhuintir agus phobail an Chontae trí sheirbhísí riachtanacha a chur ar fáil.

**Joe MacGrath,**
Príomhfheidhmeannach

# Comhaltaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann




## COMHALTAÍ




**Kieran Bourke**
Neamhpháirtí
Baile Risteird
Bóthar na Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid Árann
086 8049772
kieran.bourke@ tipperarycoco.ie



**David Dunne**
Sinn Féin
42 Cregg Lawns
Carraig na Siúire
Co Thiobraid Árann
086 3476317
david.dunne@ tipperarycoco.ie



**John Fahey**
Fine Gael
Baile an Ghraeigh
Coill an Ail
Co Thiobraid Árann
086 3573524
john.fahey@ tipperarycoco.ie



**Imelda Goldsboro**
Fianna Fáil
An Chlais Dhubh
Glaise an Ghuail
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 2444819
imelda.goldsboro@ tipperarycoco.ie



**Louise McLoughlin**
Fine Gael
An Garrán
Baile an Iúir
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 7829711
louise.mcloughlin@ tipperarycoco.ie



**Eddie O Meara**
Neamhpháirtí
Baile Uí Dhónaill
Muileann na hUamhan, Durlas
Co. Thiobraid Árann
087 9243823
eddie.omeara@ tipperarycoco.ie






## COMHALTAÍ




**Martin Browne**
Sinn Féin
122 Corrán Ghort an Spá
Caiseal
Co Thiobraid Árann
087 4197578
martin.browne@ tipperarycoco.ie



**John Crosse**
Fine Gael
Crois Dhún
Eochaille
Dún Eochaille
Co Thiobraid Árann
087 9165851
john.crosse@ tipperarycoco.ie




**Michael FitzGerald**
Fine Gael
Teach Ráth Cloichín,
An Gabhailín
Co. Thiobraid Árann
087 2292126
michael.fitzgerald@ tipperaryccoco.ie




**Mary H.Hourigan**
Fine Gael
Teach Parkview
Bóthar Thiobraid Árann
An Cheapach
Co Thiobraid Árann
085 8150689
Mary.hanna@ tipperarycoco.ie




**Roger Kennedy**
Fianna Fáil
Camas
An Caiseal
Co Thiobraid Árann
086 8161058
roger.kennedy@ tipperarycoco.ie



**Denis Leahy**
Neamhpháirtí
4 Sráid an Dáibhísigh
Baile Thiobraid Árann
087 6796704
denis.leahy@ tipperarycoco.ie




**Tom Wood**
Neamhpháirtí
27 An Phríomhshráid
Caiseal
Co. Thiobraid Árann
087 9746545
tom.wood@ tipperarycoco.ie




## COMHALTAÍ




**Siobhan Ambrose**
Fianna Fáil
Dun Mhuire
Melview
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann
086 3850242
siobhan.ambrose@
tipperarycoco.ie



**Michel Anglim**
Fianna Fáil
Baile an Locháin
Ard Fhíonáin
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
086 0251277
michael.anglim@
tipperarycoco.ie



**Catherine Carey**
Sinn Fein
Bóthar na Sléibhe
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
085 1012059
catherine.carey@
tipperarycoco.ie



**Pat English**
WUA
Churchview
Ráth Rónáin
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
087 6784746
pat.english@
tipperarycoco.ie




**Martin Lonergan**
Neamhpháirtí
An Currach
Droichead na nGabhar
Ard Fhíonáin
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
087 6497083
martin.lonergan@
tipperarycoco.ie



**Richie Molloy**
Neamhpháirtí
6 Heywood Drive
Ardgaoithe
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
086 1967482
richie.molloy@
tipperarycoco.ie



**Andy Moloney**
Neamhpháirtí
Cnocán an Chleite
Poulmucka
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
086 3609110
andy.moloney@
tipperarycoco.ie



**Marie Murphy**
Fine Gael
Coill Bhaile Uí Bhuí
An Chloichín
Co Thiobraid Árann
086 8261387
marie.murphy@
tipperarycoco.ie



**Michael Murphy**
Fine Gael
Orpen,
30 The Paddocks
Bóthar Fhiodh Ard
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
087 3226699
michael.murphy@
tipperarycoco.ie







## COMHALTAÍ



**Fiona Bonfield**
Páirtí an Lucht
Oibre
87 Mulcair View
An Port Nua
Co Thiobraid Árann
086 1670863
fiona.bonfield@
tipperarycoco.ie



**An Dr. Phyl Bugler**
Fine Gael
Inse Dhraighneach
Béal an Átha
Co Thiobraid Árann
087 2807655
phyll.bugler@
tipperarycoco.ie



**John Carroll**
Fianna Fáil
Teach Chill
Cholmáin
An tAonach
Co Thiobraid Árann
086 8041893
john.carroll@
tipperarycoco.ie



**Gerard Darcy**
Fine Gael
Clais an tSiáin
Ard Cróine
An tAonach
Co Thiobraid Árann
086 2752838
gerard.darcy@
tipperarycoco.ie



**Joe Hannigan**
Neamhpháirtí
Coill Bharrainn
An Chúil Bhán
An tAonach
Co Thiobraid Árann
087 2566157
joe.hannigan@
tipperarycoco.ie




**Hughie McGrath**
Neamhpháirtí
19 Brooklands
Drive
An tAonach
Co Thiobraid Árann
087 2559323
hughie.mcgrath@
tipperarycoco.ie



**Seamus Morris**
Sinn Féin
Ráth na Lín
An tAonach
Co Thiobraid Árann
087 2859125
seamus.morris@
tipperarycoco.ie



**Michael O Meara**
Neamhpháirtí
Lios Earnáin
Ráth Cabáin
Ros Cré
Co Thiobraid Árann
086 8379300
michael.omeara@
tipperarycoco.ie



**Mattie Ryan (Coole)**
Fianna Fáil
Coolecarra
Cill Chomáin
Durlas
Co Thiobraid Árann
086 8038652
mattie.ryan@
tipperarycoco.ie




## COMHALTAÍ



**Joe Bourke**
Fine Gael
Cluain Mór
An Teampall Mór
Co Thiobraid Árann
086 8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie



**Jackie Cahill**
Fianna Fáil
Cill Fhíonáin
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 2820663
jackie.cahill@tipperarycoco.ie



**David Doran**
Sinn Fein
An Garrán Rua
Durlas
Co Thiobraid Árann
086 8901599
david.doran@tipperarycoco.ie




**Seamus Hanafin**
Fianna Fáil
Cluain Gabhra
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 2614000
seamus.hanafin@tipperarycoco.ie




**John Hogan**
Fianna Fáil
An Mhaighean
Durlas
Co Thiobraid Árann
086 2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie



**Willie Kennedy**
Neamhpháirtí
Glas Deargáin
Buiris O Luigheach
Durlas
Co Thiobraid Árann
087 0517487
willie.kennedy@tipperarycoco.ie



**Michel Lowry**
Neamhpháirtí
An Ráithín
Mainistir na Croiche
Co Thiobraid Árann
087 2897585
michael.lowry@tipperarycoco.ie



**Jim Ryan**
Neamhpháirtí
Bóthar an Mhuilinn
Durlas
Co Thiobraid Árann
086 2397376
jim.ryan@tipperarycoco.ie



**Michael Smith**
Fianna Fáil
An Bheitheach Ghlas
Ros Cré
Co Thiobraid Árann
086 8525634
michael.smith@tipperarycoco.ie



# An Fhoireann Bainistíochta Shinsearach



**Stiúrthóir Seirbhísí**
Ms. Sinead Carr
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Pobal & Forbairt Eacnamaíochta
**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
Cluain Meala
**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala



**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tUas. Sean Keating
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Cur i bhFeidhm agus Comhordú Cumaisc
Bainistiú Athraithe
**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala



**Stiúrthóir Seirbhísí** An tUas. Karl Cashen
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Pleanáil, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála & Leabharlanna
**Stiúrthóireacht**
An tAonach



**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tUas. Liam McCarthy
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Córais Airgeadais agus Faisnéise
**Stiúrthóireacht**
An tAonach



**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tUas. Clare Curley
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Tithíocht
**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
Caiseal/Tiobraid Árann
**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala



**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tUas Marcus O'Connor
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Bóithre, Sláinte agus Sábhailteacht
**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
An tAonach
**Stiúrthóireacht**
An tAonach



**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tUas. Matt Shortt
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Seirbhísí Uisce agus Comhshaol
**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
An Teampall Mór/Tiobraid Árann
**Stiúrthóireacht**
Clonmel



**Stiúrthóir Seirbhísí**
An tUas Pat Slattery
**Feidhmeanna Stiúrthóireachta**
Cúrsaí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna
**Ceantar Bardasach Tarmligthe**
Carraig na Siúire
**Stiúrthóireacht**
Cluain Meala



# CÚLRA THIOBRAID ÁRANN

- Próiseas Cumaisc Thiobraid Árann
- Cúlra an Chumaisc

Is é Tiobraid Árann an séú ceann is mó as na 32 chontae de réir achair agus an t-aonú contae déag is mó de réir daonra agus é ag clúdach ceantar geografach de: 4,282 sq km le daonra de 158,754 (daonáireamh 2011).

Tá an réigiún ina chuid de mhachaire láir na hÉireann agus trasnaíonn príomhbhealaí artaireacha mar an M7, M8, N24 é chomh maith le línte traenach ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus Luimneach agus Port Láirge go Luimneach.

Tá mian fhíorshoiléir ag Comhairle Contae Thiobraid Árann is é sin ná ní hamháin cáilíocht a cuid seirbhísí a choimeád ach í a fheabhsú. Beidh mianta againn dár gcontae agus tacóimid le timpeallacht a cheadóidh tuilleadh infheistíochta agus níos mó post ardchaighdeáin do mhuintir na háite.

# Próiseas Cumaisc Thiobraid Árann



**Tá go leor tagairtí sa tuarascáil bhliantúil do chumasc stairiúil údarás áitiúil go léir Thiobraid Árann go Comhairle Contae Thiobraid Árann aontaithe le linn 2014. San alt seo pléiter cuid de na nithe praiticiúla a chuir leis an gcumasc chomh maith le roinnt dúshlán nach mór aird a thabhairt orthu sna míonna agus sna blianta amach romhainn.**

**Ba é Grúpa Forfheidhmithe um Atheagrú Thiobraid Árann (GFATÁ) a d'ullmhaigh an plean forfheidhmithe don chumasc agus ghlac an tAire a bhfuil freagracht orthu as rialtas áitiúil leis i mí Iúil 2012.**



**SEÁN KEATING**
**Stiúrthóir agus Comhordaitheoir Cumaisc**

*"Ba mhór an dúshlán a bhí i gceist le seachadadh seirbhíse a choimeád agus na spriocanna cumaisc a bhaint amach ag an am céanna agus chuir sé brú oibre breise ar go leor ball foirne. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na baill foirne go léir as an tsáriarracht sin."*

**Sa phlean leagadh amach roinnt céimeanna ar an mbealach chuig cumasc :**

I **Céim 1 (R3 2012 - Q2 2013)** bunaíodh na struchtúir a bhí riachtanach chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcumasc, tugadh oiliúint i mbainistíocht athraithe, ullmhaíodh plean um bainistíocht riosca agus pleananna fórsa saothair agus glacadh na céimeanna luatha chun comhchuibhiú a dhéanamh ar fheidhmchláir TF agus ghnó agus ar chórais agus nósanna imeachta eile.

I **Céim 2 (R3 2013 - R1 2014)** díríodh ar thorthaí chéim 1 a chur ar aghaidh agus bogadh ar aghaidh go freagrachtái traschontae ar leibhéal bainisteora agus stiúrthóra mar chéim eatramhach i dtreo comhtháite iomláin.

Críochnaíodh **Céim 3** le cumasc foirmiúil dlí, riaracháin agus airgeadais i mí Meithimh 2014. Chuaigh baill foirne i mbun a gcuid ról nua, dúnadh oifigí comhairle chun díscaoileadh comhairlí baile a thógáil san áireamh agus aistríodh ó naoi dtoghcheantar go cúig thoghcheantar, bunaíodh na deasca um sheirbhís do chustaiméirí agus rinneadh na socruithe go léir do na toghcháin áitiúla don Chomhairle Contae Thiobraid Árann nua a bhfuil ceathracha suíochán ann.

Críochnaíodh an cumasc in am agus laistigh den bhuiséad gan dul i bhfeidhm go mór ar sheirbhísí do chustaiméirí agus gan ghá oifigí poiblí a dhúnadh gan choinne.

Ba iad obair chrua agus gealltanas na mball foirne ar fud an chontae a chinntigh an toradh seo. Ba mhór an dúshlán a bhí i gceist le seachadadh seirbhíse a choimeád agus na spriocanna cumaisc á mbaint amach ag an am céanna agus cuireadh brú oibre breise ar go leor ball foirne ar fud na heagraíochta. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na ball foirne go léir as an tsáriarracht sin.

Táimid i mbun **Céim 4** faoi láthair– an chéim comdhlúthaithe ina bhfuil aird á tabhairt ar raidhse saincheisteanna nárbh fhéidir a thabhairt chun críche roimh Mheitheamh 2014 agus ina bhfuiltear ag díriú ar chomhtháthú eagraíochta.

Ó mhí Meithimh ar aghaidh, tá na struchtúir dúiche – idir struchtúir pholaitíochta agus eagrúcháin – curtha i bhfeidhm agus táthar fós á mbeachtú. Críochnaíodh an próiseas casta buiseadáithe le haghaidh 2015 – lenar áiríodh cinntí faoin gcáin réadmhaoine áitiúil, faoin leithdháileadh cathrach ginearalta, faoin luacháil inrátáilte bliantúil ar fud an chontae agus faoi ghlacadh buiséad cothrom. Tá buíochas ag dul do na comhairleoirí agus don fheidhmeannacht as an gcur chuige comhoibritheach a cheadaigh an toradh sin.

Beidh rath an chumaisc san fhadtéarma, áfach, ag brath ar an leibhéal comhdhlúthaithe agus comhtháite a tharlóidh thar an mbliain atá romhainn. Tá roinnt gnéithe ag baint leis, a bhfuil aird á tabhairt orthu go léir faoi láthair.

Is é an chéad cheann ná fís don chomhairle aontaithe, rud éigin a fhéadann cabhrú le baill foirne agus comhairleoirí a thógáil le chéile chun sraith spriocanna coitianta do Thiobraid Arann a bhaint amach Is í an mheicníocht ná an Plean Corparáideach nua atá sa chéim dréachtaithe agus muid ag druidim i dtreo dheireadh 2014. Nuair a bheidh sé tugtha chun críche tar éis tréimhse de chomhairliúchán poiblí, cuirfear an fhís in iúl go forleathan ar fud na heagraíochta chun cinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ann ar ról gach aonad seirbhíse.

Rud eile a bhfuil an tábhacht chéanna ag baint leis ná an gá le tús a chur le cultúr nua a chruthú don eagraíocht – cultúr a fhéadann léiriú a thabhairt ar "an mbealach a dhéanaimid gnó anseo". Ba cheart go mbeadh an cultúr nua difriúil le cultúr na deich n-eagraíochta a bhfuil an chomhairle nua déanta suas díobh, ní chiallaíonn sé sin gur gá dúinn tosú as an nua; seachas sin, ba cheart dúinn na gnéithe cultúrtha sin atá dearfach a ghlacadh agus oibriú chun fáil réidh leo siúd a d'fhéadfadh a bheith fritorthúil.

Bunaíodh meitheal oibre beag chun bheith i gceannas ar an bpróiseas sin. Beidh siad treoraithe ag ionchur ó bhaill foirne agus chomhairleoirí agus ina theannta sin ag toradh phróiseas athbhreithnithe an chumaisc atá á dhéanamh ag an bhForas Riaracháin. Léiríonn an t-iarratas ar an IPA an cleachtadh sin a dhéanamh ag an bpointe seo go bhfuil lucht bainistíochta na comhairle geallta chun foghlaim ó atbhreithniú neamhspleách ar an bpróiseas cumaisc anuas go dtí seo agus ón taithí ar fud an domhain ar chumaisc maidir le conas is fearr dul ar aghaidh ag an gcéim ríthábhachtach seo sa chomhdhlúthú.

Cuimseofar na ceachtanna a fhoghlaimeofar i bplean oibre um chomhdhlúthú a threoróidh gníomhaíochtaí an mheitheal oibre. Arís eile, beidh comhoibriú ball foirne agus comhaltaí na foirne riachtanach chun go n-éireodh leis agus – ar bhunús na taithí a bhí againn go dtí seo - níl aon amhras ach go dtabharfar é sin.

# Cúlra an Chumaisc



An Cruinniú Deireanach de Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh



Cruinniú Deireanach de Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas




An Chéad Chruinniú de Chomhairle Contae Thiobraid Árann i Mainistir na Croiche - 6 Meitheamh 2014



Céad Chathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, an Comhairleoir Michael Fitzgerald leis an gcéad Phríomhfheidhmeannach, an tUas. Joe McGrath - 6 Meitheamh 2014

Comhairle Contae Thiobraid Árann
North Tipperary Coun
NENAGH
TEMPLEMORE - THURLES
2013
COMHAIRLÍ CONTAE THIOBRAID ÁRANN THUAIDH AGUS THEAS
CUMASC MEITHEAMH 2014
Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council
2015
AISEAL - TIOBRAID ÁRANN
CARRAIG NA SIÚIRE
CLUAIN MEALA-CATHAIR DÚIN IASCAIGH



Comhairle Baile an Aonaigh



Comhairle Baile Dhurlas



Ceantar Bardasach an Aonaigh



Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir/Dhurlas



Comhairle Baile Thiobraid Árann



Comhairle Baile Chaisil



Ceantar Bardasach Chaisil/Thiobraid Árann



Ceantar Bardasach Charraig na Siúire



Comhairle Buirge Chluain Meala



Comhairle Baile Charraig na Siúire



Ceantar Buirge Chluain Meala




# GEILLEAGAR LÁIDIR

- Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht
- Bóithre, Iompar & Sábháilteacht
- Pleanáil & Forbairt
- Turasóireacht

Tá ról lárnach ag Comhairle Contae Thiobraid Árann ó thaobh ceannaireacht láidir a thabhairt do chontae Thiobraid Arann.

Tá geilleagar éagsúil ag an gContae a chuimsíonn mol leighis-chógaisíochta láidir sa tuaisceart, déantúsaíocht agus a thionscal póraithe capall a bhfuil clú agus cáil air. Tá an talamh mín den chéad scoth ina thimpeallacht fhoirfe um tháirgeadh bia agus le haghaidh clú méadaithe i ndáil le bia ceardaí. Tá ról mór ag an turasóireacht freisin agus críochchomharthaí cáiliúla sa chontae mar Loch Deirgeirt, Caisleán na Cathrach agus Swiss Cottage.

# Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht




## Forbairt Eacnamaíochta & Turasóireacht

Neartaíodh go mór ról Chomhairle Contae Thiobraid Árann san fhorbairt eacnamaíochta agus fiontraíochta i 2014 nuair a bunaíodh an Oifig um Fhiontraíocht Áitiúil chomh maith leis an gCoiste Beartais Straitéisigh um Forbairt Eacnamaíochta. Mar thoradh air sin tá i bhfad níos mó tacaí agus seirbhísí ar fáil d'fhiontair agus ghnóthais anois agus tá maoirseacht agus tuiscint níos fearr ag an rialtas áitiúil ar an earnáil sin.

Local Enterprise Office

Ó seoladh go hoifigiúil Oifig um Fhiontraíocht Áitiúil Thiobraid Árann ar an 30 Meitheamh 2014, tá dul chun cinn mór déanta. Céim mhór i dtreo tacaíocht a chur ar fáil do chruthú post i dTiobraid Árann ab ea bunú na hOiifige um Fhiontraíocht Áitiúil san Údarás Áitiúil.

*Tá Oifig um Fhiontraíocht Áitiúil Thiobraid Árann maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 2014-2020.*



Ag seoladh an OFA i dTeach Bhaile an Gharráin, Cluain Meala tá C-D Tom Hayes TD, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach, John Perry TD, Michael Fitzgerald Cathaoirleach, Cúl – Martin Lonergan MCC (Méara Chluain Meala), Rita Guinan Ceann Fiontraíochta, Seamus Healy TD, Jerry Moloney Bainisteoir Réigiúnach Fiontraíocht Éireann

Oibríonn na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla le roinnt príomhghníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais, lena n-áirítear an Roinn Airgeadais & an Roinn Cumarsáide chun réimse seirbhísí nua a sheachadhadh a fheabhsaíonn iomaíochas, inbhuanaitheacht, forbairt agus fás SMEnna Éireannacha.

## Tacaí Deontais do Ghnó

Tá ceanncheathrú ag an OFÁ i gCluain Meala agus áiseanna oifige aige san Aonach. Oibríonn sé clinicí for-rochtana in ionaid éagsúla ar fud an Chontae de réir mar a theastaíonn. Cabhraíonn Coiste Measúnaithe agus Ceaduithe leis an Oifig Fiontraíochta Áitiúil; bhí cúig chruinniú ag an gCoiste sin roimh dheireadh na bliana. Phróiseáil an LEO 45 hiarratas ar chúnamh deontais agus d'fhaomh sí cúnamh deontais do 35 fhiontar, arbh fiontair nua iad 15 díobh. Tugadh faomhadh do chúnamh deontais ar luach iomlán de €687,197 a dhéanfaidh giaráil ar infheistíocht sa bhreis ar €2.4m i dTiobraid Árann. De thoradh Suirbhé ar 266 cliant OFÁ roimh dheireadh na bliana, tarraingíodh alrd ar ghlanghnóthachan i leibhéil fostaíochta de 148 coibhéiseach lánaimseartha (104 fear agus 24 bean i bpoist lánaimseartha agus 14 fhear agus 26 bhean i bpoist pháirtaimseartha).

Faoin mBeart Fiontraíochta agus Cumais thacaigh an Oifig Fiontair Áitiúil le 698 duine a bhain leas as oiliúint, seimeanáir fhorbartha bainistíochta agus tacaí boga eile. Ina theannta sin ghlac beagnach 500 dalta páirt i dtionscnaimh um Fiontraíocht ar Scoil. D'eagair an OFÁ roinnt tionscnamh um feasacht faoi fhiontraíocht agus ghlac sí páirt iontu a raibh ina measc 'Who to Talk To' a reáchtáladh i LIT Dhurlas i Meán Fómhair, imeachtaí eolais i Mianach an Lisín, Cloch Shiurdáin srl.



Ag an imeacht Who To Talk To a reáchtáladh i gCampas LIT Dhurlas i Meán Fómhair bhí C-D Rita Guinan Ceann Fiontraíochta, Joe MacGrath Príomhfheidhmeannach, Donal Mullane Bainisteoir Réigiúnach Teagasc, Michael Fitzgerald Cathaoirleach, an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil Alan Kelly TD, Sean O'Driscoll Cathaoirleach agus POF Glen Dimplex Group agus Niall Morrissey POF Cuideachta Forbartha Áitiúla Thiobraid Árann Theas Teoranta.

## An tAonad um Thionscadail Straitéiseacha

Bunaíodh Aonad um Thionscadail Straitéiseacha (ATS) sa Stiúrthóireacht Pobail & Forbartha Eacnamaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2014. Is iad baill foirne an Aonaid ná iarbhaill foirne ó Údaráis Réigiúnacha an Oirdheiscirt agus an Mheán-Iarthair a bhí ar fáil mar thoradh ar an leasú ar struchtúir rialtais réigiúnacha na hÉireann. Aistríodh roinnt tionscadal páirtchistithe a raibh na hÚdaráis Réigiúnacha ag glacadh páirte iontu chuig Comhairle Contae Thiobraid Árann (CCTÁ) chun a gcur i bhfeidhm a chríochnú.

### Ról agus feidhmeanna an ATS

- An phunann tionscadal a aistríodh ó na hÚdaráis Réigiúnacha a chríochnú;
- Glaonna um Thairiscintí a bheadh ábhartha do CCTÁ a aimsiú agus a aithint;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na rannóga éagsúla de CCTÁ chun réimsí a aithint a bheadh oiriúnach le cur san áireamh i nGlaonna um Thairiscintí
- Oibriú thar ceann CCTÁ chun feidhmeanna tionscadail a fhorbairt agus a shaothrú le gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha, m.sh. Gníomhaireachtaí Fuinnimh, Institiúidí Teicneolaíochta, Teagasc, Oifigí Fiontair Áitiúla, Fáilte Ireland, Cumainn, srl.
- Comhordú a dhéanamh ar ullmhú, cur isteach agus bainistiú tairiscintí tionscadail do chistiú AE agus Státchiste;
- Bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail amach anseo, including lena n-áirítear gníomhaíochtaí conraitheoireachta agus gníomhaíochtaí thuairisciú airgeadais agus iniúchóireachta;
- Comhaltaí agus baill foirne a chur ar an eolas agus oideachas a thabhairt dóibh faoi chúrsaí thionscadail AE.





Máistir-Rang ar na Meáin Sóisailta a reáchtáladh le Líonra Táirgeoirí Bia Thiobraid Árann i Mí na Samhna 2014 mar chuid de Thionscadal 'ACT' páirtchistithe INTERREG na hÉireann-na Breataine Bige (Sheevaun Thompson, ATS agus Mairead-English Maher, OFÁ i láthair).

## Fiontraithe Óga:

Le tacaíocht ón OFÁ, d'éirigh thar barr le Tiobraid Árann sa chéad chomórtas 'An Fiontróir Is Fearr in Éirinn". As 28 iontráil, ghlac 13 duine páirt sa Ghrodchúrsa agus chuaigh 12 chomhlacht san iomaíocht don chiste duaise de €50,000. Ghnóthaigh an Fiontróir Bia, Philip Martin atá ag bunú na chéad monarchan tortilla arbhair in Éirinn i gCluain Meala an 'Smaoineamh Nua is Fearr' ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta don Fhiontróir Óg is Fearr in Éirinn agus bhuaigh sé ciste infheistíochta €20,000 dá ghnó chomh maith le €10,000 a bhuaigh sé ar leibhéal Contae tríd an Oifig Fiontair Áitiúil. Bhuaigh an Fiontróir as an Aonach Tom Ryan ó Adsmart an craobhchomórtas Réigiúnach den chatagóir "Gnó Bunaithe" agus ghnóthaigh sé infheistíocht €20,000 dá Chuideachta. Ar an iomlán d'eirigh leis a gContae airgead duaise de €70,000 a bhaint amach chomh maith le €22,650 eile chun meantóireacht, oiliúint agus cur chun cinn a chlúdach d'fhiontraithe óga. Bhí an comórtas ar fud na tíre a raibh tacaíocht aige ón Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014.



Ag an gcraobhchomórtas Contae den Chomórtas IBYE ag Óstán Anner bhí C-D Rita Guinan, Michael FitzGerald Cathaoirleach, Tom Ryan AdSmart, Buaiteoir sa Chatagóir Gnó Bunaithe, Sinead Carr Stiúrthóir Pobal agus Forbairt Eacnamaíochta Jim Ryan, Breitheamh.

## Tacaíocht do Mhiondíol:

Roimh dheireadh na bliana, bhain deich mbaile leas as an gClár Tacaíochta Miondíola de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann. Is é an Clár Tacaíochta Miondíola an chéad chéim i gcur i bhfeidhm sraithe de thacaí ag Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann faoin "Tionscnamh Lár Baile". Díriodh pacáiste tacaí ar Chumainn Tráchtála, Chomhlachais Ghnó agus Ghrúpaí Pobail agus ba é a bhí i gceist leis ná raon beart chun cabhrú le hinmharthanacht tráchtála gnóthas miondíola a choimeád agus le poist nua agus reatha in earnáil mhiondíola an Chontae a chosaint. Ina theannta sin, sholáthair an Oifig Fiontair Áitiúil oiliúint, meantóireacht, forbairt bainistíochta, breisoiliúint sna meáin sóisialta, réitigh ríomhtráchtála agus Dearbháin do Thrádáil Ar Líne , GIBO (Getting Irish Business On Line) agus tacaí eile do ghnóthais nach bhfuil ar líne, scéimeanna teachtaireachtaí téacs nó scéimeanna eile chun custaimeirí nua a tharraingt agus custaiméirí reatha a choimeád agus chun caitheamh méadaithe a spreagadh i mbailte agus i sráidbhailte Thiobraid Árann.

Ó Mheán Fómhair na bliana seo caite ar aghaidh, tá an Oifig Fiontair Áitiúil ag tabhairt amach Dearbhán um Thrádáil Ar Líne a thugann deontas de suas go €2,500 do láithreáin ghréasáin ríomhtráchtála. Cabhróidh an scéim seo le gnóthais bheaga a gcuid díolachán, onnmhairí agus post a mhéadú. Bronnadh €50,000 ar an LEO chun an scéim nua a chur i bhfeidhm.

## Iasachtaí Gnó

Faoi shocrú comhpháirtíochta idir Microfinance Ireland agus na hOifigí Fiontair Áitiúla, tá iasachtaí gnó neamhurraithe ar fáil anois ag méideanna idir €2,000 agus €25,000 thar théarma 3 go 5 bliana ag Ráta Úis laghdaithe de 7.5% (APR 7.8% ) le haghaidh chliaint OFÁ agus téarmaí aisíocaíochta solúbtha ar fáil. Is é Microfinance Ireland a sholathraíonn agus a fhrithgheallann na hiasachtaí agus is féidir iarratas a dhéanamh tríd an OFÁ agus déanfar measúnú air go háitiúil. Ba é an Rialtas a bhunaigh Microfinance Ireland chun iasachtaí breise a sholáthar do mhicreafhiontair nua agus reatha.



Ag Craobhchomórtas Treabhdóireachta 2014 i bpuball cistithe an OFÁ: Ann Marie Walshe, Tipperary Kitchen leis an Aire um Poist, Fiontair & Nuálaíocht, Richard Bruton TD.

## Aonad Sonraí Contae Thiobraid Árann

Cur chuige idirghníomhaireachta fós a ghlactar i dtreo bailiú sonraí agus staitisticí contae agus anailís a dhéanamh orthu agus tugann sé an deis cinntí níos fearr a dhéanamh agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil. Tá forbairt Aonad Sonraí Contae Thiobraid Árann críochnaithe anois agus tá an leabharlann mhór eolais ar fáil - www.tipperaryinfo.ie Tugann an feidhmchlár rochtain ar fhaisnéis, shonraí, léarscáileanna agus staitisticí le haghaidh Chontae Thiobraid Árann atá tráthúil agus ábhartha. Baineadh úsáid fhairsing as an áis seo sna réimsí forbairt eacnamaíochta, forbairt pobail agus cuimsiú sóisialta i rith 2014.

Mar aitheantas don choincheap nuálaíoch agus úrnua tábhachtach sin d'Éirinn cuireadh Aonad Sonraí Contae Thiobraid Árann ar ghearrliosta don Rannóg Gradam Nuálaíochta sna Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2014.



Na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2014

*"Tá iasachtaí do ghnóthais de mhéideanna idir €2,000 suas go €25,000 ar fáil anois thar théarma 3 go 5 bliana ag Ráta Úis laghdaithe de 7.5% (7.8% APR)*

## An Tionscnamh um Forbairt an Moil Digitigh

Ceann de bhuanna féideartha an Chontae ná réimse na gcluichí digiteacha agus na n-ilmheán cruthaitheach agus an deis mol digiteach láidir a fhorbairt ar an dromchla idir Durlas agus Cluain Meala. Bíonn féile Cluichí an-ghníomhach ag Durlas faoi láthair agus tá tús curtha le hobair chun é sin a nascadh le mol ilmheán cruthaitheach i gCluain Meala. Forbraíodh comhpháirtíocht idir Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhlachas Chluain Meala, agus LIT Thiobraid Árann arb í an aidhm atá i gceist léi ná díriú go straitéiseach ar fheabhas sa dearadh sa chontae a bhfuil tarraingt áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta aige. Fuarthas cistiú de €10,000 ó Bhliain Dhearadh na hÉireann 2015 chun tacú le cruthú Fhéile Meán Digiteach Chluain Meala. Díreoidh an imeacht ceithre lae ar dhearadh sa ré dhigiteach. Trí mheán ceardlann, imeachtaí um malairt scileanna, cainteanna comhdhála agus sraith d'imeachtaí poiblí ar fud an bhaile tá sé mar aidhm ag an bhféile bheith mar mhol do rannpháirtithe tionscail, don lucht acadúil agus do mhic léinn a bhfuil spéis acu san earnáil sin agus deis a thabhairt don phobal níos mó a fhoghlaim faoin bhfórsa bríomhar tapa sin i sochaí an lae inniu. Beidh sé mar chéad chéim chun níos mó forbartha a dhéanamh ar an gcoincheap sin.



Seolann an tAire & an tAire Hayes oibreacha Athchóirithe Tholser, Meán Fómhair 2014.

## Tholsel

Bunaíodh Grúpa Gnó agus Turasóireacht Fhiodh Ard i 2011 mar uirlis chun leasanna gnó agus turasóireachta sa bhaile agus sa cheantar timpeall air a chur chun cinn. Ceann de na príomhthionscnaimh ab ea an comhaontú le páirtithe leasmhara áitiúla an Tholsel a fhorbairt, mar ionad lárnach turasóireachta agus oidhreachta don bhaile. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann, an pobal áitiúil agus Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas cistiú ar fáil i 2014 chun tacú leis an tionscnamh. Cuireadh tús le hobair i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus tá sé le bheith críochnaithe faoi dheireadh mhí Aibreáin 2015. Bunaíodh foireann iomlán deartha agus athfhorbartha chun féachaint thar an athfhorbairt agus is é Ken Hennessy, Ailtire, Cluain Meala, atá i gceannas uirthi.

## Questum

Críochnaíodh Lárionad ildisciplíneach Fiontair, Taighde & Forbartha, a tugadh Questum air, i 2014. Tionscnamh comhfhiontair idir Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh é Questum agus tá sé déanta suas de 17,000 méadar cearnach de spás oifige/cothaithe fiontair, spás riaracháin láir agus spás fiontair/saotharlainne. Tá roinnt clár taighde agus fiontair beartaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh le haghaidh 2015, ata dírithe ar na hearnálacha Eolaíochta Beatha agus Teicneolaíochta ach go háirithe. Cheap LIT Bainisteoir láithreáin don ionad agus reáchtáladh roinnt imeachtaí tionscail ag tús 2015.

*"Baineann ceann de bhuanna féideartha an Chontae le cluichí digiteacha agus leis na hilmheáin chruthaitheacha agus leis an deis mol digiteach láidir a fhorbairt*



Questum - Bóthar na Cathrach, Cluain Meala

## Dún Chiceam

**Is é atá i nDún Chiceam ná ionad lár baile de bheagnach 4.5 heicteár atá suite go straitéiseach i gcroílár Chluain Meala, i dTiobraid Árann Theas. Folmhaíodh an t-ionad sin a raibh ina bheairic airm, ar an 31 Márta 2012.**

I mí Iúil 2014, thángthas ar chomhaontú idir an Roinn Cosanta agus Comhairle Contae Thiobraid Árann i dtaobh iarionad Dhún Chiceam, arb í an aidhm atá i gceist leis ná na tailte a fhorbairt mar cheathrú cultúrtha, oideachasúil agus cathrach dhinimiciúil, nuálaíoch agus chruthaitheach i gCluain Meala. Beidh Comhairle Contae Thiobraid Árann, LIT, ETB agus an OPW, a bheidh ina n-úsáideoirí lárnacha ar an láithreán, ag obair as lámh a chéile chun an aidhm thuas a chomhlíonadh.

*Cheap an Chomhairle Sean Harrington Architects (SHA) i mí Iúil 2014 chun Maistirphlean a ullmhú do Láithreán Dhún Chiceam chun forbairt an láithreain amach anseo a threorú ar bhealach a chomhlíonann an aidhm thuas.*




**Le hathfhorbairt chuimsitheach Dhún Chiceam, cuirfear ceathrú cruthaitheach cultúrtha, oideachasúil, agus cathrach ar fáil do Chluain Meala, a chuimseoidh:**

- Soláthar spás cathrach uirbeach a ghníomhóidh mar phointe agus spás lárnach d'imeachtaí caithimh aimsire, ceiliúrtha agus eile.
- Soláthar acmhainní fisiceacha chun déileáil le heasnaimh chultúrtha reatha Chluain Meala; beidh dánlann/téatar san áireamh agus meastar go roinnfidh go leor úsáideoirí éagsúla na háiseanna sin.
- Soláthar bealaí úsáide nua ar an láithreán a dhíríonn ar úsáid chruthaitheach, oideachasúil, chultúrtha agus chathrach i dteannta le haonáin tráchtála a d'fhéadfadh go mbeadh ina measc fiontair nua a bheadh nasctha leis na solathraithe oideachais agus bealaí úsáide ardluacha eile a fhéadann úsáid an láithreáin a shíneadh thar na gnáthuaireanta gnó.
- Cruthú nasc físe agus fisiceach ón láithrean go dtí lár an bhaile agus an Pháirc Thaispeántais agus cinntiú nach bhfuil an fhorbairt mar iomaitheoir miondíola.
- Athúsáid agus comhtháthú struchtúr ar an láithreán a bhfuil spéis faoi leith ag gabháil leo agus baint struchtúr eile chun forbairt ailtireacht comhaimseartha nua a cheadú a chuirfidh le forbairt leanúnach an láithreáin agus a chomhlánóidh spáis oscailte agus gnéithe.
- Coimeád agus inrochtaineacht phoiblí ar an láithreán lena n-áirítear rochtain ar an dá leacht cuimhneacháin cogaidh/airm seasta.
- Forbairt fhoriomlán an láithreáin mar láithreán oscailte agus tréscaoilteach ina bhfuil áiseanna, spáis agus fóntais roinnte.

# Bóithre, Iompar & Sábháilteacht

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann geallta chun an líonra Bóithre a choimeád agus oibreoidh sé leis an NRA agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun Tionscadail Iompair agus feabhsúcháin Bhonneagair a sheachadadh ar fud an Chontae. Chomh maith leis sin tugann an Chomhairle tacaíocht fós do bhealaí iompair inbhuanaithe mar shiúl agus rothaíocht.



Tá gréasán bóithre de 5493km ag ceantar riaracháin Thiobraid Árann atá déanta suas mar seo a leanas:

**Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha, Áitiúla & Treasacha Thiobraid Árann**

| CC | An tAonach | An Teampall Mór Durlas | Cluain Meala | Caiseal Tiobraid Árann | Carraig na Siúire | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mótarbhealach | 39 | 34 | 25 | 15 | 6 | 119 |
| Príomhbhóthar Náisiúnta | 0 | 0 | 38 | 16 | 11 | 65 |
| Bóthar Náisiúnta den Dara Grád | 52 | 52 | 6 | 21 | 14 | 145 |
| Iomlán na mBóithre Náisiúnta de réir MD | 91 | 86 | 69 | 52 | 17 | 329 |
| % d'Fhad Iomlán Bóithre de réir MD | 29% | 27% | 22% | 17% | 5% | 100% |
| Réigiúnach - km | 289 | 147 | 146 | 171 | 150 | 903 |
| Príomhbhóthar Áitiúil - km | 496 | 484 | 347 | 294 | 291 | 1912 |
| Bóthar Áitiúil den Dara Grád - km | 453 | 367 | 245 | 328 | 295 | 1688 |
| Bóthar Áitiúil den Tríú Grád - km | 261 | 232 | 210 | 167 | 120 | 990 |
| Fad Bóthair M - km | 1499 | 1230 | 948 | 960 | 856 | 5493 |
| % Fad Bóthair R&L de réir MD | 27% | 22% | 17% | 18% | 16% | 100% |

## Achoimre ar Chaiteachas 2014

| Bóithre Náisiúnta | € | Bóithre Neamhnáisiúnta | € |
|---|---|---|---|
| Feabhsucháin Dromchla & Mionfheabhsúcháin lena n-áirítear an Scéim Mórfheabhsúchán | 4,441,253 | Cothabháil Roghnach | 4,625,900 |
| Cothabháil Príomhbhóithre Náisiúnta | 205,587 | Cothabháil Athchóirithe | 2,261,000 |
| Cothabháil Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 256,798 | Feabhsú Athchóirithe | 8,243,897 |
| Cothabháil Príomhbhóithre Náisiúnta & Bóithre Náisiúnta den Dara Grád sa Gheimhreadh | 223,323 | IMIS: Scéimeanna um Feabhsúchain Sonracha | 231,357 |
| Soilse ar Phríomhbhóithre Náisiúnta & Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád | 517,137 | Athchóiriú Droichead | 477,799 |
| Tacaíocht ÚA Feabhsúchán | 166,760 | Feabhsúchán Sábháilteachta ar Chostas Íseal | 315,331 |
| Tacaíocht ÚA | 35,003 | Rannpháirtíocht Pobail | 814,960 |
| Tacaoíocht ÚA Cothabháil Gheimhridh | 20,000 | Aimsir Chrua | 1,319,943 |
| | | Deontas Oiliúna | 105,235 |
| Leithdháileadh Acmhainní Féin | €8,295,446 | | |

## Mórscéimeanna Caipitil

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus Transport 21 (2007-2016) leagtar amach an clár infheistíochta don bhonneagar náisiúnta bóithre. Mar gheall ar na teorannacha reatha ar chistí, déanfar na hinfheistíochtaí thar amfhráma níos faide ná mar a samhlaíodh sna Pleananna sin. Tá an seasamh reatha maidir le mórthionscadail leagtha amach thíos.

### Mórscéimeanna um Feabhsú Bóithre

N24 Conair an Iarthair - Port Láirge go Luimneach: Tá an obair go léir ar an scéim seo curtha ar fionraí ag an Údarás Náisiúnta Bóithre faoi láthair.

*"Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus i Transport 21 (2007-2016) leagtar amach an clár infheistíochta don bhonneagar náisiúnta bóithre.*

## Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bealaí Náisiúnta den Dara Grád

Rinneadh oibreacha ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus ar Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád i rith 2014 mar seo a leanas:

### Scéimeanna Sábháilteachta um Príomhbhóithre Náisiúnta

- N24 Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire Oibreacha Feabhsúcháin ar na hÁiseanna do Choisithe: Dearadh/ Cuid 8
- N24 Sráid an Dáibhéidigh, Baile Thiobraid Árann Oibreacha um Cheansú Tráchta: Dearadh/Cuid 8
- N24 Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire Oibreacha Comharthaí Rabhaidh ar an Droichead Iarnóid: Dearadh & Scrúdú roghanna eile

### Scéimeanna Sábháilteachta um Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

- N74 Sráidbhaile Bhaile Thomáis Ceansu Tráchta: Dearadh, Tairiscint & Dámhachtain Conartha
- N76 – Acomhal N76/R706 Feabhsú ar Fhad Radhairc ag Ormonde Dearadh & Tairiscint, Dámhachtain Conartha & Tús Curtha le Tógáil
- Acomhal N52-N65 Buiríos Uí Chéin: Scéim eatramhach chun feabhas a chur ar léargas ag an acomhal stoptha ar feitheamh chríochnú scéime um dheisiú agus dhraenáil lintéir.

### Feabhsúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta

- N24 Béal Átha Droichid Athsholáthar Dromchla– Dearadh, Oibreacha Críochnaithe
- N24 Cnoc an Churraigh Atógáil Cosán: Dearadh, Tairiscint & Dámhachtain Conartha
- N24 Athailíniú Bóithrín Arrigan: Dearadh, Tairiscint & Dámhachtain Conartha
- N24 Sráid an Dáibhísigh, Tiobraid Árann Neartú Cosán: Céim Deartha
- N24 Bóthar Cró Neartú Cosán: Céim Deartha

### Feabhsú ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád

- N74 Baile Hoiste Athailíniú: Céim Deartha
- N74 Garrán an Cheantaigh Neartú Cosán: Céim Deartha
- N62 Sráid Pharneall agus Bóthar Chú Chulainn Deisiúchán ar Fhorleagan: Tús curtha le Tógáil
- N52 Gallros Scéim Cosán: Tógáil Tosaithe
- N65 Scéim Cosán Leithinse Port Omna: Tógáil le tosú Eanáir 2015
- N75 Athdhromchlú Ráth Mhanach: Tógáil Tosaithe

Feabhsú Uigeachta ar Phríomhbhóithre Náisiúnta & Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád

Rinneadh oibreacha i roinnt ionad ar fud an chontae chun friotaíocht an dromchla bóthair in aghaidh sleamhnú a fheabhsú.

## Bóithre Neamhnáisiúnta

Freastalaíonn an chatagóir seo ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Bhí cothabháil agus feabhsú na mbóithre sin i 2014 maoinithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

*Fuair an Chomhairle deontais ar luach €19,738,944 (lena n-áirítear figiúr i dtaobh blocdheontas le haghaidh na n-Iarchomhairlí Baile).*

Baineadh úsáid as an deontas roghnach de €4,625,900 chun cur le hacmhainní féin na Comhairle um ghnáthchothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Contae. Ba é leithdháileadh féin na Comhairle ná €8,295,446.

I 2012, chuir an Chomhairle Clár Ilbhliantúil 2013-2016 um Athchóiriú Oibreacha Bóthair faoi bhráid an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Sa chlár 4-bliana sin cuirtear in ord tosaíochta an liosta de thograí um athchóiriú feabhsúcháin atá le déanamh le linn thréimhse an chláir. Rinneadh na hoibreacha go léir a aithníodh sa chlár le haghaidh 2014.

## Aimsir Chrua

Leithdháileadh deontas de g**€1,319,943** ar an gComhairle i dtaobh aimsire crua i 2014.



## Tionscadail Straitéiseacha ar Bhóithre Neamhnáisiúnta

Bóthar Faoisimh Laistigh de Dhurlas: Cead deonaithe ag an mBord Pleanála. Réamhdhearadh le críochnú faoi Eanáir 2015.

Seachbhóthar Chill Dalua – Scéim Feabhsucháin Thrasbhealach Dhroichead na Sionainne & R494: Cead Deonaithe ag an mBord Pleanála. Tá athbhreithniú breithiúnach ar an méid céanna iarrtha ag Agóideoirí áfach agus tá na Cúirteanna chun breithniú a dhéanamh air.

R498 Uasghrádú ón Aonach go dtí Durlas: feabhsú ar chuid ó Chnoc Alltáin - Cill Chonáin ag an gCéim Deartha. Ag feitheamh le Fáil Talún.

Droichead Lios Moling: Comhairleoir ceaptha. Dearadh agus Conradh um Réamhoibreacha Críochnaithe. Tógáil le bheith críochnaithe i 2015.

## Scéimeanna Deontais um Feabhsúcháin Sonracha

Tá an scéim seo dírithe ar fheabhsú bóithre chun cabhrú le turasóireacht agus le forbairtí eile tráchtála agus tionscail agus chuir sé ar chumas na Comhairle oibreacha a thógáil ar aghaidh, nach bhféadfaí a dhéanamh, b'fhéidir, murach sin.

**Cheadaigh caiteachas de €231,357 oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh sna háiteanna seo a leanas:**

- Baile Mhic Ceoch
- Baile na nÚs
- Béal Átha Gabhann

## Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Leitdháileadh suim de €315,331 le haghaidh na scéimeanna um feabhsúchán timpiste ar chostas íseal agus rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna faoin scéim sin.

## Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Tagraíonn na scéimeanna sin don uasghrádú agus don fheabhsú ar bhóithre den tríú grád agus ar chul de sacanna áit a gcuireann cónaitheoirí le costas na n-oibreacha. Críochnaíodh roinnt scéimeanna i rith 2014 agus bhain an Chomhairle leas as cistiú den mhéid €814,960 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don scéim seo.

## Oibreacha Athchóirithe Droichid

**I 2014, rinneadh oibreacha athchóirithe sna háiteanna seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Droichead an Chaisleáin Nua | Droichead Bhaile Ruáin |
| Droichead Dhroichead na nGabhar | An Doladh |
| LP12011 Droichead Chluain | Béal an Átha-Cill Dá Lua |
| Droichead Chloch Míle | Líne Bhaile an Chaisleáin & Dumha Aille |
| Droichead Ghleann Ara | Droichead Gourdeen R491 001 |
| Droichead na Ré Rua | Droichead an Mhuilinn Chaoch |
| Droichead na Cathrach | R497 An tAonach An Doladh Binn Éidín |
| Droichead Churrach Marcaigh | Droichead Bhéal Átha hUachtair L 8127 |
| **Iomlán an Chaiteachais: €477,799** | |

## An Clós Innealra

Cuireann an Clós Innealra, a bhfuil dhá bhonn aige i gCluain Meala agus san Aonach seirbhís tacaíochta ar fáil do ghníomhaíochtaí innealtóireachta le haghaidh gach Údarás Áitiúil i dTiobraid Árann. Is í an phríomhchuspóir seirbhíse ná innealra (.i. feithiclí, gléasra agus trealamh) ar chostas réasúnta chun cabhrú le baill foirne bunaithe i gceantair a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

**I measc ghníomhaíochtaí an chlós innealra tá:**

- Soláthar gléasra agus innealra
- Fáil agus diúscairt gléasra agus innealra
- Deisiú agus cothabháil gléasra agus innealra
- Ionad sábháilte a fháil chun innealra a stóráil
- Na baill foirne agus na scileanna riachtanacha a bheith ar fáil chun flít gléasra agus innealra na Comhairle a chothabháil agus a oibriú go héifeachtúil
- Déantar tógáil ar cíos innealra tráchtála a shocrú ar leibhéal ceantair ón gcóras soláthair LAQuotes.

**Tógtar innealra ar cíos le haghaidh cúiseanna éagsúla lena n-áirítear an gá le:**

- Riachtanais innealra na Comhairle a chomhlíonadh ag amanna buaicéilimh
- Leas a bhaint as sainmheaisíní a bhfuil tiománaithe oilte acu
- Leas a bhaint as sainmheaisíní le haghaidh oibre séasúraí
- Leas a bhaint as gléasra agus innealra go gearrthéarmach

Oibríonn an Chomhairle a ceardlann innealra féin chun na riachtanais chothabhála a chomhlíonadh le haghaidh na míreanna innealra éagsúla. Beidh an cheardlann innealra freagrach as seirbhísiú a dhéanamh ar thrucailí, veaineanna agus tharracóirí ar bhonn gnáthrialta, de réir mar a theastaíonn.

## Soilse Poiblí

Tá an Chomhairle Contae freagrach as soilse poiblí (soilse sráide) a chur ar fáil ar fud an Chontae. Ar an drochuair, níorbh fhéidir aon soilse nua a sholáthar i rith 2014. Is iad na soilse breise amháin a choimeádfar ná nuair a thógfaidh an Chomhairle eastáit i gcúram. Is é líon iomlán na soilse poiblí sa ghréasán faoi láthair ná 14,370.

Déantar cothabháil ar Shoilse Poiblí faoi chonradh le Airtricity Utility Solutions anois. Soláthraíonn Energia an chumhacht leictreachais don líonra soilse.

## Taisteal Cliste

**An Gréasán Raon Rothar Náisiúnta 2014-2015**

Tar éis iarratais rathúil ar chistiú faoi Phacáiste Spreagtha an Rialtais d'Fhorbairt Bonneagair, dhámh an Roinn Iompair, Turasóireacht agus Spóirt €1.9m um Forbairt Glasbhealaigh ar chosán tarraingthe Chluain Meala agus Charraig na Siúire. Ceapadh comhairleoirí chun dearadh a fhorbairt d'oibreacha ar an nGlasbhealach. Críochnaíodh Próiseas Pleanála Cuid 8 i 2014 agus tá na hoibreacha le bheith críochnaithe i 2015.

**Bailte Taistil Ghníomhaigh 2014-2016**

I 2014, dhámh an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cistiú ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh dhá thionscadail nua i gCluain Meala & i nDurlas faoi Scéim na mBaile Taistil Chliste 2014-2016.

Leis na dámhachtainí cistithe de €1m do Chluain Meala agus **€510,000** do Dhurlas cuirfear bearta i bhfeidhm a aithníodh sa Straitéis Siúl agus Rothaíochta do na Bailte.

**Durlas:** Comhairleoir ag dearadh trí lána rothaíochta ag (a) N62 Bóthar an Bhriotáis (b) Cluain Gabhra - Sráid an Bhóthair (c) N75 ceantar Shráid Kickham - Sráid Mitchell.

**Cluain Meala:** Comhairleoirí á gceapadh chun trí Thionscadal Lána Rothaíochta a dhearadh ag (a) An Bóthar Thiar- Baile an Gharráin (b) Tobar Thaoine R/b - An Baile Gaelach & Bóthar an Chlochair (c) Bóthar Chaisil (Sráid na Banríona - Ionad Gnó Argaoithe). Tá dearadh Cosán Siúl/Rothaíochta ar Abhainn na Siúire (Droichead an Chlochair go dtí an Seandroichead) ar siúl ag baill foirne Cheantar Buirge. Talamh faighte dó.




## Cothabháil Gheimhridh

Bíonn an tréimhse Cothabháil Gheimhridh ar siúl ó lár mhí Dheireadh Fómhair go lár mhí Aibreáin gach bliain. Is í an aidhm atá i gceist ná bealaí tosaíochta a choimeád sábháilte agus chomh saor agus is féidir ó ghuaiseacha an gheimhridh. Thug an NRA deontas de **€243,323** um chothabháil gheimhridh (lenar áiríodh deontas do chothabháil gheimhridh le tacaíocht ÚÁ) i dTiobraid Árann i rith 2014. Is é an NRA a bhainistíonn fáil Shalann Bóthair do Bhóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta agus soláthraíonn sé thart ar 2000 tona de shalann gach bliain don Chomhairle, freisin coimeádann sé stoc náisiúnta salainn le dáileadh ar údaráis áitiúla i gcás go dtuarfaí imeacht aimsire crua. Sáraíonn acmhainn stórála Salainn clúdaithe na Comhairle anois 1,000 tona.

**Cuirtear Cothabháil Geimhridh na mbóithre i dTiobraid Árann in ord tosaíochta ar an mbonn seo a leanas:**

- **Tosaíocht 1:** Bóithre Náisiúnta, agus Bóithre Réigiúnacha a bhfuil Tábhacht Straitéiseach ag Baint Leo
- **Tosaíocht 2:** Bóithre Réigiúnacha áit a bhfuil Go Leor Tráchta ag úsáid an bhóthair
- **Tosaíocht 3:** Bóithre Uirbeacha agus Bóithre Áitiúla ar bhonn tosaíochta, ionaid uirbeacha.

Oibríonn aon chriú déag de réir chóras uainchláir ar bhonn seachtainiúil agus úsáid á baint as 7 Leatóir Salainn Uimh.6 Tona agus 4 Leatóir Salainn Uimh. 9 Tona, agus iad curtha suas ar thrucailí comhairle chun salann a leagan roimh ré ar Bhealaí Tosaíocht 1 agus Tosaíocht 2 (thart ar 1,000 km) i gcás go dtuartar sioc/oighear thar oíche). Is féidir lanna sneachta a fheistiú do na truacailí sin i gcás sneachta. Foilsítear na bealaí sin ar láithreán gréasáin na Comhairle. Chomh maith leis sin tá 11 mhionleatóir ag an gComhairle ar féidir a chur suas ar na truiclíní ceantair i gcás aimsire crua chun cóireáil a dhéanamh ar áiteanna ina bhfuil deacrachtaí áitiúla mar acomhail, chnoic doimhne, méideanna beaga seaca srl. Tá sciobóil stórála salainn ag an gComhairle i gCathair Dúin Iascaigh, i gCluain Meala agus san Aonach agus acmhainn stórála iomlán de thart ar 2,700 tona aige.

## Sábháilteacht ar na Bóithre

**Cuspóir an Phlean um Shábháilteacht ar na Bóithre**

*"Líon na dtimpistí bóthair a laghdú ó thaobh an chostais do bheatha agus d'fhulaingt dhaonna agus na Bóithre, na Bailte agus na Sráidbhailte i dTiobraid Árann a dhéanamh níos sábháilte do gach úsaideoir bóthair"*

**Gníomhartha i 2014:**

- Nascadh leis na Gardaí; leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre; an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt; an Chomhpháirtíocht Spóirt; an FSS; údaráis áitiúila chomharsanacha; an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, na meáin chumarsáide agus ar ndóigh an pobal i gcoitinne
- Feachtais sábháilteachta éifeachtacha a sheachadadh agus na meáin chumarsáide a úsáid chun díriú ar ghrúpaí éagsúla;
- Feachtais chun luasú, tiomáint faoi thionchar an óil, tuirse tiománaí, srl. a dhíspreagadh.
- Glacadh páirt i lá Náisiúnta an Gharda Síochána um Moilliú ar 24/25 Deireadh Fómhair trí chomharthaí VMS a chur ar fáil taobh bóthair ar fud an chontae ar a raibh an teachtaireacht "Moilligh".
- I dteannta le Gníomhaireachtaí Stáit eile glacadh páirt san imeacht "Keep Safe" a rith an HSA i gCluain Meala áit ar tháinig gníomhaireachtaí Stáit agus Eagraíochtaí Réigiúnacha a bhfuil cúram sábháilteachta acu le chéile chun labhairt le leanaí ó 10 Scoil agus teachtaireacht choitianta acu – Coimeád Sábháilte. Rinne an imeacht sábháilteacht agus feasacht faoin bpobal a chur chun cinn trí ról a thabhairt do na leanaí i roinnt cnámhscéalta idirghníomhacha, agus téama sábháilteachta láidir ag baint leo.
- Tugadh cabhair do bhunscoileanna chun oiliúint sa rothaíocht shábháilte a thabhairt do dhaltaí i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre & in éineacht leis an gComhpháirtíocht Spóirt cuireadh Lá scileanna Rothaíochta ar fáil do dhaltaí Bunscoile mar chuid den tSeachtain Rothaíochta 2014.

## Comhairle Contae Thiobraid Árann Tionscnamh Fostaochta Pobail

**(Ceantar Chluain Meala / Chathair Dúin Iascaigh / Chaisil / Thiobraid Árann)**

I dteannta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann an Tionscnamh um Fostaíocht Pobail trína dtugtar faoi raon de thionscadail um feabhsú comhshaoil agus oibreacha cothabhála i bpáirceanna, i mbailte agus i reiligí. Leagtar béim ar thaithí fhostaíochta luachmhar agus oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe. Baineann rannpháirtithe muinín amach a chuireann ar a gcumas oibriú mar chuid d'fhoireann ina bpobal féin. Baineann an pobal leas as an scéim mar go bhfuil bailte níos glaine, áiseanna feabhsaithe agus ceantair tírdhreachta aige.

**Baineann gach rannpháirtí leas as Oiliúint Éigeantach**

- Safe Pass
- Láimhsiú Sábháilte
- CSCS Sláinte & Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair

**Tar éis oiliúint éigeantach a bhaint amach, leanann rannpháirtithe ar aghaidh le cúrsa a bhaineann le poist nó le cúrsaí scileanna sainiúla, mar**

- Forcardaitheoir
- Oibríochtaí Dumpaire ar an Láithreán Caidéalú
- Ceadúnas Tiománaí "C" D
- Ticéad Tochaltóir 360°
- Pluiméireacht Tí FETAC Leibhéal 4

## Sláinte & Sábháilteacht

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann uirthi ag cur i bhfeidh córas cuimsitheach um bainistíocht sláinte & sábháilteachta .

*"Coimeádtar an díriú ar shláinte & shábháilteacht trí chruinnithe agus choistí rialta áit a bpléitear saincheisteanna mar bheartas/ nósanna imeachta, lena n-áirítear feabhsúcháin de réir mar a mheastar a bheith riachtanach.*


## Córas um Bainistíocht Dromchla

Tá Córas um Bainistíocht Dromchla i bhfeidhm i dTiobraid Árann agus soláthraíonn an córas seo faisnéis faoi choinníoll an dromchla bóthair ar scála ó 1 go 10 le haghaidh gach catagóir bóthair.

Ceadaíonn an fhaisnéis sin do Chomhairle Contae Thiobraid Árann na cóireálacha éagsúla atá ag teastáil do na catagóirí bóthair éagsúla a chainníochtú.

**Léirítear an pointe sa mhéid seo a leanas:**

**Catagóir Bóthair áit a bhfuil gá le hatógáil ireconstruction**




## Cumasc

**Bhí an obair a bhain leis an bpróiseas cumaisc fiordhúshlánach ó thaobh córais oibre agus nósanna imeachta a ailiniú don údarás cumasctha, agus cinntiú fós go mbeadh seirbhísí ar fáil i gcónaí.**

**Cé go bhfuil obair fós ar siúl sa réimse sin, tháthar fiorbhuíoch as ról na mball foirne go léir go háirithe i rith 2014 chun an méid thuas a chinntiú.**



# Pleanáil & Forbairt



Riarann Rannóg Pleanála na Comhairle an reachtaíocht Pleanála mar atá cuimsithe san Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe, agus na Rialacháin éagsúla a dhéantar faoi sin. Rinneadh na 9 n-iarúdarás pleanála mar a bhí Comhairlí Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, Comhairle Buirge Chluain Meala, Comhairlí Baile an Aonaigh, an Teampaill Mhóir, Dhurlas, Chaisil, Thiobraid Árann agus Charraig na Siúire a chumasc agus a athshannadh mar aon údarás pleanála amháin, ba é sin ná Comhairle Contae Thiobraid Árann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2014 de réir fhorálacha an Achta um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014. Baineann na staitisticí pleanála sa tuarascáil seo le Co. Thiobraid Árann go léir le haghaidh na tréimhse sonraithe.

## Bainistíocht Forbartha

Is é atá i gceist le Bainistíocht Forbartha ná próiseáil a dhéanamh ar iarratais phleanála agus ar iarratais éagsúla eile faoin reachtaíocht phleanála, laistigh den amfhráma reachtúil agus déanamh cinnte go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil a chuirfidh ar a gcumas forbairt bheartaithe a mheas. Tá na 9 gclár pleanála a bhí ann roimhe sin curtha in aon chlár amháin anois agus tá sé sin ar fáil le feiceáil ar líne ag www.tipperarycoco.ie

| Contae Thiobraid Árann Teach aonair | Líon cinntí déanta | Líon de-onaithe | Líon diúl-taithe | Cinntí dearbhaithe ag an mBord Pleanála | Cinntí aisi-ompaithe ag an mBord Pleanála |
|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | 169 | 155 | 14 | 100% | 0% |
| 2014 | 144 | 130 | 14 | 66% | 34% |

| Contae Thio-braid Árann Forbairt Tithíochta | Líon cinntí déanta | Líon de-onaithe | Numbere-fused | Cinntí dearbhaithe ag an mBord Pleanála | Cinntí aisiom-paithe ag an mBord Pleanála |
|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | 8 | 7 | 1 | n/a | n/a |
| 2014 | 8 | 6 | 2 | n/a | n/a |




## r-Phleanáil

Mar gheall ar fhorbairt leanúnach an chóras I-Plan, an chórais fhorfheidhmithe, agus mar gheall ar dhigitiú Léarscáil an Chlár Pleanála, tá obair na Rannóige níos éifeachtúla agus mothaíonn an pobal éifeachtaí na n-athruithe chomh maith. Rinneadh scanadh ar gach iarratas pleanála trí chóras fiosruithe pleanála ar www.tipperarycoco.ie. Úsáidtear láithreán gréasáin na Comhairle chun sonraí a thabhairt faoi fhoirmeacha iarratais, liostaí seachtainiúla, Dréachtphlean Forbartha an Chontae agus Athruithe srl. Ina theannta sin, tá úsáid an chóras fiosruithe ar líne don phobal i gcoitinne ag dul i méid.

# Pleananna Forbartha/Pleananna Ceantair Áitiúil

## Pleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas

Is é atá i bPlean Forbartha Contae ná cáipéis ina dtugtar sonraí faoi straitéis fhoriomlán na Comhairle um pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ceantair agus tá sé déanta suas de ráiteas scríofa agus léarscáileanna in éineacht leis sin. Féadann na beartais agus na cuspóirí bheith ríthábhachtach chun ionad agus foirm cineálacha éagsúla forbartha a shainiú agus tá an plean forbartha ar ceann de na fachtóirí a ndéantar iarratais phleanála a mheas ina gcoinne.



Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann Theas 2009



Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh 2010

Chuir an Rannóg Pleanála tús le creat pleanála straitéiseach nua a ullmhú do Chontae Thiobraid Árann chun polasaithe agus cuspóirí ar fud an chontae a chur ar aon dul lena chéile. Tá sé beartaithe go gcuimseofar an creat pleanála nua i bPleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas trí mheán athruithe ar an dá phlean i 2015.

## Plean Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh 2010

Síneadh saolré Phlean Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh, 2010 i mí Iúil 2014 agus cumasc Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas á thógáil san áireamh agus chun ullmhú creat pleanála nua don chontae go léir a éascú.

## Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Thiobraid Árann Theas




Cuireadh tús le hullmhú Straitéis Thiobraid Árann Theas um Fuinneamh Inathnuaite i gcomhpháirt leis an Tipperary Energy Agency i Márta, 2013. Is é cuspóir na straitéise ná creat a sholáthar faoinar féidir acmhainn fuinnimh inathnuaite an chontae a aithint agus a chomhlíonadh ar bhealach inbhuanaithe.

Taispeánadh an dréachtstraitéis don phobal i Samhain/Nollaig, 2013 agus ghlac an Chomhairle leis an Straitéis i Márta, 2014.

## An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

Cuireadh tús le hathbhreithniú agus le hullmhú scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Thiobraid Árann Theas i Mí Eanáir, 2014 agus ghlac na comhaltaí leis i mí Aibreáin, 2014.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar na naoi Scéim Ranníocaíochta Fobartha a bhí i bhfeidhm i gContae Thiobraid Árann i mí Mheán Fómhair, 2014 agus taispeánadh an Dréachtscéim Ranníocaíochtaí Fobartha don phobal i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tá sé beartaithe go gcuirfear an Scéim Ranníocaíochta Forbartha deireanach faoi bhráid na gcomhaltaí i mí Eanáir 2015.

## Scéimeanna Feabhsaithe Baile / Máistirphleananna

### An Scéim um Feabhsú Cheathrú Chaisleán Urumhun

Is é atá sa Scéim um Feabhsú Cheathrú Chaisleán Urumhun ná scéim neamhreachtúil a ullmhaíodh chun feabhsucháin réimse poiblí agus rochtana a thabhairt timpeall Chaisleán Urumhun agus chun Ceathrú Chaisleán Urumhun a chur chun cinn mar tharraingt uathúil i gCarraig na Siúire agus i dTiobraid Árann.

Thacaigh comhaltaí Chomhairle Baile Charraig na Siúire leis an scéim i mí Aibreáin, 2014.

### Plean Feabhsaithe Ros Cré

Lean an Rannóg Pleanála ar aghaidh ag obair leis an gCoiste um Plean Feabhsaithe Lár Baile Ros Cré chun seachadadh tionscadal tosaíochta a aithníodh i bPlean Feabhsaithe Ros Cré a éascú.

D'éirigh leis an gComhairle €35,000 a fháil faoi Thionscamh an DECLG um Feabhsú Poiblí chun uasghrádú agus feabhsú a dhéanamh ar lána i lár an bhaile agus chun athchóiriú a dhéanamh ar scairdeán stairiúil i Cearnóg Rósmhuire. Críochnaíodh an tionscadal sin i Meán Fómhair, 2014.

### Máistirphlean Bhóthar an Tobair, An tAonach

Ceapadh foireann deartha faoi cheannas ailtire chun máistirphlean neamhreachtúil agus straitéis deartha uirbigh a ullmhú chun fís agus creat forbartha a sholáthar d'ionad straitéiseach atá suite ar Bhóthar an Tobair, an tAonach. Taispeánadh dréacht-mháistirphlean don ionad i Meán Fómhair, 2014. Thug comhaltaí de Cheantar Bardasach an Aonaigh taifead den cháipéis i Samhain, 2014.


*"Is é atá i bPlean Forbartha Contae ná cáipéis ina dtugtar sonraí faoi straitéis fhoriomlán na Comhairle um phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ceantair agus tá sé déanta suas de ráiteas scríofa agus de léarscáileanna in éineacht leis sin.*



Fís do Bhóthar an Tobair, Máistirphlean

### Rian Oidhreachta an Teampaill Mhóir

Bhí sé mar chuspóir i bPlean Forbartha Bhaile agus Phurláin an Teampaill Mhóir, 2012 Conair Oidhreachta an Teampaill Mhóir a ullmhú. Chuir an Chomhairle tús le hobair ar an gconair i mí Dheireadh Fómhair 2013. Tá an tionscadal déanta suas de chomharthaí léirmhínitheacha agus de bhróisiúr a théann leo agus críochnaíodh i mBealtaine, 2014 é.




### Scéimeanna Péinteála

Cuireadh scéimeanna péinteála i bhfeidhm chun cabhrú le feabhsú físe aonad réadmhaoine agus radharc sráide in ionaid lár baile san Aonach, i nDurlas agus i Ros Cré. Críochnaíodh na hoibreacha i Meán Fómhair, 2014.




An Phríomhshráid, Ros Cré.

## Caomhnú

### Oidhreacht Thógtha - An Scéim Tacaíochta Post

Sheol an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim deontas caomhnúcháin i mí na Nollag, 2013 chun deisiú agus caomhnú struchtúr cosanta a spreagadh agus a éascú. Leithdháileadh cistiú de **€282,000** ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus tugadh cúnamh deontais do 41 tionscadal faoin scéim sin i 2014.

### Scéim na mBallaí Baile

**Lean an Chomhairle ar aghaidh ag glacadh páirte san Irish Town Wall Network (IWTN) arb í an aidhm atá aige ná comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí straitéiseacha údarás áitiúil a dhéanann bailte múrtha stairiúla a bhainistiú, a chaomhnú agus a fheabhsú. Thug an Chomhairle faoi na tionscadail seo a leanas i 2014:**

- **Carraig na Siúire:** Fuarthas deontas de €30,000 ón gComhairle Oidhreacha chun oibreacha a dhéanamh chun dul i ngleic le riocht struchtúrach na coda de Bhalla an Bhaile a sheasann fós.
- **Caiseal:** Fuarthas deontas de €5,000 ón gComhairle Oidhreachta chun tabhairt faoi shuirbhé ar an gcuid de Bhalla an Bhaile in O' Connor's Close agus chun aon oibreacha leasúcháin riachtanacha a mholadh.
- **Fiodh Ard:** Rinneadh oibreacha chun na bealaí isteach stairiúla chuig an mbaile a mharcáil agus a fheabhsú lenar áiríodh soláthar marcanna aolchloiche ag an nGeata Thiar, an nGeata Thoir, ag Geata an Phiarsaigh agus Geata an Uisce. Mhaoinigh an Chomhairle na hoibreacha sin go hiomlán.



Leagan marcóirí slí aolchloiche i bhFiodh Ard

## Forfheidhmiú

**Déileálann an Rannóg Forfheidhmithe Pleanála le comhlíonadh le coinníollacha na gceadanna a dheonaítear, le bailiú ranníocaíochtaí forbartha agus le fiosrú tuairiscí a fhaightear ón bpobal agus/nó oifigigh chomhairle faoi fhorbairt neamhúdaraithe féideartha**

**Seo a leanas na staitisticí ábhartha ón 1 Meitheamh go 31 Nollaig 2014:**

| | |
|---|---|
| Gearáin faighte | 93 |
| Gearáin fiosraithe | 55 |
| Gearáin ar diúltaíodh dóibh | 71 |
| Litreach Rabhaidh eisithe | 100 |
| Fógraí Forfheidhmithe eisithe | 17 |
| Ionchúisimh glactha | 1 |
| Cásanna dúnta | 123 |

*"Leithdháileadh cistiú de €282,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus tugadh cúnamh deontais do 41 tionscadal faoin scéim seo i 2014.*

# Turasóireacht



## Bunú Eintiteas Turasóireachta Nua do Thiobraid Árann

**Chun ullmhú do chumasc Chomhairlí Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, cuireadh tús le hobair in Eanáir 2014 chun eintiteas turasóireachta nua a chruthú chun turasóireacht a sheachadadh don chontae.**

D'oibrigh éascaitheoir neamhspleách le North Tipperary Tourism Company agus South Tipperary Tourism Company, North Tipperary Leader Partnership, South Tipperary Development Company angus le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun plé le conas a bhí Turasóireacht á bainistiú agus á seachadadh i dTiobraid Arann agus chun an bealach ar aghaidh ab fhearr a aontú tar éis chumasc na dá Chomhairle. Tar éis comhairle agus plé fhairsing idir cuideachtaí agus páirtithe leasmhara aontaíodh Tipperary Tourism Company Ltd a bhunú.

Is é an príomhchuspóir a bheidh ag Tipperary Tourism Company Ltd ná Tiobraid Árann a chur chun cinn agus a mhargú mar phríomhcheann scríbe na hÉireann do chuairteoirí sna margaí baile agus eachtracha. Inbhuanaitheacht a spreagadh tríd an tairiscint táirgí a fheabhsú agus cur leis, scileanna breise a thabhairt do sholáthraithe, agus fadanna cuairte cuairteora a mhéadú agus caiteachas sa chontae a mhéadú '. *Aontaíodh ar phróiseas chun Stiúrthóirí cuí a thoghadh agus a ainmniú do Bhord Tipperary Tourism Company agus bunófar an chuideachta nua ag tús 2015.*

## An Tionscnamh don Diaspóra Turasóireachta Pobail

Ba é a bhí sa Tionscnamh Diaspóra Turasóireachta Pobail 2014 ná comhpháirtíocht trí bhealaigh idir Fáilte Ireland, IPB Insurance agus Comhairle Contae Thiobraid Árann. Bunaíodh an tionscnamh tar éis rath Thóstal Éireann 2013 maidir le pobail a chur i ngníomh chun leas a bhaint as naisc leis an diaspóra ar mhaithe le turasóireacht áitiúil.

**Ba iad cuspóirí an tionscnaimh ná:**

- Tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm tionscnamh cistithe ar scála beag le haghaidh imeachtaí turasóireacta bunaithe sa phobal a fhéadann leanúint ar aghaidh trí hoidhreacht Thóstal Éireann i 2014 agus ina dhiaidh;
- Líonra náisiúnta d'imeachtaí náisiúnta a chruthú a fhéadann naisc diaspóra a dhoimhniú agus líonraí a forbraíodh nó a cuireadh i ngníomh arís le linn bhliain Thóstal Éireann;
- Fás líonraí láidre diaspóra contae a chothú ar an mbunús go mbíonn caidrimh diaspóra fréamhaithe i 'muintir agus áit' .

*I dTiobraid Árann tugadh tacaíocht do 26 imeacht ar fud an Chontae tríd an Tionscadal Diaspóra Turasóireachta Pobail.*

## Indéantacht Shléibhte Mumhan

Is é atá i 'Sléibhte Mumhan' (teideal oibre) ná mórthionscnamh turasóireachta idir Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Phort Láirge, South Tipperary Development Company, Waterford Leader Partnership, Ballyhoura Development, Fáilte Ireland agus na pobail sna Gailtí, Sléibhte Chnoc Maoldomhnaigh, Sléibhte an Chomaraigh agus i mBealach Eabhra. I 2014 rinneadh staidéar indéantachta chun féachaint an bhféadfaí 'Sléibhte Mumhan' a fhorbairt mar ionad turasóireachta le haghaidh turasóirí ón gcoigríoch. D'aimsigh an staidéar coincheap an réigiúin chomhtháite ina mbeadh raon leathan de ghníomhaíochtaí caithimh aimsire ardcaighdeáin ar fáil; taobh le hoidhreacht thógtha agus chultúrtha shaibhir; in éineacht le pobail a chuireann fáilte ó chroí roimh chuairteoirí agus a fhreastalaíonn orthu go héifeachtúil. Mar thoradh air sin bunaíodh grúpa stiúrtha Sléibhte Mumhan chun na páirtithe leasmhara go léir a thógáil le chéile chun an tionscadal a bhogadh ar aghaidh. Ceapfar Plean Gníomhaíochta chun an coincheap seo a chur ar aghaidh i 2015.

## Rian an Bhuitléaraigh

The Butler Trail
A Tour of Tipperary's Medieval Towns

I Meitheamh 2014 cheiliúir Rian an Bhuitléaraigh cothrom 400 bliain ó bhás Black Tom Butler le himeacht staire beo i gCaisleán Urumhan, Carraig na Siúire le linn Fhéile Ceoil na Deartháireachta Clancy. D'fhreastail slua mhór ar an imeacht sin inar taispeánadh scoth Rian an Bhuitléaraigh a raibh ina measc taispeántais cheardaíochta, stair bheo, seabhcóireacht, léachtaí agus ceol meánaoiseach.



## Brain Ború 2014

I 2014 ceiliúradh cothrom míle bliain ó bhás Bhriain Bhorú. Imeacht an-tábhachtach ab ea sin do Chaiseal agus do Bhéal an Átha toisc gur chaith Brian Ború a chuid blianta óga i mBéal an Átha agus ina dhiaidh sin tugadh an choróin mar chéad Ardrí Éireann ag Carraig Chaisil níos mó ná 1000 bliain ó sin.



Chun éachtaí suntasacha Bhriain Bhorú a chomhóradh chomh maith lena ról i stair na hÉireann d'oibrigh Comhairle Contae na hÉireann le Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Comhairle Dúiche Ard Mhacha chun clár imeachtaí náisiúnta a chomhordú chomh maith le rian turasóireachta oidhreachta. Mar chuid de sin forbraíodh www.brianborumillenium.ie.

Freisin chabhraigh an Chomhairle le Fóram Oidhreachta Chaisil Féile "To Crown a King Festival" a reáchtáil agus le Cill Dá Lua Béal an Átha 2014 le "Brian Boru Millennium Commemoration Weekend" in Aibreán 2014 inar ceiliúradh ceol, stair agus oidhreacht a bhí nasctha le Brian Boru.

To Crown a King

CASHEL CO. TIPPERARY 25 - 27 APRIL 2014



An tAire Alan Kelly T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ag seoladh chlár imeachtaí Bhriain Bhorú le haghaidh 2014

## Grúpa Margaíochta Loch Deirgeirt

Lough Derg LAKELANDS

Tá Grúpa Margaíochta Loch Deirgeirt déanta suas de na príomhghníomhaireachtaí atá i mbun na turasóireachta mar Fáilte Ireland, Uiscebhealaí Éireann, Iascaigh Intíre Éireann, Comhairlí Contae an Chláir, na Gaillimhe & Thiobraid Árann, ionadaithe LEADER agus thrád na turasóireachta ón earnáil phríobháideach.

### Is iad cuspóirí Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt ná:


- Díriú margaíocht comhtháite a chur i bhfeidhm ar dhobharcheantar Loch Deirgeirt;
- Straitéis mhargaíochta chomhtháite a chur i bhfeidhm ag an am céanna leis an gclár infheistíochta caipitiúla beartaithe;
- Branda Loch Deirgeirt a bhunú ar fud na tíre agus an domhain.

Tríd an gcomhar sin, tá éachtaí móra bainte amach ag Grúpaí Margaíochta Loch Deirgeirt, ba é an ceann ba dheireanaí ná seoladh "Roadmap for Experience Development and Destination Marketing 2014-2017" do Lochanna Loch Deirgeirt. Is í fís an Treochláir ná Loch Deirgeirt a fhorbairt mar áit lárnach do ghníomhaíochtaí uisce den chéad scoth chomh maith le taithí ardchaighdeáin siúl, rothaíochta, cultúir agus bia a spreagfaidh cuairteoirí as Éirinn agus ón gcoigríoch chun fanacht níos faide ansin.

## Treochlár Loch Deirgeirt Seolta Feabhra 2014

**Ó seoladh an Treochlár i mí Feabhra, rinneadh cuid mhór gníomhaíochta chun Lochanna Loch Deirgeirt a mhargú agus a chur chun cinn lenar áiríodh:**

- Le tacaíocht ó Thionscadal TRAP na hEorpa, ceapadh Comhordaitheoir Margaíochta Turasóireachta tiomnaithe do Loch Deirgeirt chun féachaint thar chur i bhfeidhm na gcuspóirí sa Treochlár.
- I mBealtaine, fógraíodh pacáiste spreagtha €2mhilliúin do Loch Deirgeirt atá á infheistiú anois chun na cuspóirí sa Treochlár a chur ar aghaidh. Le haghaidh 2014, mar thoradh ar infheistíochtaí ar luach €540,000 reáchtáladh tionscnaimh mhargaíochta agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin i gClár, i nGaillimh agus i dTiobraid Árann.
- I Meán Fómhair, seoladh láithreán gréasáin nua tiomnaithe do thurasóireacht agus ghníomhaíocht le haghaidh Lochanna Loch Deirgeirt, www.discoverloughderg.ie. Ina theannta sin tá feachtas mór sna meáin sóisialta le haghaidh Lochanna Loch Deirgeirt ar siúl i dteannta leis an láithreán gréasáin ar Twitter agus Facebook araon.
- Tá físeán tionscnaimh do réigiún Lochanna Loch Deirgeirt ar fáil le feiceáil anois ar an láithreán gréasáin agus tá gnóthais turasóireachta áitiúla sa réigiún ag úsáid an fhíseáin ar a gcuid láithreán gréasán féin chun an áit a chur chun cinn.
- Tá tús curtha le branda Lochanna Loch Deirgeirt a fhógairt ar línte agus i bprionta i margaí baile agus idirnáisiúnta an RA, SAM, na Fraince agus na Gearmáine agus tá feachtas tionscnaimh beartaithe don raidió náisiúnta agus do na meáin chlóite ag tús na bliana seo chugainn.
- Reáchtáladh ceardlann do pháirtithe leasmhara leis an Lough Derg Anglers Association mar chuid de Thionscadal TRAP na hEorpa chun féachaint ar na deiseanna agus ar an acmhainn nár comhlíonadh maidir le turasóireacht slatiascaireachta i Loch Deirgeirt.
- Ritheadh tionscnamh píolótach bia, A Taste Of Lough Derg i gcaitheamh na míonna Iúil go Meán Fómhair i gcomhar leis na táirgeoirí bia agus na soláthraithe bia timpeall Loch Deirgeirt . Ritheadh 13 himeacht san iomlán a chuir chun cinn taithí bua agus cuairteora Loch Deirgeirt.




*Ina theannta sin chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús le hoibreacha uasghrádaithe ar na Tionscadail Bonneagar Turasóireachta PFN - Ceantar Caithimh Aimsire Ghleannta an Chláir & Bealaí Rothaíochta Thiobraid Árann Thuaidh - a bhfuil an dá cheann beagnach críochnaithe.*




An tAire Alan Kelly T.D. & An tUas. Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt ag seoladh an láithreán gréasáin Discover Lough Derg , Meán Fómhair 2014



# CÁILÍOCHT BEATHA

- Tithíocht
- Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail
- Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann
- Seirbhísí Leabharlainne
- Na hEalaíona
- Oidhreacht & Cultúr
- Músaem an Chontae

Is áit dheas le cónaí í Tiobraid Árann ina bhfuil bailte inrochtana, bríomhara agus tarraingteacha agus sráidbhailte gleoite agus beoga, agus tuath álainn timpeall orthu.

Déanann Comhairle Contae Thiobraid Árann cinnte fós go mbíonn rochtain ag teaghlaigh agus daoine aonair ar thithe ardchaighdeáin i dtimpeallacht shábháilte agus chairdiúil.

Tá sé geallta chun cur chuige “Tiobraid Árann Le Chéile” i dtreo Cuimsiú Sóisialta agus comhtháthú a chur chun cinn trí Chomhpháirtíocht Shóisialta agus Chomhar Idirghníomhaireachta.

Tá cultúr agus oidhreacht shaibhir ag an gContae agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d’fhorbairt an Chultúir, na n-Ealaíon, an Spóirt, agus an Chaithimh Aimsire ar fud an Chontae.

# Tithíocht



**2849**
**An riachtanas tithíochta sóisialta do Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas ag deireadh 2014**

## Anailís ar Riachtanais Tithíochta

### Leithdháiltí Tithíochta 2014

**Leithdháileadh tithe ar 263 iarratasóir san iomlán i 2014; taispeántar sa tábla seo a leanas an miondealú de réir chineál soláthair:**

**Miondealú de réir Tionóntachtaí Leithdháilte**

| Cineál Soláthair | 2014 | % |
|---|---|---|
| Tógáil ÚÁ/Foirgníocht Lándéanta | 0 | 0 |
| Éadálacha Cuid V | 0 | 0 |
| Éadálacha Nua/Dara Láimhe | 4 | 1 |
| Folúntais Ócáideacha | 125 | 47 |
| SCC | 103 | 39 |
| TLS | 31 | 12 |
| Lucht Taistil | 3 | 1 |
| IOMLÁN | 263 | 100 |

*Dhiúltaigh 37 duine tairiscintí teagmhals ón Údarás Áitiúil i 2014*

### An Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta (TLS) / Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)

Faoi na Scéimeanna thuas, tá cistiú leithdháilte ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh údarás áitiúil chun aonaid réadmhaoine chónaithe a thógáil ar cíos ó thiarnaí talún príobháideacha. Ligeann na scéimeanna don Chomhairle cóiríocht deachaighdeáin san earnáil chíosa phríobháideach a ligean ar cíos ar chonarthaí meántéarmacha go fadtéarmacha. Úsáidtear na haonaid réadmhaoine sin chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí tithíochta sóisialta, nach bhfuil in ann faoi láthair cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil óna gcuid acmhainní féin.

Ó cuireadh tús leis na scéimeanna, roghnaíodh os cionn 1400 aonad réadmhaoine ar fud an chontae.

**Dul chun Cinn 2014: Conarthaí Soláthraithe**

**103** SCC

**31** Léasú

## Easpa Dídine 2014

**Ag teacht leis an gcur chuige réigiúnach a theastaíonn ón Rialtas chun dul i ngleic le fadhb an easpa dídine, ghlac an Chomhairle le Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Easpa Dídine 2013-2016 i mí Aibreáin 2013.**

Sa phlean leagtar amach na struchtúir, na prionsabail agus na gníomhartha a theastaíonn chun fadhb fhadtéarmach an easpa dídine sa réigiún a chosc agus chun deireadh a chur leis. Den chéad uair riamh déantar soláthar sa phlean do thascairí feidhmíochta seirbhíse i réimse an easpa dídine. Freisin soláthraíonn sé do chur chuige níos comhordaithe i dtreo socruithe cistithe le haghaidh seirbhísí um dhaoine gan dídean sa réigiún, agus Comhairle Cathrach Phort Láirge ainmnithe mar an údarás ceannasch d'iarcheantar Thiobraid Árann Theas agus Luimneach ainmnithe mar an údarás ceannasach d'iarcheantar Thiobraid Árann Thuaidh i ndáil le cistiú um easpa dídine.

Gné lárnach maidir le soláthar seirbhísí do dhaoine gan dídean ná na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDD). Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean bunaithe i ngach ceantar údaráis áitiúil sa réigiún agus chabhraigh siad le cur chuige caighdeánaithe a bhaint amach i dtreo cúraim agus bainistíocht cásanna i dtaobh na gcliant a thagann i láthair mar chliaint a bhfuil easpa dídine acu. Cur chuige ildisciplíneach atá i gceist leis an FGDD, a mbíonn cruinnithe seachtainiúla aige le hionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse éagsúla do dhaoine gan dídean, mar an Údarás Áitiúil, FSS, Seirbhísí Meabhairshláinte, Brú na mBan Cuan Saor, Brú Novas, An Roinn Coimirice Sóisialaí agus Simon an Oirdheiscirt.

> *Sa phlean leagtar amach na struchtúir, na prionsabail agus na gníomhartha a theastaíonn chun easpa dídine fhadtéarmach sa réigiún a chosc agus chun deireadh a chur léi.*

### Tacaí do Dhaoine gan Dídean i dTiobraid Árann

- **Foireann Ghníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (F.G.D.D.)**
- **Seirbhís um Choimeád Tionóntachta (SE SIMON)**
- **Foireann Athlonnaithe**

Déileálann na tacaí tithíochta sin le fadhb an easpa dídine agus le cosc na faidhbe. Is féidir B&B sealadach a chur ar fáil i gcás éigeandála, ar feitheamh aimsiú lóistín príobháidigh ar cíos/tithíochta sóisialta. Tá prótacail idirchontae bunaithe maidir le rochtain ar bhrúnna réigiúnacha do dhaoine a thagann i láthair le haghaidh rochtana ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean i dTiobraid Árann. Tá córas nua ar a dtugtar PASS tugtha isteach, a cheadaíonn faisnéis orthu siúd a thagann i láthair le haghaidh rochtana ar sheirbísí do dhaoine gan dídean a chur isteach, rud a sholáthraíonn faisnéis níos nuashonraí do sholáthraithe seirbhíse.

Tá ról lárnach fós ag Seirbhísí um Choimeád Tionóntacha maidir le dul le ngleic le fadhb an easpa dídine sa chontae agus faoi láthair, is é an méid daoine atá ag úsáid na seirbhíse ná 22.

**Staitisticí: Tháinig 425 duine i láthair chun rochtain a bhaint as an tseirbhís mar Dhaoine gan Dídean i 2014**

| Próifíl Aoise | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Faoi bhun 25 bliana | 73 | 68 |
| 26-35 bliana | 165 | 103 |
| 36-60+ | 7 | 9 |

Rinneadh freastal ar na daoine sin go léir trí mheán chóiríocht Leaba & Bricfeasta, chóiríocht Brú, cóiríochta Príobháidí ar cíos nó Tithíocht Údaráis Áitiúil/Deonaí.

## Cíosanna Tí

| | |
|---|---|
| 6140 | **Cuntais Chíosa ar an 31/12/2014** |
| 263 | **Cuntais chíosa bunaithe le linn 2014** |
| €39.60 | **Meánchíos le haghaidh 2014** |
| 134 | **Líon teagmhas folamh ar an 31/12/2014** |
| 78 | **Líon Tithe Foilmhe a raibh Mionoibreacha ag teastáil Dóibh** |
| 26 | **Líon Tithe Foilmhe a raibh Móroibreacha ag Teastáil Dóibh** |
| 30 | **Líon teagmhas Folamh ar fáil le ligean ar cíos** |




## An Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (Ship)

Fuair Tiobraid Árann leithdháileadh de **€8,055,783** le haghaidh 2014, don phríomhchlár tithíochta sóisialta de chuid an údaráis áitiúil, don chlár oibreacha feabhsúcháin, (feabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh, DPGanna, méaduithe, leas a bhaint as spásanna foilmhe arís), cóiríocht don lucht taistil agus réamh-mheastacháin chaiteachais bunaithe ar ghealltanais aitheanta le haghaidh tithíochta deonaí agus comhoibrithí cistithe faoin Scéim Cúnaimh Caipitil [SCC].

## Scéimeanna Deontas um Dhíoiriúnú Tithe

Clúdaíonn na Scéimeanna Deontas um Dhíoiriúnú Tithe trí scéim deontais a oibríonn an Chomhairle. Soláthraíonn an Deontas um Dhíoiriúnú Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas do sholáthar/dhíoiriúnú cóiríochta chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas; i measc na n-oibreacha tá rampaí rochtana, ardaitheoirí staighre, cithfholcadáin rochtana leibhéil, méaduithe, srl. Is é atá i Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ná scéim mhear chun déileáil le fadhbanna soghluaisteachta i measc na n-oibreacha tá cithfholcadáin rochtana leibhéil, rampaí, ráillí greama agus ardaitheoirí staighre. Cabhraíonn an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta le seandaoine deisiúcháin agus feabhsucháin riachtanacha a dhéanamh ina dtithe.

Riartar an Scéim de réir Scéim na Riachtanas Tosaíochta ar ghlac an Chomhairle léi ar an 7 Feabhra 2011. Glacadh leis an Scéim sin chun cinntiú go ndírítear acmhainní airgid srianta ar na cásanna is práinní .

Ba é an comhleithdháileadh caipitil, a fógraíodh don Chomhairle seo i 2014, chun Deontais um Dhíoiriúnú Tí a íoc do Dhaoine Breacaosta agus Dhaoine faoi Mhíchumas, le haghaidh teagmhas príobháideach, ná €2,164,557 agus bhí €432,911 de sin le soláthar ó acmhainní ioncaim féin na Comhairle seo. Tá a leithdháileadh iomlán i 2014 tarraingthe anuas ag an gComhairle. Críochnaíodh 238 tionscadal san iomlán.

## Cóiríocht don Lucht Taistil

### 1. An Comhchlár um Chóiríocht don Lucht Taistil 2014-2018

**Ghlac Comhaltaí na Comhairle leis an gComhchlár um Chóiríocht don Lucht Taistil 2014-2018 i dtaobh Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí Eanáir 2014. Is é an sprioc thar an tréimhse cúig bliana ná 71 aonad.**

| Bliain | Tithíocht Chaighdeánach CChaighdeánach Housing | Tithíocht Ghrúpa | Láithreáin Stad Cónaithe | Tithíocht Aon Uaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 2014 | 11 | 1 | 1 | 2 | **15** |
| 2015 | 9 | 1 | 0 | 2 | **12** |
| 2016 | 10 | 7 | 0 | 2 | **19** |
| 2017 | 10 | 0 | 1 | 2 | **13** |
| 2018 | 8 | 1 | 1 | 2 | **12** |
| **Iomlán** | **48** | **10** | **3** | **10** | **71** |

### 2. Tuarascáil Dul Chun Cinn 2014

**Tá an chóiríocht seo a leanas curtha ar fáil suas go dtí seo:**

| Cineál Scéime | Sprioc | Aschur go dtí seo |
|---|---|---|
| Tithíocht Chaighdeánach | 11 | 2 |
| Tithíocht Ghrúpa | 1 | 1 |
| Láithreáin Stad Cónaithe | 1 | 0 |
| Teagmhas Tuaithe Aonair | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **15** | **3** |

### 3. Ginearálta

Leis an laghdú ar chistiú do Chóiríocht Shonrach don Lucht Taistil, tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag baint úsáide as na Roghanna Tithíochta Sóisialta éagsúla chun cóiríocht a chur ar fáil lena n-áirítear Tithíocht faoi úinéireacht na Comhairle, an Scéim Cóiríochta Cíosa agus Léasú Sóisialta.

### 4. Comhaireamh Bliantúil Theaghlaigh an Lucht Taistil agus a gCuid Cóiríochta

Thug an Chomhairle faoi Chomhaireamh Bliantúil Theaghlaigh an Lucht Taistil agus a gcuid Cóiríochta, de réir mar a cheanglaítear faoin Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Taistil), 1998, ar an 30 Samhain 2014. Ba é líon iomlán na dteaghlach ná 381.

### 5. An Coiste Comhairliúcháin ar Chóiríocht don Lucht Taistil

Bíonn cruinnithe ag an gCoiste Comhairliúcháin ar Chóiríocht don Lucht Taistil nó de réir mar a mheasann a chuid comhaltaí a bheith riachtanach. Tá a chuid comhaltaí déanta suas d'ionadaithe ó phobal an Lucht Taistil, de chomhaltaí tofa, d'oifigigh Comhairle agus d'ionadaithe ó ghníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla. Tar éis an chumaisc tá LTACC singil bunaithe don Chontae.

## Tithíocht Dheonach

### Scéimeanna Cúnaimh Caipitil

Sannadh Leithdháileadh Cúnaimh Caipitil de €161,558 le haghaidh 2014 chun cabhrú le haonad réadmhaoine a cheannach agus a athchóiriú i 6 Ardán Pháirc na Phrióra, Cluain Meala ag Clanna Síomóin na hÉireann agus le haghaidh chríochnú 6 Cúirt an Bhuitléaraigh, Cathair Dúin Iascaigh ag Bráithre na Carthanachta.

Ina theannta sin soláthraíodh figiúr de €592,500.00 d'Aonaid Riachtanas Speisialta Lions Trust Dhurlas don tréimhse 2014 go 2016 agus cuirfear an tionscadal sin ar aghaidh i 2015.

### An Scéim um Cheannach Tionóntaí

#### An Scéim um Cheannach Nua

Tá sé ar intinn ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil scéim nua a thabhairt isteach a sholáthróidh do dhíolachán tithe reatha de chuid an údaráis áitiúil le tionóntaí i 2015.

## Bainistíocht Eastát

Tá rannpháirtíocht tionóntaí i mBainistíocht Eastát á cur chun cinn ag Comhairle Contae Thiobraid Árann le roinnt blianta anuas agus tá sí fós mar thosaíocht don bhliain seo chugainn. Is féidir rannpháirtíocht leanúnach grúpaí cónaitheora sa phróiseas seo a thabhairt faoi deara go soiléir ó chuma fhisiceach na n-eastát sin. Bhain roinnt grúpaí leas as deontais faoi Bhuiséad 2014 na Comhairle um Bainistíocht Eastát chun cabhrú le tionscadail chomhshaoil. Tá an Chomhairle chun spreagadh do níos mó grúpaí páirt a ghlacadh sa bhliain atá romhainn agus cuirfear oiliúint ar fáil de réir mar a bheidh ag teastáil. Baineann go leor grúpaí cónaitheora leas as tacaí a chuirtear ar fáil ag go leor comhlachtaí eile atá mar chuid de líonra idirghníomhaireachta. Ina measc tá an FSS, Tipperary Leader Partnership (TLP), Tipperary Regional Youth Services (TRYS), Barnardos agus comhlachtaí eile. Tá na gníomhaireachtaí sin go léir ag obair as lámh a chéile le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun feabhas a chur ar cháilíocht beatha na gcónaitheoirí agus na dtionóntaí go léir inár gcuid eastát.

> *"Tá rannpháirtíocht leanúnach grúpaí cónaitheora sa phróiseas sin le tabhairt faoi deara go soiléir i gcuma fhisisceach na n-eastát sin*

## Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Tá an tÚdarás Tithíochta fós ag cur i bhfeidhm caighdeán nó ag tabhairt feidhme d'fhorfheidhmiú caighdeán san earnáil um chóiríocht phríobháideach ar cíos.

> *Le linn na bliana rinneadh 191 cigireacht.*

Áit is gá, eisítear litreacha ar úinéirí aonad réadmhaoine ina n-aithnítear míreanna le dul i ngleic leo agus glactar tuilleadh gnímh chun comhlíonadh na gcaighdeán a chinntiú .



# Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail



## Coiste Thiobraid Árann um Forbairt Pobail Áitiúil

Bunaíodh Coiste Thiobraid Árann um Forbairt Pobail Áitiúil i mí Iúil 2014. Tá an coiste déanta suas d'ionadaithe ó na gníomhaireachtaí reachtúla poiblí (m.sh. an Roinn Leasa Shóisialaigh, an Bord Oideachais agus Oiliúna, an FSS & TCC), agus ón earnáil phríobháideach (comhpháirtithe sóisialta, cuideachtaí forbartha áitiúla agus ionadaithe LRP). Bunaíodh CFPÁ ag an Rialtas chun críocha cur chuige comhtháite i dtreo forbartha pobail agus áitiúla a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm agus chun an caiteachas go léir ar an bpobal agus an bhforbairt áitiúil sa Chontae a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Go dtí seo, bhí dhá chruinniú ag an CFPÁ, rinne siad maoirseacht ar an gcomhairliúchán pobail maidir leis an ngné pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus rinne siad bainistíocht ar an bpróiseas soláthair don Chlár Chur i nGníomh Pobal um Chuimsiú Sóisialta (SICAP).



CFPÁ Thiobraid Árann

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Thiobraid Árann

Faoi phróiseas Athchóirithe an Rialtais Áitiúil, bunaíodh struchtúr nua, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP). Is í aidhm an LRP ná rannpháirtíocht daoine, agus go háirithe eagraíochtaí pobail agus deonacha, san Údarás Áitiúil, a éascú. Bhí Comhairle Contae Thiobraid Árann ina údarás píolótach do bhunú LRP. Tá 350 balleagraíocht ag an LRP anois atá déanta suas de na hEarnálacha Comhshaoil, Cuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail. Toghadh rúnaíocht agus líonadh suíocháin LRP ar Choistí Beartais Straitéisigh. Sheol an tAire Alan Kelly an LRP i nDeireadh Fómhair 2014.




Seoladh LRP i LIT Durlas,
18 Deireadh Fómhair 2014

> *Tá 350 balleagraíocht ag an LRP anois atá déanta suas de na hEarnálacha Comhshaoil, Cuimsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail .*

## Súgradh agus Caitheamh Aimsire

Scaip an Rannóg Pobail agus Forbartha Eacnamaíochta fiche-haon Deontas le haghaidh Laethanta Súgartha agus don tSeachtain Náisiúnta Caithimh Aimsire ar ghrúpaí ar fud an chontae. I measc na ngrúpaí ar tugadh cistí dóibh bhí Roscrea Scouts, Glenview Residents group (Carraig na Siúire) Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Annarcathy Childcare, Thurles Harvest Festival, Cahir Happy Song (físeán youtube), Cooleens Close (RAPID Cluain Meala), Tipperary Dyspraxia Association.



Siúlann an Dyspraxia Association i bpáirc síog an Teampaill Mhóir agus físeán youtube Happy song Chathair Dúin Iascaigh

## Seid na bhFear

Cothaíonn tionscnamh sheid na bhFear idirghníomhú sóisialta agus cairdis, agus soláthraíonn sé tionscadail phraiticiúla d'fhir le hoibriú orthu chomh maith le deis chun a gcuid scileanna a fhorbairt. Tá méadú mór tagtha ar líon Sheideanna na bhFear i gContae Thiobraid Árann, agus seideanna fir i mBaile an Gharraí, Caiseal, Buiríos Ó Luigheach, Buiríos Uí Chéin, Cathair Dúin Iascaigh, Cluain Meala, Cloch Shiurdáin, Ros Cré, An Teampall Mór, Durlas agus Baile Thiobraid Árann. Soláthraíonn Comhairle Contae Thiobraid Arann síolchaipiteal beag do sheideanna na bhfear chomh maith le tacaíocht theicniúil. Cruthaíonn rath 'Seid na bhFear' ar fud na tíre agus an domhain, go bhfuil géarghá leis an gcineál sin idirghabhála sa phobal.



Grúpa seid fir Dhurlas ag foghlaim scileanna TF

## Comhairle na nÓg

Tháinig Comhairle na nÓg Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas le chéile agus tá siad mar aon Chomhairle na nÓg amháin le os cionn 40 comhalta. Is é atá i gComhairle na nÓg ná comhairle óige a thugann an deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i bhforbairt seirbhísí agus beartas áitiúil. I 2014, bhain na saincheisteanna lárnacha a d'oibrigh Comhairle na nÓg i dTiobraid Árann orthu le feasacht faoi mheabhairshláinte, comhoibriú ar an bplean coiste do sheirbhísí leanaí leis an FSS agus cumasc na gComhairlí Contae. I measc na samplaí d'imeachtaí a ritear i gcaitheamh na blianta tá 'Different is ok, different is unique' i gCaiseal, agus imeacht 'week of light' i Ros Cré. I nDeireadh Fómhair, den chéad uair riamh, bhí an CGB déanta suas de Chomhairle Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas araon. D'fhreastail os cionn 200 duine óg air, vótáil siad toscairí ar Chomhairle na nÓg Thiobraid Árann agus chinn siad ar na príomhábhair don bhliain dar gcionn. I 2014 ceiliúradh cothrom 25 bliana ó glacadh le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh agus labhair Suzanne Byrne leis na daoine óga faoi thábhacht an choinbhinsiúin sin.



Comhaltaí Comhairle na nÓg Thiobraid Árann ag an Taispeántas Náisiúnta ar fhreastail an Taoiseach, Enda Kenny, T.D. agus an Dr. James Reilly, TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige air

## Mórtas Áite

I 2014 chonacthas dhá hiarracht ó Chontae Thiobraid Árann sa Chomórtas Mórtas Áite de chuid All-Island Co-Operation Ireland. Is í aidhm Mórtas Áite ná ról ríthábhachtach pobal sa tsochaí a aithint agus a cheiliúradh. Rinne Cashel Gold Star ionadaíocht ar Thiobraid Árann sa chatagóir Nuálaíocht Pobail. Chuaigh Sráidbhaile Chloch Shiurdáin san iomaíocht sa tionscnamh Éiceaphobal. Moladh an dá ghrúpa as a sárobair, agus bhuaigh Cloch Shiurdáin an duais ba mhó sa chatagóir Éiceathionscnamh ag imeacht in Inis i Samhain.



Dámhachtainí Mórtas Áite 2014

*"Is í an aidhm Mórtas Áite ná ról ríthábhachtach pobal sa tsochaí a aithint agus a cheiliúradh*

## Tacaí Meabhairshláinte

### Painéal Tomhaltóirí Thiobraid Árann Theas

Thacaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann le bunú phainéal Tomhaltóirí Thiobraid Árann Theas atá déanta suas d'úsáideoirí seirbhíse, chúramóirí, bhaill teaghlaigh, chairde, díobh siúd a úsáideann Seirbhísí Meabhairshláinte Thiobraid Árann Theas. Tagann siad le chéile le baill foirne FSS chun smaointe a roinnt, agus dul i bhfeidhm ar athrú dearfach maidir le meabhairshláinte. Bíonn léargas uathúil ag daoine a bhain leas as an tseirbhís Meabhairshláinte agus a gcuid teaghlach agus cairde maidir le conas is fearr a fhéadann seirbhís meabhairshláinte a bheith éifeachtach. Tríd an bPainéal Tomhaltóirí bíonn tionchar iarbhír acu ar fhorbairtí na Seirbhísí Meabhairshláinte i ndeisceart an chontae amach anseo.

### Féinmharú a Chosc agus Tacaíocht Méala agus Caillteanais

Tugadh tacaíocht do roinnt grúpaí i dtuaisceart an chontae tríd na deontais um féinmharú a chosc agus na deontais um thacaíocht méala agus caillteanais. Ba iad na tionscadail a cistíodh ná ceardlanna ealaíne éascaithe, ceardlanna siúinéireachta, searmanais chuimhneacháin, leabhair chuimhneacháin grianghraif, cainteanna sábháilteachta agus laethanta eolais, feachtais las coinneal agus imeachtaí cafe sealadaigh. Tugadh cistí d'ocht ngrúpa déag a raibh ina measc Lucht Taistil Tuaithe Thiobraid Árann, Ionad Acmhainne Teaghlaigh na Mílaoise, Ionad Acmhainne Pobail Nano Nagle agus Seid Fear Chathair Dúin Iascaigh.



Ceardlann ar Fhéimharú a Chosc Cluain Meala

### Plean le haghaidh 2015

Tá pleanáil ar siúl le hoibrithe Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann, le hOifig an Mheán-Iarthair um Féinmharú a Chosc, Tusla agus an FSS chun páirtithe leasmhara lárnacha i soláthar na meabhairshláinte i dtuaisceart na tíre a thógáil le chéile agus é mar aidhm plean chun féinmharú a chosc agus plean um tacaíocht mheabhairshláinte a chur le chéile.

*D'fhorbair an Rannóg Pobail agus Forbartha Eacnamaíochta agus Oifig an Mheán-Iarthair um Féimharú a Chosc plean le Seirbhísí Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann chun oiliiúint bhunúsach agus leibhéal 2 i WRAP (Wellbeing Resilience Action Plan) a thabhairt isteach i dtuaisceart an chontae.*

## RAPID

Lean Foirne Forfheidhmithe Ceantair RAPID i gCarraig na Siúire, Cluain Meala, agus i mbaile Thiobraid Árann ar aghaidh ag reáchtáil cruinnithe i rith 2014.
Mar gheall ar an laghdú ar bhuiséid le blianta beaga anuas don chlár, dírítear ar chur chuige comhordaithe ag na gníomhaireachtaí a chinntiú agus ar chumarsáidí a éascú idir pobail faoi mhíbhuntáiste le soláthraithe seirbhíse.



Cur plandaí ag ceantar an Chiorcail, sa Dúlra Fiáin Cluain Meala mar chuid de phlean gníomhaíochta Dúlra Fhiáin RAPID 2014

## Cúram Leanaí

Bliain rathúil eile ab ea 2014 do Choiste Cúram Leanaí Contae Thiobraid Árann Thuaidh (CCLTÁT). Baineadh amach na príomhthosaíochtaí áitiúla agus náisiúnta. Ba í an phríomhghné ar díríodh uirthi arís i mbliana ná na scéimeanna cistithe náisiúnta a chur i bhfeidhm. I gcoinne chúltra an lagtrá eacnamaíochta tá na scéimeanna sin fós ina bpríomhfhoinse eacnamaíochta do sholáthraithe cúram leanaí.

Tá 77 seirbhís cúram leanaí againn i dTiobraid Árann Thuaidh faoi láthair. Tá ceithre sheirbhís déag bunaithe sa phobal agus seirbhísí neamhspleácha iad an chuid eile. Seirbhísí seisiúnacha iad an chuid is mó acu, agus áiteanna réamhscoile agus iarscoile á dtairiscint acu. Osclaíodh cúig sheirbhís réamhscoile nua agus aon seirbhís iarscoile amháin nua i mbliana.

Freisin dúnadh cúig sheirbhís. Bhí fáthanna éagsúla freagrach as dúnadh na seirbhísí. I gcás seirbhíse amháin dúnadh de bharr scoir nádúrtha í agus i gcás na trí seirbhíse eile mheas na hoibreoirí nárbh fhéidir iad a choimeád ar siúl.

*Arís eile i mbliana díríodh go príomha ar na scéimeanna náisiúnta cistithe a chur i bhfeidhm.*

## 2015

**Beidh Coistí Cúram Leanaí Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas ag teacht le chéile i 2015 chun bheith mar aon choiste aontaithe amháin de réir na struchtúr nua d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí poiblí eile. Beidh sé sin i bhfoirm cuideachta neamhspleáiche faoi theorainn ráthaíochta ar aon dul leis na Coistí Cúram Leanaí eile ar fud na tíre. Is é a bheidh i gceist leis sin na go n-imeoidh CCLTÁT ó struchtúr na Comhairle agus é mar chuid den Chomhairle ó tionscnaíodh i 2001 é. Tá súil againn go mairfidh na naisc a cruthaíodh agus a forbraíodh i gcaitheamh na mblianta. Beidh go leor dushlán ag baint leis hathruithe atá beartaithe do 2015 do na baill foirne agus don choiste cúram leanaí i dTiobraid Árann Thuaidh. Táimid geallta chun oibriú as lámh a chéile, áfach, chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm chomh héifeachtúil agus chomh tapa is féidir agus go gcuirtear isteach a lú agus is féidir ar sheirbhísí cúram leanaí.**

## 2014:

Cuireadh fáilte leis an leithdháileadh cistiú caipitil a chabhraigh go mór le seirbhísí cúram leanaí i dTiobraid Árann Theas. Bhain cúig sheirbhís pobail leas as an scéim.

Fuair CCLTÁT cistiú de **€5,863** ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) le haghaigh Grúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán. Bhain seacht ngrúpa déag leas as an gcistiú sin.

Freisin fuaireamar cistiú de €6,772 le haghaidh Cúramóirí Leanaí sa Teach. Bhain seacht soláthraí leas as sin.

Bhí an-áthas orainn leis an bhfreastal den chéad scoth ag an seimeanár uimhearthachta agus litearthachta a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair. Ba í an Dr. Geraldine French a d'éascaigh an seimeanár sin, agus thug sí cur i láthair an-spreagúil agus eolasach a thug cuir chuige súgartha praiticúla bunaithe ar thaighde i dtreo na réimsí curaclaim lárnacha sin do chleachtóirí.



An Dr. Geraldine French



Foghlaim conas comhaireamh trí spraoi

Chomhoibrigh CCLTÁT le foireann Luathidirghabhála Thiobraid Árann Thuaidh chun ceardlann a óstáil ar thacú le soláthraithe luathbhlianta chun leanaí ar speictream an uathachais a bhainistiú i seirbhísí luathbhlianta. D'fhreastail seasca-haon soláthraí cúram leanaí ar an oiliúint seo. Thug an fhoireann luathidirghabhála léargas an-úsáideach ar an réimse fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach le leanaí ar speictream an uathachais. Freisin thug siad roinnt straitéisí agus cur chuige fíorphraiticiúla a d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse a úsáid chun déileáil leis na fadhbanna sin.

Tá CLLTÁT geallta chun forbairt foirne agus tá an-áthas orainn gur bhain Edel Condon, Oifigeach Forbartha, Ard-Dioplóma i Luathchúram Leanaí & Oideachas (Leibhéal 8) le céad onóracha amach in IT Cheatharlach.



Thuas tá Edel Condon le Soláthraithe Cúram Leanaí i dTiobraid Árann Thuaidh

C-D Jacqui Maher (Réamhscoil Sheosaimh, Our Special time Montessori, Corville), Madeline Dollard (Laethanta Sona Montessori, Ros Cré), Carol Thompson (Réamhscoil Willisson Ros Cré), Edel Condon, (CCLTÁT), Regina Ely (Bábóg Montessori, Durlas), Margaret Murphy (Ros Cré)

Tá cuibhreann de sheirbhísí cúram leanaí pobail i dTiobraid Árann Thuaidh ag leanúint ar aghaidh leis an oiliúint ardréimse atá á cistiú trí dheontas ó Fhondúireacht Tony Ryan.

Críochnófar an oiliúint sin ag tús shamhradh 2015. Táthar ag fáil aiseolas dearfach ón oiliúint. Tá níos mó cistí tugtha ag Fondúireacht Tony Ryan don ghrúpa seo cheana féin le haghaidh trealaimh.

Seoladh ar líne an foilseachán ar líne Music in Childcare Settings, Research, Design, Delivery i dTiobraid Árann Thuaidh 2006-2013 le Frances Shanahan mar chuid de Academy 20 Convocation, Between the Poetic & the Practical, i mí na Samhna san Irish World Academy of Music and Dance, Ollscoil Luimnigh.



Íomhá: Maurice Gunning Photographer

Ó Chlé: Melanie Scott, Oifigeach Ealaíne Comhairle Contae Thiobraid Árann; Frances Shanahan, údar Music in Childcare Settings; Olivia Kennedy-Murphy, Príomhoide/Bainisteoir, Teach an Léinn, BOO Thiobraid Árann ETB; Aileen Healy, Comhordaitheoir CCLTÁT

Oiliúint i gCosaint agus Leas Leanaí - tugadh ceithre chúrsa ar bhonnleibhéal do 78 rannpháirtí ó 28 seirbhís

Tionscnamh ar cuireadh fáilte mhór roimhe ab ea The Learner Fund. Tugadh faomhadh do naoi mball foirne déag ó sheirbhísí cúram leanaí le haghaidh cistiú chun a gcuid oiliúna a chríochnu faoi bhabhta a haon den chlár seo agus tugadh faomhadh do 6 ball foirne cúram leanaí eile i mbabhta a dó.

# Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann



**Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas réimse leathan cúrsaí, ceardlann, clár gníomhaíochta fisicí agus tionscnamh a sheachadadh agus a chomhordú i rith 2014.**

Tá dara Plean Straitéiseach 2011-2016 na Comhpháirtíochta Spóirt á cur i bhfeidhm ag an gComhpháirtíocht Spóirt faoi láthair. Is í an fhís le haghaidh Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas fós ná 'Gníomhaíocht do Chách' agus í an aidhm fhoriomlán atá i gceist ná spórt a fhorbairt agus gníomhaíocht fhisiceach fadsaoil i dTiobraid Árann Theas a mhéadú.

Ba é an éacht ba shuntasaí ná i Meán Fómhair, i gcomhpháirt lenár gcomhghleacaithe i gComhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Thuaidh, nuair a óstáladh cúigiú Mionmharatón Thiobraid Árann i nDurlas agus 770 bean ag glacadh páirte ar an lá. Rath mór ab ea an imeacht agus an bua ag Siobhan Doherty arís agus ba í an té ba sine a ghlac páirt ann ná Maureen Armstrong nach raibh ach 89 mbliana d'aois.

I 2014 bhí go leor athruithe a bhain le Mionmharatón Thiobraid Árann lenar áiríodh méadú leanúnach na grúpaí tar le chéile agus traenáil sa Chontae. i 2014, bunaíodh grúpaí nua i mBaile Uí Néill, Baile an Gharraí agus Cathair Dúin Iascaigh ar thug an Chomhpháirtíocht tacaíocht dóibh. Ghlac baill de na grúpaí sin páirt in imeachtaí éagsúla 5k agus 10k ar fud an Chontae.





Mionmharatón Ban Thiobraid Arann 2014

Lean an clár SIDO ar aghaidh i dTiobraid Arann agus Vincent Foley ag éascú raon leathan gníomhaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas. Rinneadh roinnt clár lárnach a sheachadadh a raibh ina measc an STSP Boccia League, Siúlóidí Lasmuigh, Craobh Cuiridh Moorehaven, Special School Sportshall Athletics, Galf NAG Golf, Dreapadh Carraige agus Sprocket Rocket.



Caint Foirne ar siúl le linn Chraobh Moorehaven e2014.

Ceann de na príomhéachtaí ná an Clár Dornálaíocht do Chách i mBaile Thiobraid Árann. Ina theannta sin rinne Vincent Power seisiúin traenála a sheachadadh agus d'eirigh go hanmhaith leo siúd.



Boxing for All, Tipperary Town, 2014



Buggy Push 5k, 2014

Bunaíodh tionscnamh nua a dhíríonn ar Mháithreacha Buggy Brigade Fitness i gCluain Meala agus leanann an grúpa ar aghaidh ag teacht le chéile gach seachtain. San Fhómhar ritheadh an clár i mBaile Thiobraid Árann ar feadh 12 sheachtaine. D'óstáil Buggy Brigade Fitness a chéad 'Buggy Push' 5k ar an Domhnach 12 Deireadh Fómhair ar Ráschúrsa Bhaile an Phaoraigh chun cabhrú le hairgead a thiomsú d'Aonad Sainchúram Leanaí in Ospideál Ginearálta Thiobraid Árann Theas. Bhí an Buggy Push dírithe ar spreagadh do thuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu dul amach agus taitneamh a bhaint as an aclaíocht mar chlann.

Bhí os cionn 260 duine rannpháirteach sa spraoi. Agus 75 bugaí ag glacadh páirte ann ba iontach an deis é chun scileanna tiomána bugaí a thaispeáint do chách! San imeacht uathúil seo ní raibh gá le bugaí, ná leanbh fiú chun páirt a ghlacadh inti, bhí sé oiriúnach don chlann go léir, mar sin bhí na leanaí níos sine ar a rothair, agus cuid acu ag bogshodar & cuid acu ag siúl timpeall an bhealaigh, bhí sé go hiontach na seantuismitheoirí a fheiceáil ag glacadh páirte sa spraoi chomh maith!

*"Is í an fhís le haghaidh Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas fós ná 'Gníomhaíocht do Chách' agus is í an aidhm fhoriomlán atá i gceist ná spórt a fhorbairt agus gníomhaíocht fhisiceach fadsaoil i dTiobraid Árann Theas a mhéadú.*

Bhí rothaíocht chun tosaigh i 2014 agus turais rothaíochta teaghlaigh eagraithe mar chuid de Sheachtain na Rothar i Meitheamh & arís i Lúnasa ar chuid d'Fhéile Rothaíochta Ghleann na Siúire. Reáchtáladh cúrsa traenála Bike for Life i mí Aibreáin agus ionadaíocht ag gach club i dTiobraid Árann Theas ann. Anois tá ceannairí traenáilte sa chlár sin den chéad scoth do rothaithe nua ag na clubanna sin go léir. I Meitheamh, tháinig CSTÁT & CR Chluain Meala le chéile chun Cúrsa 8 seachtaine Bike 4 Life a chur ar fáil do Mhná i gCluain Meala. Bhí an cúrsa an-rathúil agus 14 bhean ag glacadh páirte ann. Ag deireadh an chláir tugadh cead isteach saor in aisce don Tour de Suir ar an Domhnach 3 Lúnasa agus chríochnaigh go leor de na rannpháirtithe an bealach 50km & Turas Sean Kelly 100km de Phort Láirge. Cuirfidh CR Chluain Meala le rothlú seachtainiúil do mhná amháin i 2015 mar thoradh ar an gclár sin.



Clár na mBan Bike for Life, 2014

Mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na Rothar 2014, i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann, thacaigh CSTÁS le léig rothaíochta i gCarraig na Siúire, le lá Tots to Teens i mBaile Thiobraid Árann, le Rothlú Rothaíochta Ban i gCluain Meala, le Lá Scileanna Rothaíochta do Scoileanna i gCluain Meala, Turas Rothaíochta 55k & 100k le Seirbhísí Éigeandála, Turas Rothaíochta 5k do Theaghlaigh, Turas Rothaíochta Meet & Greet i gCathair Dúin Iascaigh agus Seisiún Bike 4 Life i gCill Síoláin.



An Lá Scileanna Rothaíochta, Seachtain Náisiúnta na Rothar 2014

I rith 2014, reáchtáladh roinnt clár rannpháirtíochta a dhírigh ar dhaoine óga, mhná agus dhaoine fásta níos sine. I measc na gclár sin bhí ranganna aclaíochta, clár rugbaí, tionscnaimh rothaochta, ceardlanna Go for Life, agus Féile do dhaoine breacaoste. Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an tionscnamh iarscoile do BeActive ASAP um Bunscoileanna. Ceann de na buaicphointí ná nuair a thaisteal foireann 12 fir ó Sheid Fir Chathair Dúin Iascaigh a bhí ag déanamh ionadaíochta ar Thiobraid Árann Theas chuig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i Meitheamh le haghaidh na gCluichí Náisiúnta Jump Start.



South Tipperary Team at the National Games, June 2014

I mí na Nollag bhronn an Chomhpháirtíochtpóirt na Damhachtainí do Shaorálaithe i Spórt ar 5 shaorálaí mar aitheantas dá ról neamhleithleach i bhforbairt a gclub agus a spóirt. Ba é an buaiteoir iomlán ná Anne O'Dwyer a aimníodh ag Club Camógaíochta Éire Óg Áth na Cairte/Dhún Eochaille.



Fáiltiú Dámhachtainí STSP um Shaorálaithe i Spórt , Mí na Nollag 2014

Lean CSTÁT ar aghaidh le hobair mar chuid de thionscadl Interreg na hEorpa Interreg project 'Green & Blue Futures' le Comhairle Contae Thiobraid Árann. Díríonn an tionscadal sin ar dhaoine a athcheangal le hAbhainn na Siúire trí thionscadail éagsúla. Ábhar bróid don Chomhpháirtíocht é a bheith bainteach le 2 phointe rochtana feabhsaithe a thógáil ar an abhainn ag Inch Field, Cathair Dúin Iascaigh agus Páirc Sean Healy, Carraig na Siúire. Rinne ionadaithe d'oifig na gCosán Náisiúnta measúnú ar an abhainn ag tús 2014.

## 2015

**Tá gach dealramh air go mbeadh 2015 ina bliain táirgiúil maidir le forbairt an spóirt sa Chontae. I rith 2016 mar chuid de leasú an rialtais áitiúil tarlóidh cumasc idir Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas h agus Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas chun bheith ina aon Chomhpháirtíocht Spóirt amháin don Chontae .**

## Tuarascáil Oifigigh Fhorbartha an FAI 2014

Is é atá i **Project Futsal** ná tionscadal a ritheann an FAI agus BOO Thiobraid Árann i dteannta a chéile ar tháinig deireadh leis an dara bliain de i mBealtaine. Tar éis rath na chéad bliana den chlár, lean an cúrsa ar aghaidh ar an gcaoi chéanna. Caitheann na rannpháirtithe bliain iomlán i mbun oideachais acadúil agus peile. Leis an BOO, gnóthaíonn rannpháirtithe dámhachtain iomlán FETAC leibhéal 5 i staidéir Spóirt agus Caithimh Aimsire. Freisin bíonn ar rannpháirtithe níos mó ná 70 uair an chloig de thaithí oibre a dhéanamh le linn na bliana, rud a chuireann cabhair bhreise ar fáil don phobal peile sa cheantar.

**Bhí Cuimsiú Sóisialta** fós faoi lán seoil agus gníomhaíocht pheile rialta curtha ar fáil do dhaoine óga Chluain Meala, Charraig na Siúire agus Bhaile Thiobraid Árann trí mheán ócáidí buail isteach, cláir iarscoile, blitzeanna agus sacar meánoíche.

**Forbairt Imreoirí (Buachaillí agus Cailíní)** Leanann an clár Emerging Talent ar aghaidh ag cur chun cinn fhorbairt na n-imreoirí fireanna agus baineanna den scoth sa chontae agus ionaid barr feabhais i nDeisceart agus i dTuaisceart an Chontae ag soláthar am breise oiliúna agus teagmhála le os cionn 350 imreoir faoi aois den scoth idir na haoiseanna u10-u16.



Foireann Emerging Talent na mBuachaillí faoi bhun 12 de chuid Thiobraid Árann Theas 2014

**Oideachas Oiliúnóirí (agus leas leanaí san áireamh)** Ritheadh 25 ceardlann oideachais d'oiliúnóirí ó chúrsaí Kick Start 1, Kick Start 2, 4v4, 7v7, Strength and Conditioning agus Youth Cert ar fud an chontae i rith na bliana agus chuir os cionn 200 oiliúnóir lena gcuid eolais faoi oideachas oiliúnóirí. Tá tús curtha freisin le ceardlanna ar Leas Leanaí trí mheán an FAI agus anuas go dtí seo tá 90 oiliúnóir imithe tríd an gcéad bhabhta de cheardlanna



Cúrsa Oiliúna Kickstart 1

**Leanann Peil na gCailíní** ar aghaidh ag dul i méid agus í ar fáil i mbeagnach 20 club ar fud an chontae.

**Campaí Samhraidh** Bhain 1600 leanbh ar fud Thiobraid Árann taitneamh as taithí an champa samhraidh le linn mhí Iúil agus Lúnasa agus campaí óstáilte ag 20 club ar fud an chontae.

**Tá clubanna Peil** do Chách faoi lán seoil anois san Aonach, i Ros Cré, i gCathair Dúin Iascaigh agus i gCluain Meala agus freisin ritear seisiúin rialta le Rehab Care, Scoileanna Riachtanas Speisialta (.i. St. Annes Ros Cré) leis na Líonraí Náisiúnta Foghlama agus le seirbhísí Bráithre na Carthanachta i ngach cearn den chontae.

**Cúrsaí Idirchultúrtha** Rinneadh Show Racism the red carda sheachadadh chuig 4 scoil i dTiobraid Árann Theas agus Thuaidh le linn Sheachtain FARE UEFA ina leagtar béim ar na fadhbanna agus ina gcuirtear eolas ar fáil dóibh a d'fhéadfadh gur chuir ciníochas as dóibh agus iad i mbun an chluiche. Ina theannta sin rinneadh clár iarscoile 6 seachtaine a sheachadadh chuig daltaí SN Buachaillí Chathair Dúin Iascaigh agus arís leagadh béim ar fhadhb an chiníochais sa spórt agus léiríodh conas déileáil léi.


**Scoileanna** Ghlac níos mó ná 70 scoil páirt sa chomórtas rang a 5/6 do Bhunscoileanna Thiobraid Árann in Aibreán/i mBealtaine agus reáchtáladh craobhchomórtas Mumhan san Aonach. Freisin ritheadh blitzeanna Furstal do rang a 3/4 agus don chéad bliain i meánscoileanna i nDurlas.



S.N. na Cúirte Dóite a bhuaigh Bunscoileanna Thiobraid Árann (catagóir na scoileanna beaga) 2014

# Seirbhísí Leabharlainne

Oibríonn Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann líonra de dhá leabharlann déag ar fud an chontae i nDurlas:An tAonach, Ros Cré, An Teampall Mór, Buiríos Uí Chéin, Cloch Shiurdáin, Cluain Meala, Carraig na Siúire, Tiobraid Árann, Caiseal, Cathair Dúin Iascaigh agus Cill Náille. Tugadh os cionn 600,000 cuairt ar leabharlann i dTiobraid Árann i rith 2014, eisíodh 450,000 leabhar agus cuireadh 76,000 seisiún idirlín in áireamh.





An cruinniú deireanach den Chomhchoiste Leabharlainne

## Comhchoiste Leabharlainne Chontae Thiobraid Árann

Bunaíodh Comhchoiste Leabharlainne Chontae Thiobraid Árann ar an 1 Eanáir, 1927 chun bheith mar an gcomhchomhlacht a threoródh an tseirbhís phoibl i dTiobraid Árann agus thar ceann an dá Triain, agus é ag gníomhú mar Údarás Leabharlainne ar leithligh a bhí i gceannas ar sheirbhís leabharlainne fhorásach agus réamhghníomhach ar fud na tíre go dti gur scaoileadh i Meitheamh 2014 é faoi chumasc an dá Chomhairle Contae. Rinne an Cmhlr. Siobhán Ambrose cathaoirleacht ar an gcruinniú deireanach den choiste i Márta, 2014.

## Seoladh an tseirbhís ríomhleabhair


Tá méadú déanta ag an tSeirbhís Leabharlainne ar a cuid seirbhísí agus ríomhleabhair ar fáil ó láithreán gréasáin na leabharlainne anois. Is féidir le sealbhóirí chártaí leabharlainne meáin digiteacha móréilimh a thógáil ar iasacht uair ar bith, áit ar bith, trí cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin ríomhleabhar na leabharlainne. Is féidir le húsáideoirí brabhsáil a dhéanamh ar láithreán gréasáin na leabharlainne, teidil a thógáil ar iasacht má tá cárta leabharlainne bailí acu, agus taitneamh a bhaint as an tseirbhís ar gach mór-ríomhaire agus fearas, lena n-áirítear iPhone, iPad, Nook, fóin agus táibléid Android. Is féidir ríomhleabhair a léamh láithreach ar aon fhearas ar a bhfuil brabhsálaí idirlín agus rachaidh gach teideal in éag go huathoibríoch ag deireadh na tréimhse iasachta. Ní ghearrfar aon táillí deireanacha! Tá an tseirbhís nua sin, atá cumhachtaithe ag TOverDrive, saor in aisce d'úsáideoirí a bhfuil cárta leabharlainne acu -ó áit ar bith ag am ar bith, rud a chiallaíonn gur seirbhís leabharlainne 24 uair an chloig cheart muid. Tá baill foirne leabharlainne ar fáil chun comhairle a thabhairt faoi úsáid na seirbhíse nua seo agus thar na míonna atá romhainn beidh taispeántais againn inár mbrainsí leabharlainne ar fud an chontae.



Seoladh an tseirbhís ríomhleabhar

## An Tionscadal Digitithe

Ag deireadh 2012 chuir rannóg Staidéar Thiobraid Árann tús le tionscnamh chun digitiú a dhéanamh ar ábhar cartlainne agus é mar aidhm raon leathan de bhunfhoinsí a chur ar líne, ní hamháin chun feabhas a chur ar a láithreacht ar líne, ach chun branda Thiobraid Árann, agus staidéar Thiobraid Árann in éineacht leis, a dhíol ar fud an domhain. Cuireadh tús le hobair agus úsáid á baint as scanóir plánach A3, ach ba léir go luath go raibh scanóir den mhéid sin ró-bheag agus mí-oiriúnach do nádúr leochaileach an ábhair a bhí á dhigitiú. I 2014, tar éis taighde a dhéanamh ar dhea-chleachtas agus thaithí ar dhigitiú le hOllscoil Luimnigh, aithníodh Scanóir Zeutschel Scanner OS 12002 mar an tsamhail ab fhearr don chuspóir. Constaic mhór a bhí i gceist leis an gcostas, ach mar gheall ar fhlaithiúlacht úsáideoir sheirbhís Staidéar Thiobraid Árann, agus iarrachtaí tiomsaithe airgid na mball foirne, ardaíodh costas iomlán an trealaimh riachtanaigh in urraíocht. Go dtí seo, tá scanadh déanta ar aon Leabhar Rátaí amháin ó gach Toghcheantar de chuid Dhurlas agus an Aonaigh – na hAontais Dhlí na mBocht a bhfuil siad fós ann dóibh go príomha. Tá obair fós ar siúl chun meiteashonraí a thiomsú agus ábhar breise a scanadh.



No. 1.] Thurles Union.

A Rate for the Relief of the Poor of the Thurles Union, in the County of Tipperary made this day

| No. | Name or Situation of Property Rated. | Description of Property Rated. | Estimated Extent. a. | r. | p. | Net Annual Value. £ | s. | d. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 138 | Liskeveen | Houses & Lands | 38 | 2 | - | 20 | 15 | - |
| 139 | Do | Do | - | - | - | - | - | - |
| 140 | Do | Do | 4 | - | 3 | 2 | 12 | - |
| 141 | Do | Do | 4 | - | 7 | 2 | 10 | - |
| 142 | Do | Do | 4 | - | 7 | 2 | 10 | - |
| 143 | Do | Do | - | - | - | - | - | - |
| 144 | Do | Do | 22 | 2 | 28 | 14 | - | - |
| 145 | Do | Do | 2 | 3 | 13 | 1 | 15 | - |
| 146 | Do | New House & Concerns | 7 | 1 | - | 2 | 2 | - |
| 147 | Do | Do | 32 | 1 | 23 | 40 | - | - |
| 148 | Do | Do | 190 | 2 | 26 | 117 | 15 | - |
| 149 | Do | Turf Bank | - | - | - | 80 | - | - |
| - | Do | Bog in Common | 300 | - | - | - | - | - |
| 159 | Do | Do | 3 | 1 | - | 2 | - | - |
| 160 | Do | Houses & Lands | 9 | 2 | 35 | 6 | - | - |
| 161 | Do | Do | 4 | 3 | 17 | 3 | - | - |
| 162 | Do | Do | 121 | 1 | 20 | 101 | - | - |
| 163 | Do | Do | - | - | - | - | - | - |
| 168 | Do | Do | 67 | 3 | - | 72 | - | - |
| 16[illegible] | Do | Bog on Lands | 161 | 3 | 37 | 30 | - | - |
| Bog and Common to the Tenants Con- | | | - | - | - | - | - | - |
| sidered in laying the Value | | | 66 | 3 | 7 | - | - | - |
| | | | | | | 522 | 5 | - |

Taifid lámscríofa ó 1840

## Féile Leabhar na Leanaí



Lucht Leanúna Nicola Pierce i Leabharlann an Aonaigh

Is é atá i bhFéile Leabhar na Leanaí ná féile náisiúnta a bhíonn ar siúl ar feadh mhí Dheireadh Fómhair agus ina n-óstálann leabharlann scoth na n-údar, na maistitheoirí leabhar is na scéalaithe leanaí. I 2014, reáchtáladh imeachtaí i mbrainsí ar fud an chontae, agus d'fhreastail beagnach 1,200 leanbh orthu. I measc na mbuaicphointí bhí filleadh an údar, a labhair faoina leabhar City of Fate atá lonnaithe i Stalingrad le linn an Dara Chogaidh Domhanda. Dúirt múinteoir amháin, "The boys loved learning the historical background to the book, and really enjoyed the Q&A with Nicola." Imeacht eile a thaitin go mór leis na leanaí ab ea an scéalaí Niall de Búrca,ar chistigh an Oifig Ealaíon a chuairt. Dúirt múinteoir meánscoile, "To say he went down a treat would be an understatement, he was amazing. Thanks for getting him for the teens; they really gave him huge applause. As well as it being a serious subject he also threw in his humour along the way and was very funny at the end." I measc cuairteanna eile bhí an t-údar agus an maisitheoir leabhar Alan Nolan, údar an tsraith 'Danny' le haghaidh O'Brien Press, Brainóg Brady Dawson agus an t-ealaíontóir greannáin a rugadh i nDurlas, Cliodhna Lyons.

## Móroibreacha Éifeachtúlachta Fuinnimh

I 2014 rinneadh raidhse oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar chúig leabharlann sa chontae a bhuíochas do chistiú 50% ón scéim deontas Better Communities de chuid SEAI. I measc na n-oibreacha bhí cuasbhalla, insliú ailéir agus fuinneoga déghloinithe, a mhéadaigh compord teirmeach d'úsáideoirí agus a chinnteoidh sláinte struchtúrtha na bhfoirgneamh amach anseo. Tá córais soilse cliste curtha isteach i gceithre cinn de na cúig fhoirgneamh chun costais fuinnimh laghdaithe a chinntiú don todhchaí agus chun cinntiú go bhfuil na caighdeáin Eorpacha ábhartha á gcomhlíonadh ag na leibhéil solais. Cuireadh caidéil teasa i dtrí fhoirgneamh a thugann réiteach téimh carbóin ísil agus a sholáthraíonn téamh ísealchostais ó leictreachas níos saoire ag ráta oíche. Suiteáladh paineáil fótavoltacha ar fhoirgnimh áit ab fhéidir chun úsáid leictreachais lae ón eangach a laghdú agus chun praghsanna leictreachais níos ísle a bhaint amach don todhchaí. Ba é an foirgneamh ba mhó a rinneadh oibreacha air, lenar áiríodh díon nua, ná Leabharlann Ros Cré - tá bearta um fheabhsú fuinnimh den sórt sin ríthábhachtach chun cinntiú go gcomhlíonfaidh seanfhoirgnimh deachaighdeán ó thaobh compoird agus chun cinntiú go gcoimeádfar costais fuinnimh oibriúcháin chomh híseal agus is féidir amach anseo.




Leabharlann Ros Cré tar éis athchóirithe mhóir

# Na hEalaíona

**Oibríonn Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Thiobraid Árann i dtreo fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae trí comhairle agus eolas a thabhairt; forbairt beartais do na healaíona; deontais agus scéimeanna do na healaíona; agus clár ealaíon forbartha. Leanann an tseirbhs ar aghaidh ag tógáil nasc, clár agus beartas chun cinntiú go mbíonn na healaíona i dTiobraid Árann ina ngné lárnach de shaol cathrach an chontae. Bliain ghnóthach don Oifig Ealaíon ab ea 2014; seo cuid de na buaicphointí.**


## Féile Bhealtaine

Reáchtáladh os cionn 100 imeachta i gContae Thiobraid Árann le linn mhí Bhealtaine chun ceiliúradh a dhéanamh ar Fhéile Bhealtaine a d'eagair an Oifig Ealaíon i gcomhpháirt le Leabharlanna Thiobraid Árann. Is é atá i Bealtaine ná Féile Ealaíon Náisiúnta a ritear le linn mhí Bhealtainte gach bliain i gcomhpháirt le Age and Opportunity. Seoladh an seachtú Féile Bhealtaine i dTiobraid Árann i nDurlas ar an 1 Bealtaine ag an nGarda Chris Verling, Cathaoirleach ar Successful Ageing Thurles a spreag rannpháirtíocht ghníomhach san fhéile mar chuid de thionscnaimh um aosú dearfach i dTiobraid Árann. Chonacthas saothair ionadaithe ó Ionaid Cúram Lae & Grúpaí Scoir Ghníomhaigh as gach cearn den chontae lenar áiríodh go leor de na healaíontóirí, i dtaispeántas Bhealtaine "Celebrating Art in Nature" ina bhfacthas os cionn 60 saothair le healaíontóirí as an réigiún.



"Taispeántas Celebrating Art in Nature Exhibition" mar chuid d'Fhéile Bhealtaine Thiobraid Árann 2014









Daltaí agus múinteoirí ó scoileanna rannpháirteacha le Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann An Cmhlr Michael FitzGerald, Stiúrthóir Cóir Alan Leech, Marie McMahon, Caomhnóir Músaem agus Melanie Scott, Oifigeach Ealaíon ag Seoladh Oíche Chultúir 2014

## Oíche Chultúir

D'éirigh thar barr leis an gcéad Oíche Chultúir do Thiobraid Árann Uile a chomhordaigh an Oifig Ealaíon i 2014 agus méadú faoi dhó ar an líon daoine a ghlac páirt inti i gcomparáid leis na figiúir le chéile ó 2013. Sa chur chuige nua contae uile ghlac 22 ionad páirt san oíche, agus eagraíodh os cionn 36 imeachta i 11 bhaile ar fud an Chontae.

Sheol Chomhairle Contae Thiobraid Áran, An Cmhlr. Michael FitzGerald, an chéad Oíche Chultúir Contae Uile i Músaem an Chontae i gCluain Meala le léiriú suntasach ag trí chór scoile áitiúla faoi stiúradh an Stiúrthóir Cóir Alan Leech a d'oibrigh leis na cóir agus na múinteoirí sna scoileanna san am roimh oíche chultúir. Agus Oíche Chultúir i dTiobraid Árann á sheoladh aige leag an Cathaoirleach béim ar an bpointe go dtugann Oíche Chultúir deis dúinn ceangal a dhéanamh arís le tionscnamh áitiúil agus le talann inár gcuid ceantar féin agus éagsúlacht chultúrtha gach contae ar leithligh a chur chun cinn.



## Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann

Lean Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann ar aghaidh i rith 2014 leis an Iseli-Chiodi Dance Company i gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíon agus Tipperary Excel. D'éirigh go han-mhaith leis an gcónaitheacht sin mar chur chuige straitéiseach fadtéarmach i dtreo fhorbairt na Rince sa Chontae, trí thacú le rannpháirtíocht an phobail agus gairmithe agus trí léirithe agus cleachtóirí rince den chéad scoth a thógail chuig an gContae. I rith 2014 táirgeadh réimse deiseanna um dhul i ngleic le rince tríd an gcónaitheacht lenar áiríodh an Scéim Rince i Scoileanna, All Day Do Dance a reáchtáladh i dTiobraid Árann i mí Aibreáin agus Ardán Rince Thiobraid Árann a bhí ar siúl in Excel Thiobraid Árann i mí Dheireadh Fómhair agus a thug deiseanna taithí a fháil ar Léirithe Rince Idirnáisiúnta sa Chontae.

> *I rith 2014 táirgeadh réimse deiseanna um dhul i ngleic le rince tríd an gcónaitheacht lenar áiríodh an Scéim Rince i Scoileanna*

## Switch

Reáchtáladh tionscadal faoi cheannas ealaíontóra a chuir chun cinnn agus a thaispeáin físealaíon chomhaimseartha i gcomhthéacs poiblí san Aonach ó 4-11 Feabhra 2014. I bhforbairt nua le haghaidh switch 2014 rinneadh caomhnú ar thaispeántas aonair de 8 saothar ag an ealaíontóir Fionlannach Santtu Koivu agus taispeánadh san Aonach i mí Feabhra iad agus fuarthas cistiú i gcomhpháirt le hÚdarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair le haghaidh mháistir-rang 3 lae leis an ealaíontóir Fionlannach ar cuairt a thug deis um forbairt ghairmiúil idirnáisiúnta d'ealaíontóirí sa réigiún.



Switch 2014

> *Leithdháileadh cistiú ar ghrúpaí pobail agus deonacha áitiúla faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomahíochtaí agus imeachtaí ealaíne neamhpleácha an chontae.*

## Cistiú

**I rith 2014, leithdháileadh cistiú ar 52 ghrúpa pobail agus deonach áitiúil faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí agus le himeachtaí ealaíon neamhspleácha ar fud an chontae. Fuair 20 ealaíontóir tacaíocht trí mheán raon de scéimeanna Tacaíochta Ealaíontóra ar fud foirmeacha ealaíne. I rith 2014 freisin d'oibríomar i ndlúthpháirt leis an VAI agus le Damer Gallery chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ealaíontóra trí rannpháirtíocht i gcaifé ealaíontóra contae uile i Meán Fómhair agus trí thacaíocht do cheardlanna forbartha ealaíontóra i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla chomharsanacha agus le VAI i nDeireadh Fómhair**

**Reáchtáladh sé Thionscadal Scéim an Ealaíontóra sa Bhunscoil ar fud an chontae a chuimsigh tionscadail áit a raibh an deis ag leanaí oibriú le ceoltóirí, físealaíontóirí agus ealaíontóirí sorcais ar thionscadail a dhear na healaíontóirí i gcomhpháirt leis na scoileanna.**

**Cuireadh tacaíocht, comhairle agus/nó cistiú ar fáil do raon féilte ealaíon ar fud an Chontae i 2014.**

# Oidhreacht & Cultúr

## Oifig Oidhreachta Thiobraid Árann

### An Plean Oidhreachta

**Tá seachadadh tionscadal faoi Phleananna Oidhreachta an Chontae lárnach i ról an Oifig Oidhreachta. Lean tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt ar aghaidh lena chomhar le contaetha an Chláir agus na Gaillimhe chun leabhrán rianta oidhreachta nádúrtha a dhéanamh agus oiliúint sna meáin sóisialta a thabhairt do ghrúpaí pobail áitiúla.**

*'Freisin cuireadh ceardlanna 'Place to Bee' ar fáil d'aon fhéilte agus imeachtaí áitiúla áit a raibh siad ag teastáil agus chistigh an Oifig Oidhreachta iad.*

*Ritheadh an tionscadal Raising Awareness i 2014 freisin, agus tugadh tacaíocht do ghrúpaí áitiúla chun feasacht faoinár n-oidhreacht áitiúil a chur chun cinn agus a ardú. Reáchtáladh roinnt imeachtaí do Sheachtain na gCrann agus don tSeachtain Oidhreachta.*

**Leanadh ar aghaidh leis an Scéim um Thógáil i gCúram Séadchomhartha i 3 láithreán:**

- Thug grúpa Chathair Dúin Iascaigh rochtain ar Theach Oighir a bhí bactha roimhe sin,
- I gCaiseal thug an grúpa faoi shuirbé geoifisiceach chun scrúdú a dhéanamh ar iarsmaí bhallaí an bhaile nárbh fhéidir a fheiceáil agus
- I gCnoic Thiobraid Árann lean an grúpa ar aghaidh ag déanamh cothabhála ar na cnoic agus d'infheistigh siad ina gclár oideachais agus for-rochtana leis na scoileanna áitiúla



An Teach Oighir i gCathair Dúin Iascaigh

**I measc na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh bhí:**

- Leaca Uaighe Meánaoise i bhFiodh Ard. Tionscadal Idirbhliana,
- Tionscadal Oidhreachta Scoileanna Mhúsaeim an Chontae,
- Glóir-Réim mílaoise Bhriain Bhorú 'To Crown a King' de chuid Fhóram Oidhreachta Chaisil,
- Sraith Léachtaí Chaisil,
- Féile Abhann na nDeartháiracha Clancy i gCarraig na Siúire,
- Cuimhneachán an Chéad Chogaidh Domhanda agus an tionchar a bhí aige ar Chathair Dúin Iascaigh ag Cumann Staire agus Sóisialta Chathair Dúin Iascaigh
- Seó Bóthar an Chogaidh Mhóir sa Source i nDurlas.



Tionscadal na Leac Uaigh Fiodh Ard



Glóir-Réim To Crown a King, Caiseal



Glóir-Réim Sráide an Chogaidh Mhóir, Cathair Dúin Iascaigh

## An tSeachtain Oidhreachta

**Bhí an tSeachtain Oidhreachta againn ón 23 go 31 Lúnasa díreach dhá mhí tar éis an chumaisc agus den chéad uair riamh rinneadh bróisiúr don chontae iomlán áit ar cuireadh imeachtaí chun cinn don chontae go léir.**



Siúlóid Dúlra Bhéal an Átha le hÉanna Ni Lamhna



Sounding Lines ar Abhainn na Siúire

## Green & Blue Futures Tionscadail Interreg IVB

I 2014 leanadh ar aghaidh le hobair ar an tionscadal Green & Blue Futures. Críochnaíodh an tionscadal Ealaíne Sounding Lines and mar chríoch leis bhí Rian Ealaíne Ilmheáin ar an gcosán tarraingthe i gCill Síoláin i rith an tSeachtain Oidhreachta. Lean an tionscadal Óige ar aghaidh i rith an tsamhraidh agus bhí obair ar siúl le tionscadal na mBailte Slachtmhara. Mar chuid de thionscadal na bPointí Rochtana, críochnaíodh 2 fhánán nua i gCathair Dúin Iascaigh agus i gCarraig na Siúire faoin gcistiú do Náisiún Spóirt. Tá obair ar siúl ar an gCosán Tarraingthe agus ar an ngeilleagar sóisialta. Freisin d'óstáil Tiobraid Árann grúpa staidéir ó réigiún Finnow Canal in Eberswalde, an Ghearmáin chun féachaint ar na tionscadail Uaine & Ghorma ar Abhainn na Siúire agus ar thionscadail eile ar Loch Deirgeirt.



Céimeanna Canú Nua i gCarraig na Siúire



Grúpaí Staidéir as Finnow Canal An Ghearmáin ag pointe radhairc nua ar Loch Deirgeirt

# Músaem Contae Thiobraid Árann




**I 2014 rinneadh dul chun cinn soiléir sa bhuanghailearaí áit ar tógadh go leor iarsmaí nua as ionad stórála agus ar cuireadh ar taispeáint iad. Mar gheall ar an gcur chuige téamach sin chonacthas méadú ar ghníomhaíocht sa mhúsaeum agus tá súil againn go leanfaidh sé sin ar aghaidh sna blianta amach romhainn..**

Tá Clár Chaighdeáin Músaem na hÉireann (Museums /M.S.P.I.) mar thosaíocht do Mhúsaem Contae Thiobraid Árann mar go n-ardaíonn sé caighdeáin & go méadaíonn sé deiseanna cistithe. Táimid ag obair chun na caighdeáin sin a choimeád trí hathbhreithnithe beartais agus trínár gclár bainistíochta straitéisí cúig bliana 2015.

Bua mór dár rannóg Oideachais ab ea ár Sraith Léachtaí The Big House in Tipperary' a leanann ar aghaidh i 2015 agus ina gclúdaítear ábhair mar 'The Role of Women in the Irish Country House', 'Stories from the Backstairs – Domestic Service in the Big House', seisiúin láimhseála idirghníomhacha & turas allamuigh.

**Tá Músaem Contae Thiobraid Árann i bhfeidhm ó lár na 1940í i gCluain Meala operation since the mid 1940s in Clonmel**

## Achoimre ar Thionscadail Chomhoibritheacha i rith 2014:

- Caomhnú - Earraí Ríoga Cathrach Thiobraid Árann a choimeád; is iad sin na a chuid más, claimhte agus slabhraí órga a théann siar go 1656.
- Taispeántas Comóradh Dhá Chéad Bliain na Toirbhearta - Stair phobal na Toirbhearta a scríobh, taighde a dhéanamh uirthi agus í a thaispeáint
- Club Rámhaíochta Chluain Meala - miontaispeántas ag ceiliúradh 145 bliana
- Oíche Chultúir leis an tSeirbhís Ealaíon: `19 Meán Fómhair 2014
- Cine Club Chluain Meala i dteannta le Access Cinema.
- Cumann Saorealaíon Chluain Meala - cainteanna agus léachtaí éagsúla
- Cumann Staire & Seandálaíochta Chluain Meala - Thug Denis O' Sullivan cur i láthair an-mhaith ar Mick Delahunty - Showband era.
- Clárú ceardlainne - Cláir séasúracha, Bunscoile & Meánscoile, STAG Sinsearach / Sóisearach, I.C.A. Luathfhágálaithe scoile, clár Oidhreachta i scoileanna srl ...
- Tionscadail Athchuimhne le Rannóg Teiripe Saothair Naomh Lúcais & leis an Alzimers Society tríd an FSS - plé agus cuimhní a éascú i ndáil le bailiúchán an Mhúsaem.
- Féile Chluain Meala & Lá na mBailte Múrtha i gCluain Meala i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann, Féile Rothaíochta 3 Lá Ghleann na Siúire & Féile Bhuscála Chluain Meala i rith Lúnasa 2014. Thug os cionn 20,000 duine cuairt ar Chluain Meala i rith na Féile sin.




Daltaí 5ú Bliana ó Mheánscoil na Toirbhearta Cluain Meala la Michael Ó Súilleabháin



Seoladh Chomhóradh Dhá Chéad Bliain na Toirbhearta i Músaem Chontae Thiobraid Árann

*"Tá súil ann go neartóidh an Músaem a chuid comhpháirtíochtaí agus na seirbhísí a thugann sé don phobal áitiúil. Mar gheall ar ár gcuid gairmiúlachta agus cruthaitheachta, is féidir leat bheith cinnte go bhfoghlaimeoidh tú, go mbeidh spraoi agat agus go mbeidh tú mar chuid de Mhúsaem Contae a bhfuil sé mar aidhm aige bheith ina mhúsaem den chéad scoth i dtimpeallacht ar bith!*



# CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOIL

- Timpeallacht & Bainistíocht Dramhaíola
- Seirbhísí Uisce
- An tSeirbhís Dóiteáin & Tarrthála
- Cosaint Shibhialta

### An Córas Bainistíochta Comhshaoil

Tá an Rannóg Comhshaoil creidiúnaithe don chaighdeán ISO14001 um Chóras Bainistíochta Comhshaoil. Tá cóip den bheartas don chaighdeán seo ar fáil ar ár láithreán gréasáin **www.tipperarycoco.ie**

## Comhshaol & Bainistíocht Dramhaíola

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann tiomanta chun timpeallacht ardchaighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú do Thiobraid Árann agus dá chuid saoránach trí raon leathan seirbhísí a sheachadadh.

Soláthraíonn an timpeallacht aer agus uisce glan, bia, breosla, amhábhair, stóráil charbóin, rialú tuilte agus scagadh truaillithe. Tugann sé mothú áite, caitheamh aimsire agus suaimhneas.


Fachtóir mhór é caighdeán na timpeallachta maidir le dul i bhfeidhm ar cháilíocht na beatha agus gnóthais agus fostaithe a tharraingt agus a choimeád.

# Rialú Truaillithe Uisce

## An Chreat-treoir Uisce & Pleananna Bainistíochta Abhantraí

I gCreat-treoir Uisce 2000 leagtar amach cur chuige nua i dtreo uisce san Eoraip a bhainistiú. Is iad cuspóirí an CTU ná 1) aon mheathlú eile corp uisce a choc, 2) dea-stádas a thógáil ar ais do gach corp uisce , 3)truailliú ceimiceach a laghdú agus 4) cinntiú go gcomhlíontar na spriocanna do cheantair chosanta. Sanntar stádas corp uisce tar éis measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na n-eilimintí éagsúla a theastaíonn chun éiceachóras sláintiúil a choimeád, .i. cáilíocht agus méid uisce, riocht fisiceach an chorp uisce, bonneagar, gnáthóga cosanta nó speicis ionracha srl. a bheith i láthair. Tugtar rátáil ard, go maith, measartha, íseal nó go dona.

Líon na gCorp Uisce san Aicme




Cuireadh tús le hobair ar fud na tíre chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Pleananna Bainistíochta Abhantraí. Tá athrú déanta ar na struchtúir rialála; beidh aon chur chuige amháin i bhfeidhm um forbairt pleananna bainistíochta abhantraí agus beidh foireann nua sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gceannas ar na cúraimí teicniúla. Cuirfear tús le comhairliúchán ar Mhórcheisteanna Bainistíochta Uisce i mí Iúil 2015 agus tá an dréacht-PBA le bheith foilsithe faoi mhí na Nollag 2016.

## Fiosrú faoi Thruailliú agus Cigireachtaí

Leanann baill foirne ón Rannóg Comhshaoil orthu ag fiosrú na bhfachtóirí a mbíonn tionchar acu ar an droch-cháilíocht uisce in "ionad tosaíochta"; is iad sin ná na ceantair áirithe d'aibhneacha a aithníodh mar truaillithe. Is í aidhm na monatóireachta fiosraithe sin ná na fadhbanna sonracha a aithint a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce m.sh. dabhacha séarachais, gníomhaíochtaí talmhaíochta, gníomhaíochtaí tráchtála srl. Nuair a aithnítear an fhadhb, déantar teagmháil leis an úinéir talún agus glactar gníomh forfheidhmithe, más gá sin.



Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chomhlíonadh na Rialachán maidir le Dea-Chleachtais Talmhaíochta (DCT). Tar éis comhaontú ar leibhéal náisiúnta tugann cigirí ón Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara faoi chigireachtaí thar ceann na Comhairle. Áit a bhfaigheann cigire ón DAFM nach bhfuil na Rialacháin á gcomhlíonadh déantar an fheirm a "thrasthuairisciú" do Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tugann ár gcigirí cuairt ar an bhfeirmeoir agus aontaíonn siad ar sceideal oibreacha a theastaíonn chun comhlíonadh a bhaint amach agus chun cinntiú nach bhfulaingíonn an feirmeoir aon phionóis eile aoníocaíochta feirme.

## Córais Tí um Chóireáil Fuíolluisce



Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús le cigireachtaí ar dhabhacha seipteacha agus chórais tí eile um chóireáil fuíolluisce i 2013.

Foilsíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an Clár Náisiúnta Cigireachta. Sa phlean sin leagtar amach an cur chuige náisiúnta i dtreo cigireachtaí rioscabhunaithe agus um ardú feasachta. Freisin thug sé sonraí ar líon na gcigireachtaí atá le déanamh i ngach contae. Cuireadh tús le hobair ar an bplean cigireachta i mí na Nollag 2013 agus leanadh ar aghaidh leis i rith 2014.

**Sonraí na gcigireachtaí a rinneadh go dtí seo: An tÚdarás um Sheirbhísí Uisce - Comhairle Contae Thiobraid Árann**

| Crios Riosca | Líon Iomlán Cigireachtaí Curtha Isteach | Líon Iomlán na gCigireachta Comhlíontacha | Líon Iomlán na gCigireachta Neamhchom-hlíontacha | Líon Iomlán na bhFógraí Comhairle Oscailte | Líon Iomlán na bhFógraí Comhairle Dúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| 1a Íseal | 15 | 6 | 9 | 6 | 3 |
| 1b Íseal agus in ASI | 2 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| 2a Measartha | 6 | 3 | 3 | 2 | 1 |
| 2b Measartha agus in ASI | 2 | 1 | 1 | 0 | 1 |
| 3a Ard | 7 | 5 | 2 | 2 | 0 |
| 3b Ard agus in ASI | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 4a An-ard | 18 | 12 | 6 | 2 | 4 |
| 4b An-ard agus in ASI | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| IOMLÁN | 55 | 30 | 25 | 14 | 11 |

## Ceadúnais Doirte

Rialaíonn an tAcht um Thruailliú Uisce 1977 – 2007 doirteadh eisilteach trádála agus séarachais ó ghníomhaíochtaí tráchtála agus eile chuig uiscí agus séaraigh chun déanamh cinnte nach mbíonn na gníomhaíochtaí sin freagrach as truailliú uisce. Éilítear ceadúnas faoi Alt 4 den Acht um Thruailliú Uisce le haghaidh gach doirteadh eisilteach trádála agus/nó séarachais chuig uiscí dromchla. Maidir le gnóthais tráchtála a bhfuil eisilteach trádála acu atá ceangailte leis an séarach poiblí ceanglaítear orthu ceadúnas doirte a bheith acu faoi Alt 16 de na hAchtanna um Rialtas Áitiúil (Truailliú Uisce) 1997 agus 1990. Tá clár de na ceadúnais sin ar fáil le feiceáil in oifigí na Comhairle.

Ina theannta sin tá 37 gnóthas tionscail nó talmhaíochta sa Chontae ar thug an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnais um Rialú Comhtháite ar Thruailliú (RCT) nó ceadúnais TAT (Treoir i leith Astuithe Tionscail dóibh. Tá sonraí na gceadúnas sin ar fáil ar láithreán gréasáin an GCC. Déanann an GCC monatóireacht ar astuithe ó gach gníomhaíocht a bhfuil ceadúnas RCT nó TAT ar fáil di



# Truailliú Aeir

## An tAcht um Thruailli Aeir - Ceadúnú - Forfheidhmiú

I rith na bliana bhain ár gcuid gníomhaíochtaí sa réimse sin le maoirsiú saoráidí atá ceadúnaithe nó ceadaithe faoin Acht um Thruailliú Aeir. Éilítear ceadanna um oibriú do shaoráidí mar thirimghlantóirí, spraephéinteáil mótarfheithicle agus stáisiúin líonta peitril agus tá cigireacht ag an údarás áitiúil ina ceangal orthu.

Tá tuilleadh eolais faoi na saoráidí thuas go léir chomh maith leis na caighdeáin cháilíochta reatha a bhaineann le haer timpeallach ar fáil don phobal ar láithreán gréasáin na Comhairle agus is féidir féachaint orthu tríd an nasc seo a leanas a chóipeáil agus a ghreamú ina mbrabhsálaí gréasáin **www.tipperarynorth.ie/environment/air-quality**

## Rialacháin ar Ghual Toiteach

Tugadh isteach cosc ar dhó, mhargú, díol agus scaipeadh "gual toiteach" i gCluain Meala agus sna háiteanna timpeall air ón 1 Bealtaine 2013 ar aghaidh. Is é cuspóir an choisc sn ná go mbeadh aer níos glaine ann agus truailliú aeir a laghdú sna bailte agus sna cathracha móra in Éirinn. Ón 1 Bealtaine 2013, ar aghaidh níl cead ag Díoltóirí ná Ceannaithe Guail, gual biotúmanach (toiteach) a dhíol le sealbhóirí tí i gCluain Meala agus sna háiteanna timpeall air. Ina theannta sin, ní bheidh cead ag sealbhóirí tí i gCluain Meala agus sna háiteanna timpeall air gual biotúmanach (toiteach) a dhó.

# Truailliú ó Thorann

## Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2013-2017

**D'ullmhaigh Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann an dara Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn i dteannta a chéile chun déileáil le torann timpeallachta ó mhórbhóithre sa chontae ar a thaistealaíonn os cionn trí mhilliún feithicil in aghaidh na bliana.**

**Ullmhaíodh an Plean de réir cheanglais Treoir 2002/49/ CE an AE (ar a dtugtar an Treoir ar Thorann Timpeallachta (Environmental Noise Directive/END) a rinneadh a thrashuíomh i nDlí na hÉireann ag na Rialacháin ar Thorann Timpeallachta 2006, IR Uimh. 140 de 2006.**

**Is í aidhm na Treorach agus na Rialachán ná foráil do chur i bhfeidhm cur chuige coitianta sa CE chun éifeachtaí dochrúla, lena n-áirítear cur isteach, de thoradh nochtadh do thorann timpeallachta, a sheachaint, a chosc nó a laghdú.Ta sónraí an Phlean ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.**





# Ábhair Chomhshaoil Eile

## Láithreáin Tréigthe

Coimeádann an Chomhairle Clár de Láithreáin Tréigthe don chontae. Tá 48 láithreán ar an gclár faoi láthair. D'eisigh muid 7 bhfógra faoi Acht na Láithreán Tréigthe 1990 i 2014 chomh maith le comhfhreagras éagsúil. Ina theannta sin rinne muid go leor cigireachtaí láithreáin.

## Reiligí

Tá reiligí ina gcuid thábhachtach dár n-oidhreacht seandálaíochta agus dá réir sin, ba cheart ómós a thabhairt dóibh. Is gné thábhachtach den tírdhreach stairiúil iad agus is minic go dtugann siad leidí dúinn a thugann tuiscint ar an am atá thart. Le blianta beaga anuas mar gheall ar an méadú ar fheascht pobal áitiúil faoi thábhacht na láithreán sin spreagadh go leor scéimeanna um ghlanadh reilige. Tá 120 coiste deonach um chothabháil reilige ag Comhairle Contae Thiobraid Árann a thugann seirbhís fhíorluachmhar maidir lenár gcuid reiligí a chothabháil de réir an chaighdeáin is airde. Faigheann an coiste cothabhála deontas bliantúil chun cabhrú leo lena gcuid oibre agus i 2014 tugadh deontas ar luach iomlán de €122,066 i rith na bliana.

## Acht na Seamlas 1988

I rith 2014 rinne Foireann Tréidlieachta na Comhairle cigireachtaí rialta sna 19 seamlas go léir sa chontae. Cinntíonn na cigireachtaí sin go bhfuil caighdeáin um leas ainmhí agus caighdeáin sláinteachais á gcomhlíonadh i seamlais roimh marú agus tar éis maraithe. Rinneadh cigireacht ar 2,139 eallach, 6,944 caora, 1,136 muc, 21 ghabhar, 1,947 bhfia agus 77,562 éanlaith sna seamlais sin.

Tá 9 n-áitreabh feola Neamhspleách sa chontae. Is áitribh iad siúd ina ndéantar/a bpróiseáltar táirgí feola ar an áitreabh le soláthar do mhiondíoltóirí nó do lónadóirí. Déantar cigireacht ar na háitribh sin, ar an meán, dhá uair sa mhí.

Fuarthas 6 ghearán i rith na bliana, agus fuarthas réiteach sásúil orthu siúd go léir.

I rith 2014 bhí Monarcha Éanlaithe amháin i bhfeidhm agus monarcha amháin ag próiseáil fia.

## An Coiste Zónóise

Bunaíodh Coiste Zónóise an Oirdheiscirt i 1999 chun feasacht an phobail a mhéadú faoi rialú agus scaipeadh galar zónóiseach i mbia agus sa timpeallacht. Tá sé déanta suas de Speisialtóirí Sláinte Poiblí, Micribhitheolaithe, Oifigigh Sláinte Comhshaoil, agus Oifigigh Tréidliachta ón Roinn Talmhaíochta agus ó Údaráis Áitiúla. Déanann an Coiste Zónóise bileoga agus preas-eisiúintí go rialta agus tugann sé láithreachais faoi ábhair éagsúla a bhaineann le saincheisteanna Sláinte Poiblí, agus freisin freastalaíonn baill an Choiste ar Sheónna Talmhaíochta.

## Rialú Madraí

Fostaíonn an Chomhairle dhá Mhaor Madraí lánaimseartha a oibríonn sna Pónaí Madra i gCill Síoláin agus san Aonach. Tugann na Maoir Madraí cuairt ar gach ceantar sa chontae i rith na bliana, ar bhonn uainchláir, chun seiceáil le haghaidh madraí gan cheadúnais agus chun cinntiú go gcoimeádtar smacht éifeachtach ar mhadraí. Freisin freagraíonn na Maoir d'aon ghlaonna ón bpobal maidir le madraí fánacha nó gan iarraidh.

I rith 2014 géilleadh 720 madra do na Maoir Madraí nó ghabh siad iad. As an líon sin cuireadh 616 madra i dtithe nua. Ba é líon na madraí ceadúnaithe sa chontae ná 8892 agus ba é líon na gCeadúnas Ginearálta a ceannaíodh ná 2. Eisíodh 6 fhíneáil ar an láthair.

## An tAcht um Rialú Capall o1996

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann i mbun Fodhlíthe nua a cheapadh do Rialú Capall. Meastar go scaipfear cáipeis nua chuig comhaltaí an CBS i rith 2015.

Chuaigh an Chomhairle isteach i gconradh le hoibritheoir príobháideach i gCorcaigh chun madraí fánacha a ghabháil nó a choinneáil. Nuair a ghabhtar iad, téann capaill faoi scrúdú tréidliachta agus faoi chóireáil, más gá sin, agus cuirtear micrishlis orthu chun críocha iad a aithint. Tá bunachar sonraí ag an Rannóg Tréidliachta de na capaill go léir a ghabhtar. Ba é an líon a gabhadh i 2014 ná 324.

# Bainistíocht Dramhaíola

## Plean Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt

**D'aontaigh Údaráis Áitiúla Réigiún Dramhaíola an Deiscirt Plean Bainistíochta Dramhaíola Nua a ullmhú do Réigiún Dramhaíola an Deiscirt tar éis measúnú a dhéanamh ar na ceithre Phlean Bainistíochta Dramhaíola reatha. Tá an nós imeachta sin um forbairt plean ar aon dul le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola), 2011 agus na Rialacháin ar Bhainistíocht Dramhaíola (Pleanáil), 1997. Foilsíodh na Dréachtphleananna ar an 18 Samhain, 2014, ina dhiaidh bhí céim chomhairliúcháin ar feadh dhá mhíosa agus glacfar le haighneachtaí scríofa suas go dtí an 30 Eanáir, 2015.**

## Láithreáin Líonta Talún

### Láithreán Líonta Talún Bhealach an Mhéine

Tá an láithreán líonta talún i mBealach an Mhéine, an tAonach, Baile Uí Mhacaí, dúnta go sealadach.

### Ionad Líonta Talún agus Athchúrsála Dhún Eochaille

Dúnadh láithreán líonta talún Dhún Eochaille i Márta 2014 agus tá tús curtha leis an athchóiriú. Thug 7,203 duine cuairt ar an ionad athchúrsála i 2014, is ionann sin agus méadú 12%.

## Athchúrsáil

### Ionad Athchúrsála Waller's - Lot , Caiseal

Thug 15,118 duine cuairt ar Ionad Athchúrsála Waller's Lot i 2014, is ionann sin agus méadú T26%. Tógadh seid nua chun dramhthrealamh leitreach leictreonach (DTLL) a stóráil agus méadaíodh an áit phábháilte chun dramhaíl a stóráil.



Seid nua WEEE agus ceantar méadaite do stóráil dramhaíla i Waller's Lot

Feidhmíonn an tIonad fós mar Stáisiún Aistrithe Dramhaíola áit a ndéantar "bulcáil" ar dhramhaíl inathchúrsála agus dhramhaíl iarmhartach sula n-iompraítear chuig an ionad deireanach iad, ar an mbealach sin déantar an t-iompar agus an láimhseáil fhoriomlán a laghdú. Déantar an oibríocht sin le haghaidh na Comhairle agus conraitheoirí dramhaíola príobháideacha a oibríonn sa cheantar.

Sa bhreis air sin, d'fhreastail roinnt grúpaí ar an Ionad Athchúrsála i rith 2014 le haghaidh cainteanna athchúrsála agus turas treoraithe.



Scoil Náisiúnta Dhumha Aille ar cuairt ar Ionad Athchúrsála Waller's Lot

### Ionad Athchúrsála Chluain Meala

Thug 15,317 duine cuairt ar an ionad athchúrsála i 2014, is ionann sin agus méadú 20%. Sa bhreis air sin, d'fhreastail roinnt grúpaí ar chainteanna agus thurais treoraithe san Ionad Athchúrsála i rith 2014.

Tháinig an tIonad Athchúrsála sa dára háit don Ghradam mór le rá Ionad Athchúrsála na Bliana de chuid Repak le haghaidh 2014.



Cuairteanna ar Ionad Athchúrsála Chluain Meala

### Ionad Athchúrsála an Aonaigh agus Ros Cré

Glacann an dá hionad seo le réimse leathan earraí tí le haghaidh athchúrsála. Cuireann an Chomhairle araidí um múiríniú baile ar fáil don phobal ar chostphraghas.

### Bainc Tóg Leat

Tá 110 láithreán Banc Tóg Leat i bhfeidhm ar fud an chontae.

## Forfheidhmiú Dramhaíola

**Tar éis gur glacadh leis an 'mBeartas Forfheidhmithe do Ghníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe 2014' thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi roinnt gníomhartha faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, mar atá leasaithe, i gcoinne daoine atá i mbun aistriú, bailiú, aisghabháil agus diúscairt neamhúdaraithe dramhaíola.**



**Tá an Beartas Forfheidhmithe leagtha amach chun na cuspóirí seo leanas a chur chun cinn:**

- cinntiú go gcomhlíontar go hiomlán le teastais chlárúcháin, le ceadanna um shaoráidí dramhaíola agus le ceadanna um bailiú dramhaíola a eisítear.
- cinntiú go gcuirtear smachtbhannaí orthu siúd atá i mbun gníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe;
- cur chuige comhtháite a chur ar fáil i dtreo smachtbhannaí agus a n-úsáid;
- gníomhartha forfheidhmithe a chur in iúl do gach páirtí leasmhar an pobal i gcoitinne san áireamh.

## Cigireachtaí comhshaoil a rinneadh i rith 2014 faoin reachtaíocht ar Bhainistíocht Dramhaíola.

**Ba é líon na gcigireachtaí comhshaoil a rinneadh i rith 2014 ná 552, go háirithe na rialacháin ag eascairt ón Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, mar atá leasaithe, agus, Acht na gComhphobal Eorpach, 1972. Déantar na cigireachtaí a thaifeadadh mar chuid de Mholadh Pharlaimint na hEorpa na hEorpa a fhorálann d'Íoschritéir do Chigireachtaí Comhshaoil T (RMCEI) i mBallstáit (2001/331/EC).**

**Déantar na cigireachtaí beartaithe sin faoi raon rialachán a chuimsíonn bainistiú:**

- dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTL)
- ceadú dramhaíola mar cheadanna saoráidí dramhaíola; teastais chlárúcháin; ceadanna um bailiú dramhaíola; agus deimhniú saoráidí stairiúla neamhcheadúnaithe um dhiúscairt agus aisghabháil dramhaíola;
- dramhaíl phacáistithe;
- an tobhach comhshaoil mar mhálaí plaisteacha; bhoinn agus dramhbhoinn; agus an tobhach líonta talún,
- plaistigh fheirme agus talmhaíocht,
- dramhcheallraí agus dramhthaisc-cheallraí,
- dramhaíl bhia;
- dramhaíl eastóscach;
- feithiclí deireadh saoil;
- agus dó dramhaíl talmhaíochta.

**I dteannta leis na cigireachtaí beartaithe tógadh roinnt gníomhartha forfheidhmithe faoin reachtaíocht dramhaíola i rith 2014 mar seo a leanas:**

### Líon gníomhartha forfheidhmithe 2014

| | |
|---|---|
| Litreacha rabhaidh eisithe | 8 |
| Fógraí Forfheidhmithe eisithe | 11 |
| Ionchúisimh Tógtha | 0 |

# Obair Oideachais Comhshaoil



## Clár na scoileanna uaine

Tá clár na Scoileanna Uaine ar siúl ó bhí 1999 ann. I rith na bliana scoile 2013/2014, bronnadh Bratach Uaine ar 27 scoil i dTiobraid Árann Theas ag searmanas i gCill Chainnigh i mBealtaine 2014. As na 27 scoil sin, fuair 5 scoil a gcéad Bhrat Uaine.

Is é líon iomlán na scoileanna i dTiobraid Árann Theas atá cláraithe do chlár na Brataí Uaine leis an Taisce anois ná 87. Is é líon na scoileanna a bhfuil Bratach Uaine amháin nó níos mó acu ná 65.

Is é líon iomlán na scoileanna i dTiobraid Árann Thuaidh atá cláraithe leis an Taisce do Chlár na Scoileanna Uaine ná 86, agus tá 79 scoil ann a bhfuil bratach uaine amháin nó níos mó acu.

Léiríonn an clár seo gur mór an deis saoránaigh a chruthú atá freagrach agus feasach faoin gcomhshaol. Braitear éifeacht na scoileanna uaine ar fud na sochaí ar bhealach an-dearfach.

## Gradaim na Scoileanna Slachtmhara

Ritheadh Comórtas na Scoile Slachtmhaire arís eile i 2014 agus bronnadh 29 duais san iomlán ar scoileanna sna 5 Cheantar Bhardasach.

Bronnadh gradam don Scoil is Fearr i dTiobraid Árann Theas ar Scoil Phádraig, Drongán agus bhuaigh Gaelscoil Aonach Gaelscoil Aonach Urmhuhan, An tAonach an Scoil is Fearr i dTiobraid Árann Thuaidh.



Scoil Mhuire, An Caisleán Nua, Co Thiobraid Arann a bhuaigh gradam don Scoil is Comhsheasmhaí.



## An Scéim um Rothaíocht Chuig an Obair

**Tá an Scéim um Rothaíocht chuig an Obair ar fáil ó thús 2010. Faoin scéim tugtar an rogha d'fhostaithe rothar agus trealamh sábháilteachta nua suas go huasmhéid de €1,000 a cheannach trid an gComhairle ar choinníoll go n-úsáidtear an rothar le haghaidh turas chuig an ionad oibre agus uaidh go príomha.**

**Ceannaionn Comhairle Contae Thiobraid Árann an rothar agus an trealamh thar ceann an bhaill foirne agus ansin aisioctar an costas iomlán leis an gComhairle trí "íobairt Tuarastail" arb é atá ann ná údarú chun an costas iomlán a bhaint dá dtuarastal bliantúil thar thréimhse 12 mhí déag agus gan iad a bheith dlite as cánach sochar comhchineáil. Is aidhm na Scéime ná fostaithe a spreagadh chun taisteal a rothair chuig an ionad oibre agus uaidh, rud a fheabhsóidh leibhéil folláine agus a laghdóidh brú tráchta agus astuithe carbóin. Bhain 49 mball foirne leas as an scéim i 2014.**

# Ré Nua i Seirbhísí Uisce

I 2014 tugadh isteach fóntas nua, Uisce Éireann chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fud an stáit. I dteannta leis sin, rinneadh an dá iar-roinn údaráis áitiúil i dTiobraid Árann a chumasc chun bheith ina aon údarás áitiúil amháin le héifeacht ón 1 Meitheamh, 2014.

## Reachtaíocht

**Tá foráil reachtúil um bunú Uisce Éireann clúdaithe san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013, agus san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh.2, 2013, agus an chéad cheann ag foráil go príomha do bhunú an fhóntais nua agus an dara ceann ag plé, inter alia, le haistriú feidhmeanna chuig Uisce Éireann agus le foráil um shiniú Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS) idir Uisce Éireann agus údaráis áitiúla aonair. Oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann de réir fhorálacha Phlean Seirbhíse Bhliantúil (PSB) le hUisce Éireann.**

## Athchóiriú na hEarnála Uisce agus bunú Uisce Éireann

**(1) Cúlra:**

I gClár an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta, 2011-2016, a foilsíodh ar an 06 Márta 2011, déantar gealltanas chun Uisce Éireann a chruthú; is é sin ná comhlacht stáit a rachaidh i gceannas ar chláir infheistíochta agus cothabhála uisce (fuíolluisce san áireamh) na 34 comhairle contae agus cathrach agus é mar phríomhaidhm maoirseacht agus luasú a dhéanamh ar an infheistíocht mhór a theastaíonn chun bonneagar uisce agus fuíolluisce an stáit a uasghrádú.

Sa Chlár Rialtais freisin déantar soláthar chun samhail chisitithe chóir a thabhairt isteach chun uisce glan agus iontaofa a sheachadadh agus é mar aidhm méadair uisce a chur isteach i dtithe agus bogadh go córas muirearaithe atá bunaithe ar úsáid os cionn liúntais saor in aisce.

Sa Chlár Tacaíochta Airgeadais d'Éirinn, 2010-2013, leis an EU/IMF/ECB tá gealltanas chun tograí a ullmhú um chur i bhfeidhm mholtaí athbhreithniú neamhspleách ar aistriú freagrachta as soláthar seirbhísí uisce ó údaráis áitiúla go fóntas úisce agus go dtabharfar isteach muirir uisce le linn tréimhse an Chláir.

I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoECLG) tuairimí ar an 16 Eanáir 2012 maidir le sraith de leasuithe bunúsacha ar an earnáil uisce.

**I measc na leasuithe sin bhí:**

- bunú fóntais phoiblí nua, Uisce Éireann, chun seachadadh seirbhísí uisce a thógáil i gcúram ó údaráis áitiúla ;
- tabhairt isteach muirear uisce ar bhonn úsáid méadraithe, agus an clár méadraithe le tosú níos déanaí i 2012; agus
- rialáil eacnamaíoch neamhspleách na hearnála uisce faoin gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) a thabhairt isteach (CER).

Ag eascairt ón gcomhairliúchán poiblí sin, d'aontaigh an rialtas ar an 17 Aibreán 2012 Uisce Éireann a bhunú mar fhochomhlacht neamhspleách faoi úinéireacht an stáit i ngrúpa Bhord Gáis Éireann (BGÉ) .

D'fhorbair an DoECLG plean forfheidhmithe i gcomhpháirt le ranna rialtais ábhartha eile, leis na húdaráis áitiúla agus le NewEra agus tugadh chun críche le BGÉ é. Chlúdaigh an plean na saincheisteanna dlí, rialála, eagrúcháin, acmhainní daonna, oibríochta, rialúcháin agus saincheisteanna eile nárbh mór déileáil leo agus Uisce Éireann á bhunú. Pléadh freisin sa phlean an caidreamh idir an fóntas uisce poiblí agus na húdaráis áitiúla thar an raon d'fheidhmeanna bainteacha a bhfuil an rialtas áitiúil freagrach astu mar phleanáil, bainistíocht éigeandála, srl.

# Seirbhísí Dóiteáin & Tarrthála



## Oibríochtaí Dóiteáin

Tá ceithre bhriogáid dóiteáin ag an gComhairle in dá ionad déag (An tAonach, Durlas, Ros Cré, An Teampall Mór, Buiríos Uí Chéin, An Port Nua, Cloch Shiurdáin, Cluain Meala,Caiseal, Cathair Dúin Iascaigh, Baile Thiobraid Árann agus Carraig na Siúire) agus i 2014 d'fhreagair na briogáidí dóiteáin sin do 1315 teagmhas san iomlán. Rinneadh dul chun mór i 2014 chun na nósanna imeachta oibriúcháin, an trealamh agus an traenáil a chomhchuibhiú sa tseirbhís nua-chumasctha agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin i 2015.

## Traenáil

Rinne gach ball den tseirbhís clár traenála cuimsitheach i 2014. Chomh maith leis sin, bhí bliain an-ghnóthach ag Ionad Traenála agus Forbartha Dóiteáil Chluain Meala agus iad ag éascú cúrsaí inmheánacha agus iad siúd a ritheann custaiméirí seachtracha. Cinntíonn an córas bainistíochta creidiúnaithe ISO9001 go n-éascaítear agus go seachadtar na caighdeáin traenála is airde agus is féidir san ionad.

## Bainisíocht Móréigeandálaí

Foilsíodh Plean nua Móréigeandálaí le haghaidh Thiobraid Árann i Meitheamh mar chuid den phróiseas cumaisc. Tá na struchtúir fós i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun na socruithe um bainistiú móréigeandálaí a chur i bhfeidhm do na príomhghníomhaireachtaí, is iad sin ná an tÚdarás Áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Garda Siochana. Reáchtáladh cleachtadh slógtha faoin bplean nua don fhoireann bainistíochta géarchéime i Mí na Nollag.

## Sábháilteacht ó Dhóiteán

I dteannta lena cuid gníomhaíochtaí oibriúcháin, bhí an tSeirbhís Dóiteáin an-ghníomhach maidir le sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn agus leanann sé ar aghaidh ag déanamh cigireachtaí ar fhoirgnimh ina dtionólann an pobal mar iarracht chun cabhrú le húinéirí foirgnimh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Achtanna na Seirbhíse Dóiteáin 1981 & 2003.

**I measc na ngníomhartha ar tugadh fúthu i rith 2014 chun feasacht faoi shábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn bhí:**

- Thug comhraiceoirí dóiteáin as gach briogáid i dTiobraid Árann cuairt ar dhaltaí rang a trí i ngach bunscoil i dTiobraid Árann chun clár na Foirne sábháilteachta a sheachadadh. Is é cuspóir an chláir ná leanaí a mhúineadh faoi chontúirtí an dóiteáin ionas go dtabharfaidh siad siúd, faoi seach, an teachtaireacht abhaile leo, agus ar an mbealach sin go bhfeabhsófar sábháilteacht ó dhóiteán sa teach agus sa phobal. Tá sé mar chuid de shraith beart a forbraíodh faoin gClár um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Phobal de chuid Chlár Athraithe na Seirbhíse Dóiteáin. Ceapadh an clár chun feabhas a chur ar an méid feasachta faoi shábháilteacht ó dhóiteán sa teach agus chun méadú a dhéanamh ar fheasacht faoi shábháileacht ó dhóiteán sa phobal. Mar chuid dá n-obair bhaile, iarrtar ar na leanaí scoile idirghníomhú a dhéanamh lena dteaghlaigh maidir le gnéithe den chlár. San idirghníomhú sin cuirtear an fhadhb agus an réiteach le chéile san áit chéanna ag an am céanna agus is mó is cosúil go rachfar i ngleic go rathúil le haon fhadhbanna maidir le sábháilteacht ó dhóiteán ina dhiaidh sin. Déantar an clár, a thógann tuairim uair an chloig, a sheachadadh sna scoileanna ag baill foirne seirbhíse dóiteáin ón mbriogáid dóiteáin áitiúil a bhfuil oiliúint chuí faighte acu cheana féin agus a bhfuil na pacáistí ábhair "Foirne Sábháilteachta" faighte acu le seachadadh chuig na scoileanna .
- Rannpháirtíocht sa tSeachtain um Shábháilteacht ó Dhóiteán i mí Dheireadh Fómhair. Ba é a bhí i gceist leis sin ná seisiúin feasachta poiblí i gcoimpléisc siopadóireachta áitiúla, stáisiúin seirbhíse mótarbhealaigh, láir bhaile agus roinnt agallamh raidió ag baill foirne éagsúla. Chomh maith leis rith roinnt stáisiún dóiteáin laethanta oscailte ina gcuid stáisiún i rith na seachtaine um shábháilteacht ó dhóiteán.
- Rinneadh láithreachais ar fheasacht faoi shábháilteacht ó dhóiteán do roinnt grúpaí pobail i rith na bliana.
- Cuireadh clár píolótach i bhfeidhm chun méadú a dhéanamh ar líon na n-úinéirí aláram deataigh ar fud an Chontae agus tógfar air sin i 2015.

## Rialú Tógála

Fuarthas 85 hiarratas ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin, 64 hiarratas ar Theastais Rochtana Míchumais agus 325 fhógra tosaithe i 2014. I 2014 freisin tugadh isteach an Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála (CBRT), córas leictreonacha nua atá faoi lánseoil i dTiobraid Árann anois.

## Sláinte & Sábháilteacht

Aithníodh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann ag Gradaim Sábháilteachta Náisiúnta 2014 agus tugadh an duais mhór le rá as an tSeirbhís Phoiblí is Fearr di. Tugann na gradaim sin, a eagraíonn Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann, ómós dóibh siúd a rinne obair shármhaith shoiléir agus iad sa tóir ar shábháilteacht san ionad oibre. Neartaigh an gradam stádas Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann mar cheannairí sábháilteachta ina n-earnáil féin tar éis gur bronnadh gradam orthu don iontrálaí nua is fearr i ngradaim 2013.

Bhronn Mairead McGuinness, MEP, an gradam ar an gComhairleoir Michael Fitzgerald, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag an searmanas i Muileann gCearr.



C-D:JP McGrath, Briogáid Dóiteáin an Aonaigh, Paul Gallagher, Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta, Eddie Ryan, Príomhoifigeach Dóiteáin Sinsearach Cúnta, Mairead McGuinness, MEP, Cathaoirleach Michael Fitzgerald, Dave Carroll, Príomhoifigeach Dóiteáin, Pauric Corrigan, Uachtarán Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann, Karl Cashen, Stiúrthóir Seirbhísí, Stephen O' Donnell,Briogáid Dóiteáin Chluain Meala, Marcus O' Connor, Stiúrthóir Seirbhísí, Paul Moore, Briogáid Dóiteáin Dhurlas, Liam Quinn, Comhairleoir Sláinte & Sábháilteachta

# Cosaint Shibhialta




**Is é atá i gCosaint Shibhialta ná foireann saorálaithe dea-oilte, dinimiciúla agus gairmiúla a oibríonn chun tacaíocht a thabhairt don Údarás Áitiúil, do sheirbhísí éigeandála, agus don phobal. Tá Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann Theas ar cheann de na haonaid is láidre agus is solúbtha sa tír agus tuairim 250 ball cláraithe ann.**

## Dualgais

Bliain an-ghnóthach ab ea 2014 do Chosaint Shibhialta. Tugadh Garchabhair agus cumhdach Otharchairr ag os cionn 200 imeacht spóirt, cultúir, oidhreachta agus pobail. I measc cuid de na himeachtaí sin bhí Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas, Seó Capall Chluain Meala, Nenagh Cycle Classic, Féile Chluain Meala agus Turas Rothaíochta Trí Lá na Siúire agus Féile an Phoirt Rua.

## Glaonna Amach

Lean Cosaint Shibhialta ar aghaidh ag cabhrú leis an nGarda Síochána agus iad ag déanamh cuardach le haghaidh daoine a bhí ar iarraidh. Sainseirbhís ghairmiúil í sin a tháirgeann saorálaithe Cosanta Sibhialta. Rinneadh cuardach agus aisghabháil daoine a bhí ar iarraidh i Ros Cré, san Aonach, i Muileann na hUamhan agus i gCluain Meala agus i Loch Deirgeirt.



## Cháiligh teagascóirí nua sna réimsí seo a leanas i 2014.

- Teicneoir Uisce Thapa
- Cumarsáid Raidió
- Teagascóirí Cuardaigh Scileanna Allamuigh Instructors

## Traenáil

Leanadh ar aghaidh le ranganna traenála seachtainiúla agus le seisiúin deireadh seachtaine i rith na bliana. I rith 2014, cuireadh traenáil ar shaorálaithe Cosanta Sibhialta sna scileanna seo a leanas: Céad Fhreagóir Éigeandála, Céad Fhreagróir Cairdiach, Garchabhair Cheirde, Sábháilteacht Bia & Tusa, Scileanna Cuardaigh, Feasacht Uisce, Léamh Léarscáile, Cumarsáid Raidió, Láimhsiú Shábháilte, Traenáil Mótarbhád.

## C.I.S.M ( Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla)

Mar gheall ar na teagmhais trámacha a fhreastalaíonn baill Cosanta Sibhialta orthu go minic, cuirtear seirbhís tacaíochta agus chomhairleachta ar fáil do shaorálaithe anois. Seirbhís 24 uair an chloig, rúnda, saor in aisce do bhaill í Care Call. Tugann an piarthacadóir Linda Skehan atá oilte sa réimse sin oiliúint feasachta don tseirbhís sin.

## Cosaint Leanaí

Tá oiliúint i bhfeasacht faoi chosaint leanaí á cur ar fáil do gach saorálaí.

## Madra Cuardaigh

Tá madra cuardaigh deimhnithe ag Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann anois agus cuireann sé go mór leis an tseirbhís. Tá an madra seo (Scooby) fíorúsáideach do Chosaint Shibhialta agus iad ag déanamh cuardach do dhaoine ar iarraidh. Féadann an madra seo achar mór talún a chlúdach go han-tapa. Is é an Láimhseálaí, Mark Condon, a thugann aire don mhadra.

## Gradaim Fadseirbhíse

I 2014 d'eisigh an Coláiste Cosanta Sibhialta bonn fadseirbhíse do bhaill a raibh 30, 40 nó 50 bliain de sheirbhís acu. Reáchtáladh searmanas speisialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 21 Samhain 2014 agus bhronn an tAire Stáit, an tUas. Paul Keogh, T.D. boinn ar shaorálaithe . Fuair 3 Ball de chuid Chosaint Shibhialta Thiobraid Árann boinn seirbhíse 40 bliana agus fuair 6 boinn seirbhíse 30 bliana. D'fhreastail na hOifigh Anthony Graham agus Dolores Fahey ar an ócáid.



Boinn 5o Bliana Cosanta Sibhialta



Boinn 40 Bliana Cosanta Sibhialta




Boinn 30 Bliana Cosanta Sibhialta



# CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA

- Cruinnithe
- Íocaíochtaí
- An Grúpa Beartais Chorparáidigh
- Fáiltithe Cathrach
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht na Faisnéise
- An Deasc um Sheirbhís do Chustaiméirí
- An Láithreán Gréasáin
- Saoráil Faisnéise
- Deontais Ardoideachas
- Spórt & Sóisialta

# Cruinnithe den Chomhairle i 2014



| COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN THEAS | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 4 |

| COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN THUAIDH | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 5 |
| Cruinnithe Speisialta | 1 |


| CRUINNITHE CEANTAIR THIOBRAID ÁRANN THEAS | |
|---|---|
| Cluain Meala | 2 |
| Cathair Dúin Iascaigh | 2 |
| Fiodh Ard | 2 |
| Caiseal | 2 |

| CRUINNITHE CEANTAIR THIOBRAID ÁRANN THUAIDH | |
|---|---|
| An tAonach | 3 |
| An Port Nua | 3 |
| An Teampall Mór | 3 |
| Durlas | 3 |

| CRUINNITHE CHOMHAIRLE CONT AE THIOBRAID ÁRANN | |
|---|---|
| Bliantúil | 1 |
| Miosúil | 4 |
| Buiséadach | 1 |

| CRUINNITHE CEANTAIR BHARDASAIGH | |
|---|---|
| Durlas/An Teampall Mór | 4 |
| Carraig na Siúire | 6 |
| Caiseal/Tiobraid Árann | 7 |
| Cluain Meala | 6 |
| An tAonach | 5 |

# Íocaíochta le comhalta Chomhairle Contae Thiobraid Árann




# An Grúpa Beartais Chorparáidigh

**Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) déanta suas den Chathaoirleach agus de chúigear Cathaoirleach na gCoistí Beartais Straitéisigh agus tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis.**

Sa ghrúpa freisin tá Cathaoirleach Cheantar Bardasach Charraig na Siúire tois nach bhfuil ionadaíocht ag ball ón gceantar sin mar Chathaoirleach CBS.

Cuimsíonn ról an GBC comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle Thofa maidir le beartas a cheapadh, a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a athbhreithniú do Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is ag an gComhairle Thofa a bhfuil an údarás iomlán ó thaobh cinntí a dhéanamh, áfach.

Féadann an GBC moltaí a dhéanamh chun gnó a leithdháileadh idir na Coistí Beartais Straitéisigh agus um chomhordú ginearálta an ghnó sin.

**Faoin gComhairle nua, bhí 5 chruinniú GBS i 2014. I measc na míreanna a breathnaíodh orthu ag a gcuid cruinnithe bhí:**

- Coiste Áitiúil & Forbartha Pobail a bhunú
- Tuarascálacha Bainistíochta de réir Alt 136 den Acht Rialtais Áitiúil 2001
- Dréachtscéim CBS Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- An Coiste Iniúchóireachta
- Forbhreathnú ar Shaincheisteanna Buiséadacha Bliantúla
- Prótacal d'Fháiltithe Cathrach
- An Plean Corparáideach
- Structhúr an Chomhchoiste Póilíneachta
- An Dréachtscéim Ranníocaíochtaí Forbartha 2015-2019
- Cás-staidéar IPA ar an bPróiseas Cumaisc

## Fáiltithe Cathrach

**Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh:**



Cloch Shiurdáin tar éis a n-éachta sna gradaim idirnáisiúnta do Liveable Communities(LivCom)



Cnocán an Éin Fhinn sna Gradaim Idirnáisiúnta do Liveable Communities (LivCom)



Club CLG an Locha Mhóir/Chaisleán Laighnigh tar éis dóibh Craobh an Chontae san Iománaíocht Shinsearach agus sa Pheil Shinsearach a bhuachaint i 2013

**Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas:**



Brendan Cummins, Iománaí Thiobraid Árann

**Comhairle Contae Thiobraid Árann:**



AFC an Aonaigh tar éis dóibh an FAI Youths Cup a bhuachaint i 2014



Club Peile St. Michael's FC mar aitheantas do bhuachaint an FAI Umbro Junior Cup

# Acmhainní Daonna

Tá an Chomhairle Contae Thiobraid Árann nua-aontaithe ar cheann de na fostóirí is mó sa chontae agus 1148 fostaí (coibhéis lánaimseartha) aige ag deireadh 2014.

**Pléann an Rannóg Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:**

- **Earcaíocht, Luach Saothair agus Coinníollacha Fostaíochta.**
- **Forbairt agus Cur i bhFeidhm Clár um Oiliúint/Forbairt Ball Foirne**
- **Aoisliúntas (Teildíochtaí Pinsin)**
- **Leas/Caidreamh Fostaí**
- **Caidreamh Tionsclaíoch**
- **Coimeád Taifid Comhaltaí Pearsanra**
- **An córas ríomhaire Acmhainní Daonna CORE**
- **An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**

## Pleanáil Fórsa Saothair

Mar chuid de phróiseas cumaisc Thiobraid Árann, agus i gcomhlíonadh na gceanglas a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh cleachtadh fairsing um pleanáil fórsa saothair i rith 2013. Ba é a bhí i gceist leis sin ná comhairliúchán idir an lucht bainistíochta, baill foirne agus ionadaithe ceardchumainn. I rith 2014, cuireadh an plean fórsa saothair i bhfeidhm. Sular tharla an cumasc, tugadh fógra do gach ball foirne faoina gcuid post sa Chomhairle Contae Thiobraid Árann nua agus faoi Mheitheamh 2014, bhí gach ball foirne nua imithe i mbun a gcuid ról nua.

## Earcaíocht

Bhí earcaíocht teoranta i 2014 mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíochta a bhí i réim, an moratóir leanúnach ar sholáthar foirne don tSeirbhís Phoiblí agus riachtanais an phlean fórsa saothair. Ritheadh roinnt comórtas oscailte agus srianta, áfach, agus rinneadh ceapacháin do phoist lárnacha seirbhíse.

De réir na gclár náisiúnta "Pathways to Work" agus "Action Plan for Jobs", lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Scéim JobBridge agus an Scéim Gateway, trínar tugadh deiseanna d'iarrthóirí incháilithe taithí oibre luachmhar a fháil. Faoi mhí na Nollag 2014 bhí 57 rannpháirtí Gateway i bhfeidhm ar fud an chontae.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le haontais agus le hionadaithe fostaí chun caidreamh oibre muinteartha agus coinníollacha oibre feabhsaithe a bhaint amach in éineacht le cleachtais oibre sábháilte, éifeachtacha agus éifeachtúla. Bhain cuid mhór de na ceisteanna a ardaíodh i rith na bliana leis an gcumasc agus d'oibrigh an lucht bainistíochta agus na cumainn chun déileáil leo siúd.

## Oiliúint & Forbairt Foirne

Ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha agus le cuspóirí ár bPlean Chorparáidigh déanaimid cinnte i gcónaí go dtugtar deis do bhaill foirne ag gach leibhéal den eagraíocht a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh agus an leibhéal eolais cuí agus na scileanna riachtanacha a shealbhú chun a bpost a dhéanamh. I rith 2014, bunaíodh foireann oiliúna thiomnaithe sa Rannóg Acmhainní Daonna.

Tá oifigeach oiliúna i gceannas ar an bhfoireann agus tá siad freagrach as clár oiliúna cuimsitheach a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm. Tá riachtanais oiliúna bunaithe ar na riachtanais a aithnítear tríd an gCóras Bainisíochta Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus i rith na bliana tugadh tosaíocht d'Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, d'oiliúint a theastaíonn do róil sonracha agus d'oiliúint a bhaineann le bainistíocht athraithe.

Chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú, rinneadh oiliúint a sheachadadh in oifigí na Comhairle go príomha agus san Ionad Oiliúna Réigiúnach, Ros Cré agus úsáid á baint as oiliúnóirí intí agus réigiúnacha. Comhghairdeas leis na fostaithe go léir a thug faoin gclár oiliúna i 2014.

## Aoisliúntas

Riarann an Rannóg Acmhainní Daonna an Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus na Scéimeanna Céilí agus Leanaí agus Scéimeanna Pinsin Baintrí agus Dílleachta do gach grád.

**Comhlíonann sí na feidhmeanna seo a leanas:**

- Cnapshuimeanna scoir agus pinsin, aiscí báis, cnapshuimeanna a ríomh i dtaobh scor, sochar caomhnaithe srl.
- Aistriú seirbhíse chuig agus ó chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile
- Ríomh stádas maidir le seirbhís agus meastacháin faoi shochair
- Clárú ball scéime nua.

## An Córas Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Sa bheartas náisiúnta tugtar tosaíocht ard fós do chórais bainistíochta feidhmíochta a úsáid sa Rialtas Áitiúil. I gComhaontú Pháirc an Chrócaigh bhí forálacha um athghníomhachtú agus leasú leanúnach CBFF chun naisc soiléire le beartais AD a chuimsiú. D'aontaigh an Lucht Bainistíochta agus na Cumainn ar na hathruithe ar leibhéal náisiúnta agus tugadh gealltanas dóibh arís faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Toisc go raibh cruthú stiúrthóireachtaí athbhreithnithe agus foirne nua mar thoradh ar an gcumasc, rinneadh dul chun cinn faoi dheireadh 2014 i dtaobh aontú ar Fhoirne Forbartha Foirne athbhreithnithe i ngach rannóg A.

## Comhionannas

**Is iad an dá phríomhbheartas comhionannais atá i bhfeidhm in Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Theas ná:**

- An Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus
- An Beartas um Bainistíocht Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá roinnt Daoine Teagmhála Ainmnithe i bhfeidhm agus is é an ról atá acu ná cúnamh a thabhairt d'fhostaithe de réir mar a theastaíonn de réir na mbeartas comhionannais. Tá an liosta de Dhaoine Teagmhála Ainmnithe ceangailte leis an mBeartas um Dhínit san Ionad Oibre ar Sharepoint.

## Leas/Caidreamh Fostaithe

**Bímid i gcónaí ag iarraidh timpeallacht oibre a chruthú a chothaíonn fórsa oibre folláin agus forásach. I measc na dtionscnamh a glacadh tá iad siúd a leanas:**

- Clár Tacaíochta Foirne lena n-áirítear Baill Foirne Tacaíochta Fostaí
- Rochtain ar Ghairmí Sláinte Ceirde
- Lámhleabhar Fostaí
- Lámhleabhar Aoisliuntais
- Pacáiste eolais/Ionduchtaithe d'fhostaithe nua
- Gradaim Fadseirbhíse
- Cúrsaí Réamhscoir P
- Tionscadal Filleadh ar Fhoghaim

Éascaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann tógáil socruithe saoire éagsúil atá Cairdiúil don Teaghlach lena n-áirítear Roinnt Oibre, Saoire Tuismitheora agus Saoire Cúramora.

## CORE Córas AD Párolla agus Aoisliúntais

Tugadh isteach Córas nua AD Párolla agus Aoisliúntais (CORE) i 2010. Ba é a bhí i gceist leis sin ná 10 modúl a chur i bhfeidhm ar fud na tíre idir 2010 agus 2013.

Chun ullmhú don chumasc, ba ghá na córais Core a chomhtháthú i 10 n-Údarás Áitiúil Thiobraid Árann. I dteannta leis an obair sin, agus de réir an tSamhail Seachadta Seirbhíse athbhreithnithe do Chomhairle Contae Thiobraid Árann, aistríodh freagracht as párolla agus íocaíocht pinsean san áireamh chuig an Rannóg Acmhainní Daonna.

Tugadh faoi chuid mhór oibre i 2014 chun cinntiú go mbeadh gach córas comhtháite go hiomlán faoi dháta an chumaisc, Meitheamh 2014 agus baineadh é sin amach. Mar chuid den obair rinneadh sioncronú ar shonraí agus phárollaí idir na 10 n-údarás go léir leis an gcontae.

# Scoir

## Thug na fostaithe seo na blianta de sheirbhís den chéad scoth agus seirbheáladh custaiméirí Iarúdaráis Áitiúla Thiobraid Árann go maith acu. Guímid sláinte agus sonas ar feadh na mblianta fada romhainn orthu go léir. Tá súil againn go gcoimeádfaidh siad i dteagmháil i gcónaí lena gcuid cairde agus comhghleacaithe iomaí.

**I RITH 2014 CHUAIGH NA BAILL FOIRNE SEO A LEANAS AR SCOR ÓN TSEIRBHÍS:**

**Anne Hayes**
Oifigeach Foirne

**Anthony Loughnane**
Oibrí Ginearálta

**Bernadette Mc Namara**
Oifigeach Cléireachais

**Bernard Mullins**
Oifigeach Foirne Sinsearach

**Bridget Treacy**
Oifigeach Cléireachais

**Catherine Meade**
Oifigeach Foirne Sinsearach

**Colette Messenger**
Oifigeach Cléireachais

**Dan Walsh**
Innealtóir Sinearach

**Gerry Griffin**
Cúntóir Ceardaí

**Henry Deane**
Feighlí Uisce

**James Norris**
Comhraiceoir Dóiteáin

**Jim McGrath**
Maor Scoile

**Jim Mcguire**
Innealtóir Sinsearach

**Jimmy Harney**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

**Jimmy Kelly**
Teicneoir Feidhmiúcháin Sinsearach

**Joe Carrigan**
Airíoch Uisce

**John Culleton**
Comhraiceoir Dóiteáin

**John Fogarty**
Oibrí Ginerálta

**John Gearon**
Duine Stórais/Tiománaí

**John O'Mahoney**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

**Joseph O'Meara**
Oibrí Ginearálta

**Josephine Brett**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinearach

**Kathleen O'Neill**
Oifigeach Cléireachais

**Ken Conway**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

**Leonard Russell**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

**Margaret O'Gorman**
Oifigeach Cléireachais

**Margaret Stapleton**
Glantóir Oifige

**Mary Williams**
Oifigeach Cléireachais

**Michael Fitzgerald**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

**Michael Moloney**
Teicneoir Feidhmiúcháin

**Michael Power**
Tiománaí

**Michael Wade**
Oibrí Ginearálta

**Noreen Carey**
Oifigeach Foirne

**Pascal Logue**
Comhraiceoir Dóiteáin

**Patrick English**
Maoirseoir Seirbhísí Ginearálta

**Patrick Nagle**
Feighlí Uisce

**Patrick O'Brien**
Oibrí Ginearálta

**Paul Hallinan**
Oibrí Ginearálta

**Sally O'leary**
Oifigeach Riaracháin

**Sean Carey**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

**Thomas Sheehan**
Maor Bruscair

**Thomas Whelan**
Oibrí Ginearálta

**Timothy Quinn**
Ceardaí

**Tom Byrne**
Stiúrthóir Sera

**Tom O'Dwyer**
Oifigeach Riaracháin

**Tony Kelly**
Ceardaí


**William Breen**
Tiománaí



J O'Mahoney



Cuireadh trí chéile muid agus cuireadh an-bhrón orainn nuair a fuaireamar amach go raibh ár gcomhghleacaí, an tUas. **Peter Britton** Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin tar éis bás a fháil tar éis timpiste i mí Iúil 2014. Ball foirne fíorluachmhar a bhí i Peter agus airímid uainn go mór é. Déanaimid comhbhrón le bean Peter Carol atá ina ball dár gcuid Ball Foirne Leabharlainne agus lena gcuid mac agus a n-iníon agus lena dteaghlach sínte.



# Teicneolaíocht na Faisnéise (TF)




**In 2014, dhírigh an rannóg TF go príomha ar éascú a dhéanamh ar:**

- chónascadh Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh agus Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Theas
- comhtháthú na n-Oifigí Fiontair Áitiúla agus
- cruthú na n-Oifigí Ceantair Cathrach nua.

Ba é a bhí i gceist leis sin ná feidhmchláir ghnó, córais TF, gutháin agus an bonneagar tacaíochta go léir sna heintitis a bhfuil tagairt dóibh thuas a chumasc, agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt sheirbhís tacaíochta teicniúla do na baill foirne ar fud na heagraíochta.

**Mar achoimre i measc na hoibre a baineadh amach bhí:**

- na gréasáin, an nascthacht agus an bonneagar a thacaíonn le soláthar seirbhísí TF a chumasc
- córais ghutháin a chumasc agus córas nua um uimhriú gutháin a chur i bhfeidhm
- córais TF a chur i bhfeidhm mar ríomhphost, comhaid/fillteáin, athshlánú ó thubaiste, slándáil, frithvíreas, córais oibriúcháin, bunachair sonraí, srl.
- córais ghnó a chumasc le haghaidh na Rannóg, mar shampla Airgeadas-Agresso, Pleanáil - IPlan agus IDocs, Tithíocht - IHouse, Bóithre – MapRoad agus Fíneálacha Páirceála, srl.
- córais bunaithe ar an ngréasán a chumasc maidir le Pleanáil, Bóithre, agus Airgeadas, srl.
- an t-uasghrádú ar naisc ardluais idir oifigí
- forbairt láithreáin gréasáin nua, cumasc inlíon
- cumasc córas faisnéise geografaí corparáideacha agus gnó
- éascú athlonnú ball foirne ar fud na heagraíochta
- comhtháthú ball foirne san eagraíocht ó ghníomhaireachtaí seachtracha
- tabhairt isteach deasca um sheirbhís chustaiméara san Aonach agus i gCluain Meala agus cur i bhfeidhm an chórais um bainistíocht caidrimh chustaiméara
- soláthar Taibléad agus Printéirí wi-Fi do na Comhairleoirí, agus an áis chun rochtain a fháil ar sheirbhísí mar ríomhphost, stóir doiciméad agus láithreáin ghréasáin ó na fearais sin
- soláthar WiFi do bhaill foirne, d'aíonna agus do na comhaltaí tofa in ionaid lárnacha ar fud an Chontae.

*Críochnaíodh an obair sin go léir, gan aon aga neamhfhónaimh soiléir i soláthar seirbhísí do bhaill foirne, do chomhaltaí tofa, don phobal agus do ghníomhaireachtaí seachtracha.*



# Seirbhísí Tacaíochta Custaiméara i gComhairle Contae Thiobraid Árann nua

**Tugadh isteach samhail chomhtháite nua do thacaíocht chustaiméara ar fud Chomhairle Contae Thiobraid Árann aontaithe ar an lá céanna agus a tháinig an Chomhairle nua i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2014.**


Seoladh an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí san Aonach


Seoladh an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí Cluain Meala

**Soláthraíonn sé sin do Dheasca Seirbhíse do Chustaiméirí sna dá hOifig Cathrach i gCluain Meala agus san Aonach, le baill foirne Túslíne agus Ionad Glaonna.**




**Buaicphointí agus gnéithe na Seirbhíse nua do Chustaiméirí:**

- 3000 glao ar an meán in aghaidh na seachtaine, a n-aistrítear 50% díobh chuig rannóga. Ciallaíonn sé sin go bhfuil Seirbhís do Chustaiméirí ag plé le beagnach leath de na glaonna ar an gComhairle Contae agus á dtabhairt chun críche.
- Freagraíonn ball foirne glaonna, seachas iad a ligean ar aghaidh go teachtaireacht thaifeadta.
- Faightear 600-650 fiosrú ar an meán ag an gcuntar poiblí gach seachtain.
- Faigheann Seirbhís do Chustaiméirí 200 ríomhphost ar an meán gach seachtain.
- Faightear os cionn 2000 míre sa phost agus scaiptear chuig na rannóga éagsúla iad nó déileáltar leo i Seirbhís do Chustaiméirí .
- Pléitear an RSC le os cionn 6000 custaiméara in aghaidh na seachtaine (guthán/cuntar poiblí/ríomhphost/post). Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le gach rannóg chun soiléireacht a thabhairt faoi ról RSC agus na Rannóige/an Cheantair Buirge/Cheantair Bhardasaigh. Tá an Chomhairle ag baint úsáide as an gcóras um Bainistíocht Chaidrimh Chustaiméara (BCC) chun teachtaireachtaí a iompar ó RSC go Rannóga/Ceantaí .

*Fuarthas aiseolas an-dearfach ó áiteanna éagsúla faoi na Deasca nua Seirbhíse do Chustaiméirí agus tugadh trácht dearfach ina leith. Níl ann ach an chéad chéim de shamhail Dheasc Seirbhíse do Chustaiméirí a bheidh á forbairt.*

# Tipperarycoco.ie - Láithreán Gréasáin Nua do Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas

**Ag an am céanna le bunú Chomhairle Contae Thiobraid Árann i Meitheamh 2014, seoladh a láithreacht ar líne tipperarycoco.ie.**

Forbraíodh Tipperarycoco.ie mar ardán cuimsitheach um sheirbhís do chustaiméirí, atá ar fáil 24x7 agus ina bhfuil eolas tráthúil faoi na seirbhísí go léir a chuirimid ar fáil.

Agus an láithreán gréasáin á athfhorbairt i mbliana, ba iad na príomhghnéithe ar dhírigh muid orthu ná 'úsáid éasca' agus rochtain do chách. Bhí an branda nua, Tiobraid Árann Le Chéile, Aon Chomhairle Amháin, Aon Phobal Amháin mar bhunús do choimre an láithreáin ghréasáin.

Ag an tréimhse seo ina bhfuil go leor athruithe ag tarlú tá sé an-tábhachtach go léireodh an láithreán gréasáin an t-údarás nua-aontaithe agus go gcothódh sé leanúint ar aghaidh le seirbhísí ar fud an chontae, le muinín le linn an phróiseas cumaisc .

Leagamar béim faoi leith ar chóras Ceisteanna Coitianta agus naisc le tuilleadh eolais ar fud an láithreáin.

Is féidir le cuairteoirí ar an láithreán gréasáin ár mbunachar sonraí Ceisteanna Coitianta a chuardach de réir eochairfhocail, freagra a aimsiú go tapa ar cheist ar bith faoinár gcuid seirbhísí, agus nasc a dhéanamh le tuilleadh eolais agus doiciméad ábhartha. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le húsáideoirí cuardach a dhéanamh d'fhoilseachán ar bith (Íoslódáil) nó d'fhoirm ar bith (Cuir Isteach Air) agus beidh an rogha acu eolas bainteach eile a fheiceáil.

Is é ár dtuairim ná go bhfuil seirbhísí gréasáin mar phríomhardán 'féinseirbhíse' don phobal agus ina bpríomhbhealach teagmhála le haghaidh os cionn 20,000 baill den phobal in aghaidh na míosa. Tá sé ar intinn againn tógáil air sin le tuilleadh tionscnamh sa todhchaí chun feabhas a chur ar sheirbhís don phobal de réir mar a fhorbraíonn an chomhairle nua-chumasctha thar na blianta romhainn.

## Gnóthaíonn Tipperarycoco.ie Gradam LAMA (Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil) do Chomhairle na Bliana

I dtreo dheireadh 2014, aimníodh an láithreán gréasáin nuasheolta tipperarycoco.ie do ghradam Chomhairle na Bliana agus ghnóthaigh sí é i nGradaim Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil.

Léirigh an gradam sin obair chrua, tionscnamh, agus díograiseacht na mball foirne atá i mbun dhearadh, forbairt agus ullmhú an láithreáin ghréasáin agus a ábhair.

Deis a bhí ann an Chomhairle nua-aontaithe a chur chun cinn agus ár n-éachtaí tar éis an chumaisc a thaispeáint.




Ag an Searmanas Gradam: (C-D) An Cmhlr Micháel Anglim, An Cmhlr. John Carroll (Leaschathaoirleach), Ruth Maher (Rannóg TF), Ronan Foley (IPB), An Cmhlr. Mags Murray (Cathaoirleach LAMA), An Cmhlr Andy Moloney



# Saoráil Faisnéise



**Achtaíodh an tAcht nua um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Tugann sé trí cheart fíorthábhachtach fós do bhaill den phobal a d'iarr rochtain ar fhaisnéis a bhí ag ranna rialtais agus comhlachtaí ainmnithe eile.**

**Is iad na cearta sin ná:**

a. An ceart chun rochtana ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Comhlachtaí Poiblí.

b. An ceart chun cur faoi deara faisnéis phearsanta fúthu atá ag na comhlachtaí sin a cheartú nua a nuashonrú áit is gá.

c. An ceart fáthanna a fháil le haghaidh cinntí ag comhlachtaí poiblí a mbíonn tionchar acu orthu.

Ó tionscnaíodh i 1997 é bhain go leor ball den phobal leas as an Acht um Shaoráil Faisnéise chun rochtain a fháil ar thaifid atá á gcoimeád ag Comhlachtaí Poiblí.

Fuarthas 20 iarratas ar Shaoráil Faisnéise sna hiarstruchtúir údaráis áitiúil i dTiobraid Árann Thuaidh agus Theas suas go dtí an 31 Bealtaine, 2014.

**Sa tábla seo a leanas taispeántar líon na n-iarratas FOI ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ón 1 Meitheamh go 31 Nollaig, 2014 agus na cinntí a rinneadh i leith na n-iarratas sin :**

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas FOI faighte | 35 |
| Líon na n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta | 4 |
| Líon na n-iarratas ar fhaisnéis neamhphearsanta | 28 |
| Measctha | 3 |
| Líon na n-iarratas deonaithe | 18 |
| Líon na n-iarratas deonaithe i bpáirt | 6 |
| Líon na n-iarratas diúltaithe | 8 |
| Iompaithe ar aghaidh go 2015 | 3 |

# Deontais Ardoideachais




**De réir an Achta um Dheontais Ardoideachais, soláthraíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas deontais ardoideachais do mhic léinn incháilithe.**

Glacann an Chomhairle le scéim deontas gach bliain leis an Aire Oideachais agus Scileanna. Ó 2012/2013 tá Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) ag próiseáil gach iarratais nua. Dá réir sin, níl Comhairle Contae Thiobraid Árann ag próiseáil iarratas nua ar dheontais ardoideachais a thuilleadh, tá siad ag próiseáil iarrats do mhic léinn atá ag leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéar reatha ón mbliain acadúil 2011/2012.

**Líon Iomlán na n-Iarratas Measúnaithe 2014/2015:**

**319**






# Clubanna Spóirt agus Sóisialta

## Cluain Meala

Arís eile bliain ghníomhach, rathúil agus thaitneamhach ab ea 2014 don Chlub Spóirt agus Sóisialta, Cluain Meala. Leanamar ar aghaidh ag eagrú imeachtaí chun oiriúint do gach duine. I measc na n-imeachtaí bhí turais ar Phanto na Leanaí i Luimneach ar fhreastail os cionn 200 tuismitheoir agus leanbh air, Pitch and Putt i Radharc an Chnoic, Turas chun féachaint ar Mhumhan ag imirt Rugbaí, Urraíocht Foirne Aclaíochta, 25 drive agus turais chuig ceolsiamsaí agus seónna.




Ar an 7 Meitheamh 2014, reáchtáladh cóisir fíorspeisialta deireadh ré chun ceiliúradh a dhéanamh ar dheireadh Chomhairle Contae Thiobraid Árann i dTeach an Ráithín, Cluain Meala. Oíche an-rathúil a bhí ann; bhí 200 ball foirne idir baill foirne ón am atá thart agus ball foirne reatha i láthair agus bhain siad go léir sult as an oíche.




Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a íocann síntiús lenár gcrannchur, a eagraíonn agus a ritheann imeachtaí agus go háirithe dóibh siúd go léir chun ár gcuid imeachtaí, atá oscailte do baill go léir an chlub shóisialta, a dhéanamh taitneamhach agus siamsúil.

*Tá sé beartaithe imeachtaí a eagrú ar fud an chontae i 2015.*

## An tAonach

Bliain réasúnta chiúin ab ea 2014 dár gClub Sóisialta. Chomh maith lenár gcrannchur gach coicís, ár gCrannchuir Chásca agus Nollag bhí siúlóidí, beárbaiciú, Panto na Nollag in UL againn, agus ár n-Aifreann bliantúil do bhaill nach maireann. Mar is gnách chuireamar le Cóisir bhliantúil na Leanaí. Freisin leanamar ar aghaidh ag oibriú ár 'gCiste Saoire' do na baill sin atá ag iarraidh airgead a chur i leataobh do shaoire, nó le haghaidh ócáid teaghlaigh speisialta nó díreach chun na billí bliantúla a íoc.

Gabhaimid buíochas lenár gcuid ball go léir, go háirithe iad siúd a ghlac páirt in imeachtaí. Tá focal buíochais speisialta ag dul dóibh siúd a d'eagair imeachtaí le linn na bliana.

Táimid ag eagrú imeachtaí don bhliain dar gcionn cheana féin, mar ár gCrannchur Cásca agus turas chuig "A Taste of Dublin" i nGairdíní Uíbh Eachach, Baile Átha Cliath ar an 13 Meitheamh, agus táimid ag tnúth go mór le dul ar roinnt comhthuras lenár gcuid comhpháirtithe sa tuaisceart a bhfuil ina measc siúlóid i Sléibhte an Chomaraigh i mí Aibreáin.




Tar éis chumasc na n-údarás áitiúil agus mar gheall ar líon na mball foirne atá ag aistriú san eagraíocht, bheadh an-áthas orainn fáilte a chur roimh bhaill nua ar an gcoiste agus bheimis an-sásta cloisteáil ó aon saorálaithe nua .

# COMHAIRLÍ CEANTAIR BHARDASAIGH






# Ceantar Bardasach Charraig na Siúire



**Reáchtáladh an chéad chruinniú comhaltaí le haghaidh Cheantar Bardasach Charraig na Siúire ar an 10 Meitheamh, 2014, 2014. Toghadh an Cmhlr. Eddie O' Meara mar Chathaoirleach Ceantair.**

- Cuireadh Fáilte Cathrach roimh a Oirirceas an tUas. Loyola Hearn, Ambasadóir Cheanada, ar an 22 Lúnasa, 2014.
- Críochnaíodh an chéad chéim de chaomhnú Bhallaí Bhaile Charraig na Siúire i nDeireadh Fómhair, 2014.
- Soláthraíonn Muiríne Charraig na Siúire bearta d'ocht mbád áitiúla, bunáit do Tharrtháil Abhann Charraig na Siúire agus tharraing sé thart ar thríocha bád cuairte.
- Lean scéim CCTV Pobail Charraig na Siúire ar aghaidh agus ocht iarratas déag chun rochtain a fháil ar thaifid faighte ón nGarda Síochána.

## Comhairle Baile Charraig na Siúire

Ba é Buiséad 2014 do Chomhairle Baile ná Charraig na Siúire €3,804,852, agus ba é an ráta sa euro ná €50.99. Glacadh an buiséad ar an 17/12/2013.

**Thug an Chomhairle Baile na deontais seo a leanas faoi alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001:**

| Comhlacht | Méid |
|---|---|
| Banna Práis Charraig na Siúire | €1,900 |
| Cumann Forbartha Charraig na Siúire, mar ranníocaíocht i dtreo oibriú Ionad Oidhreachta Charraig na Siúire | €3,500 |
| Coiste Turasóireachta agus Forbartha Eacnamaíochta Charraig na Siúire | €1,500 |
| Coiste Eagrúcháin Fhéile Clancy | €3,500 |
| Ionad Spóirt Sean Kelly | €5,000 |
| Coiste Eagrúcháin Lá Fhéile Pádraig Charraig na Siúire | €500 |

I mBealtaine 2014, ghlac an Chomhairle Baile le plean Cheathrú Chaisleán Urumhan, ar plean táscach é um forbairt agus athghiniúint an cheantair stairiúil ag taobh thuaidh Lár an Bhaile.

Reáchtáladh an Cruinniú Deireanach den Chomhairle Baile ar an 12 Bealtaine, 2014.

# Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann

## Brollach

**Bunaíodh Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann mar chuid den struchtúr Ceantair Bhardasaigh faoin Acht um Leasú an Rialtais Áitiúil ar an 1 Meitheamh 2014. Tá an Ceantar déanta suas d'Iarchomhairlí Baile Chaisil agus Thiobraid Árann agus de na ceantair timpeall orthu a fhreastalaíonn ar dhaonra de 27,549 agus déanann 7 Comhairleoirí ionadaíocht air. Bíonn cruinnithe míosúla ag Comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh a reáchtáiltear ar an gceathrú Luan de gach mí. Toghadh an Comhairleoir John Crosse mar chéad Chathaoirleach an Cheantair ar an 13 Meitheamh 2014. Chríochnaigh na Comhairlí Baile/an Ceantar Bardasach roinnt tionscadal i rith 2014 agus tugtar achoimre ghearr orthu thíos.**



Taispeántar sa ghrianghraf Oifigí Cathrach nua, Bóthar Rosanna, Baile Thiobraid Árann.

Buaiteoir an "Tionscadal Innealtóireachta Sibhialta is Fearr" ag Gradaim Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (L.A.M.A.) 2013.



Ó Chlé,ina suí: Clare Curley, Bainisteoir Ceantair, An Cmhlr. Michael Fitzgerald, Cathaoirleach, Co Co Thiobraid Árann, Marie McGivern, Riarthóir Ceantair, An Cmhlr Roger Kennedy. Sa Chúl: Aidan Finn, Innealtóir Ceantair, An Cmhlr.Tom Wood, Cathaoirleach John Crosse, Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann, an Cmhlr. Mary Hanna-Hourigan, an Cmhlr. Martin Browne.



## Fáiltithe Cathrach

Thug an Cathaoirleach, an Comhairleoir T John Crosse, Fáiltiú Cathrach do na a **Siúracha Trócaire, Baile Thiobraid Árann** agus iad ag ceiliúradh cothrom 150 bliain ó tháinig siad chuig Baile Thiobraid Árann. Reáchtáladh an ócáid sin sa Chlochar i mBaile Thiobraid Árann, Seomra Pobail na Siúracha ar an Luan, an 20 Deireadh Fómhair 2014.

### Reáchtáil Comhairle Baile Thiobraid Árann Fáilte Méara le haghaidh:

**An tUas. Liam Hennessy** - 26 Eanáir 2014 "Mar aitheantas dá dtiomantas agus dá ngealltanas chun spórt na Lúthchleasaíochta agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar a rath sa pháirc agus lasmuigh di ar an ardán Lúthchleasaíochta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a raibh a Uachtaránacht ar Chumann Lúthchleasaíochta na hÉireann don tréimhse 2008-2012 mar thoradh air"

**An tUas. Tony Lawlor** - 24 Feabhra 2014 "Mar aitheantas dá bhallraíocht 40 bliana, dá dtiomantas agus dá ngealltanas do Chumann Croise Deirge na hÉireann, agus dá chuid éachtaí pearsanta iomaí mar shaorálaí go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud an domhain i mbun seirbhíse do dhaoine eile"

## Feabhsúcháin ar Shráid na Manach, Caiseal

Le Mótarbhealach an M8 ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh cuireadh feabhas ar na háiseanna agus na deiseanna uathúla ar féidir leis an mBaile, an gContae agus an Réigiún leas a bhaint astu. Tar éis oscailt an Stáisiún Seirbhíse Mótarbhealaigh ag Acomhal 8, tháinig Sráid na Manach i gCaiseal chun bheith mar phríomhartaire isteach chun an bhaile agus de réir mar a bhaintear an baile amach ar an mbóthar sin, tá radharc iontach de phríomhghné Chaisil – Carraig Chaisil.

### Agus é sin i gcuimhne, cheap an Chomhairle, agus í ag gníomhú mar Thionscnóir thar ceann Chumann Tráchtála Chaisil agus an Chomhlacht Oidhreachta, moltaí chun Sráid na Manach a fheabhsú ar na bealaí seo a leanas:

a. colúin nua a chur in ionad na colúin soilsithe reatha

b. na línte cumhachta lastuas ar an tsráid a chur faoi thalamh.

Rinneadh na hoibreacha sin ar chostas €384,000. I 2013, d'fhaomh Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas Cúnamh Deontais den mhéid t €206,989.46 don Tionscadal faoin mBeart um Athnuachan agus Forbairt Sráidbhailte den Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013, le cistiú den mhéid €6,900 in aghaidh an cheann ó Chumann Tráchtála Chaisil agus ón gComhlacht Oidhreachta agus an t-iarmhéid á chistiú ag an gComhairle Baile. Tar éis phróiseas tairisceana bronnadh na hOibreacha Sibhialta ar ConHor Construction Ltd., Lanes Yard, An Eatharla, Co. Chorcaí agus críochnaíodh na hoibreacha i 2014, agus d'éirigh le Airtricity lena dtairiscint le haghaidh na n-Oibreacha Leictreachais.



Pictiúr de Shráid na Manach, Caiseal roimh na hoibreacha.



Pictiúr ag taispeáint Oibreacha Feabhsúcháin Shráid na Manach, Caiseal

## An Scéim um Feabhsú Ceantar Poiblí

**Scéim aonuaire ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ab ea an Scéim um Feabhsú Ceantar Poiblí chun tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí pobail trí chistiú deontais a sholáthar chun críocha feabhas a chur ar cheantair phoiblí roimh shéasúr turasóireachta 2014 agus ina dhiaidh. Thug an Roinn 75% den chistiú don scéim agus chuir an tÚdarás Áitiúil an 75% eile ar fáil.**

**Cheadaigh an Scéim na tionscadail seo a leanas i gCeantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann.**

### (a) Baile Thiobraid Árann

Chabhraigh Comhairle Baile Thiobraid Árann le 16 áitreabh gnó i bPríomhcheantar Miondíola an bhaile feabhas a chur ar a gcuid aonad réadmhaoine trí chúnamh deontais a éascú i dtreo éadain siopa a phéinteáil, soithí plandaí agus bláthchiseáin ar crochadh a chur isteach agus seanchomharthaí a bhaint. Sampla amháin de na hoibre ná O'Rahellys a fheictear sa phictiúr thíos:

**O' Rahelly's An Phríomhshráid Baile Thiobraid Árann**



Pictiúr roimh Obair



Pictiúr tar éis Oibre

Gné eile den Scéim ná tógáil dhá ghné tobair chloiche ag príomhphointí isteach go Baile Thiobraid Árann – ceann amháin ar an timpeallán ar Bhóthar Luimnigh agus duine ag teacht isteach sa bhaile ó Luimneach agus an ceann eile ar shlí isteach Bhóthar na Báinsí (sa phictiúr thíos)



Tobar Cloiche ar Bhothar na Báinsí, Tiobraid Árann

Ó chlé - Pat Ryan, Ceardaí, Eamonn Crowe, Ceardaí, Jerry Sutton, Oibrí Ginearálta, Ger Kiely, Garraíodóir Baile Bernard O'Connor, Youth Reach, Joe Forrester, Tiománaí.

### (b) Baile Chaisil

I gCaiseal éascaíodh Coiste Bailte Slachtmhara Chaisil faoin scéim chun oibreacha feabhsúcháin comhshaoil a dhéanamh ar cheantar fiáin dearóil ar a dtugtar an "Gouts Pool" atá suite os comhair an Bhotháin Scoir ar Bhóthar Chluain Meala. Ba é a bhí i gceist leis an obair sin ná fiailí agus imfhás a ghlanadh ón láithreán agus ceantar an "pool" san áireamh agus crainn/fálú, siúlbhealach agus suíocháin a chur isteach. Is ceantar anois é ar féidir le muintir na háite agus cuairteoirí chomh maith taitneamh a bhaint as.



Roimh na hOibreacha.



Leathbhealach tríd na hOibreacha.

Ó chlé -Aidan Downey, John Ryan, James C Mangan, Joe Currivan, Ned O'Toole, Paddy Downey, Paul Monks. Grianghraf tógtha ag Cliff Cope a rinne obair den chéad scoth freisin ar an tionscadal seo.



Oibreacha Críochnaithe. Gouts Pool, Caiseal


## Oidhreacht

### (a) Ballaí Cathrach Chaisil

Séadchomhartha Náisiúnta ainmnithe iad Ballaí Cathrach Chaisil, agus dá barr sin tá cosaint reachtúil acu faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Tógadh na Ballaí, a chuimsíonn 14.5 heicteár agus imlíne de 1,550 méadar de bhloic aolchloiche ina gcúrsaí garbha le líonadh spallaí. Tá na Ballaí 3 mhéadar in airde ar an meán agus tógadh mar mhúr cosanta iad agus túir ghunna acu ag uilinn Thuaidh, Thiar, agus Thoir Theas agus bhí 5 gheata iontu a thug bealaí isteach don bhaile meánaoiseach. D'fhorbair Caiseal, a dtugtar Caiseal Mumhan air freisin a chiallaíonn "Stone Fortress of Munster" mar dhaingean eaglaiste agus ríoga i rith an 13ú haois luath.

Sa lá atá inniu ann tá na Ballaí ina seasamh ar feadh 576 méadar agus 974 méadar faoi thalamh rud a leagann béim ar oidhreacht ailtireachta mhór na cathrach. (Féach an léarscáil thíos; ina seasamh taispeánta i "Dearg" / faoi thalamh taispeána i "Glas")

I 2014 d'éirigh le Tionscadal Ballaí Cathrach Chaisil cistiú den mhéid €5,000 a fháil ón gComhairle Oidhreachta faoi Chiste Bhailte Múrtha na hÉireann. Leis an leithdháileadh deontais sin bhíothas in ann suirbhé a dhéanamh ar chuid de na Ballaí Cathrach ag Cuid F (dá thaobh) de na Ballaí Cathrach atá suite i gClós Uí Chonchúir agus sa Teach Cúirte agus suirbhé breise de Chuid A (in aice leis an Leabharlann). Ba é an comhairleoir don tionscadal seo ná Dennany Reidy and Associates, The Park, Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach. Sna suirbhéanna sin aithníodh na fadhbanna leis na codanna sin den bhalla agus beidh siad mar bhunús d'oibreacha caomhnúcháin amach anseo.




### (b) An Lá Oidhreachta

**I 2014 fuarthas cistiú den mhéid €7,000 ón gComhairle Oidhreachta faoi HERITAGE INTERPRETATION 2014 le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:**

- Life in the Walled Town
- Dhá Thionscadal: Early Bird Walking Tours agus Weaving the story of Wool.

**Leis an gcistiú sin cuireadh ar chumas Fóram Oidhreachta Chaisil, grúpa deonach atá déanta suas de Joanne Hughes, Sean Laffey, Olivia Quinlan agus Geraldine Laffey an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- The House of Adam Stripling, Merchant of Cashel AD 1279 a chur ar stáitse – Ceapadh an stáitse i bhFoirgneamh an Chomhair Chreidmheasa i lár Chaisil chun samhlú go raibh ceannaire as Caiseal tar éis filleadh ón gcoigríoch le haghaidh dhaonra Chaisil an 13ú haois



- Ceardlanna Fíodóireachta - Le trí lá de cheardlanna fíodóireachta cuireadh leanaí na háite ar a n-eolas faoi stáir eacnamaíochta mheánaoiseach a mbaile ar bhealach spraíúil agus idirghníomhach. Bhí cead ag na daltaí go léir taipéis a rinne siad féin agus roithleáin eiteáin a thógáil leo.
- Eagraíodh turais siúil luathmhaidine Early Bird ó mhí Mheithimh go mí Lúnasa

## Clár na n-Oibreacha Bóthair Ceantair 2014

**I 2014 críochnaíodh cuid mhór tionscadal cothabhála agus caipitil i gCeantar Bardasach agus os cionn €5m caite orthu, i measc na n-oibreacha móra a tugadh chun críche bhí iad seo a leanas:**

- Rinneadh Dromchlaí Bóthair a fhorleagan ar an bPríomhshráid, ar Shráid Sheáin agus ar Shráid na Manach, Caiseal
- Rinneadh an dromchla bóthair a fhorleagan ó Scallaichín go Griffins Cross, Tiobraid Árann
- Rinneadh deisiúcháin struchtúir ar Dhroicheadh Churrach Marcaigh, Tóchar Bhaile Mhic Oistín agus Droichead Ghleann Ara.



Droichead Churrach Marcaigh

- Tógadh droichead nua i gCloch an Mhíle, chun dul in áit an tseandroichid.



Droichead nua i gCloch an Mhíle

- Críochnaíodh Scéimeanna in aghaidh Timpiste ar Chostas Íseal i Sráidbhaile Thuama agus Chnoc an Bhile
- Cuireadh cosáin agus soilse nua ar fáil i Scallaichín, Baile Thiobraid Árann
- Cuireadh cosáin nua ar fáil sa Ghabhailín, i Wallers Lot agus i Hughes Lot, Caiseal
- Rinneadh oibreacha um Feabhsú Draenála sa Bhóthar Leathan, i Ráth Cianáin agus ar Bhóthar Fhaiche Ró (Coopers Lot).
- Cuireadh dhá thrasrian coisithe nua ar fáil ar Shráid na Manach agus ar an bPríomhshráid, Caiseal agus cuireadh trasrian coisithe ar fáil ar Bhóthar an Stáisiúin, Tiobraid Árann
- Rinneadh athchóiriú ar Dhroichead Shráid na Mainistreach, Baile Thiobraid Árann.



Ó chlé Pat Ryan, Ceardaí, Ger Kiely, Garraíodóir Baile, Eamonn Crowe, Ceardaí




## Irish Business Against Litter (IBAL) - Baile Thiobraid Árann

Bunaíodh Irish Business Against Litter (IBAL) mar chomhaontas cuideachtaí a chreideann go mbíonn tionchar mór ag an mbruscar ar ár leas eacnamaíoch. Braitheann príomhfhoinsí ár gcuid ratha- turasóireacht, infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch agus tionscail bhia- ar íomhá d'Éirinn mar oileán glan agus glas.

Chuir Baile Thiobraid Árann feabhas mór ar a sheasamh sa léig sin i 2014 agus é ag bogadh ón 31ú háit sna Torthaí Céad Babhta 2014 agus é measta mar "Ar Bheagán Bruscair" go dtí an 24ú háit i dTorthaí an Bhabhta Dheireanaigh agus é measta mar "Glan de réir Noirm na hEorpa". I 2014 bhunaigh an Ceantar Bardasach Foireann Ghníomhaíochta um Bruscar a bhí déanta suas de Riarthóir Ceantair, d'Innealtóir Ceantair, Maor Baile agus Maor Bruscair. Is é cuspóir na foirne sin ná áiteanna ina bhfuil go leor bruscair a mhaoirsiú agus socrú a dhéanamh chun iad a ghlanadh agus oibriú as lámh a chéile le húinéirí réadmhaoine príobháidí chun iad a chur ar a n-eolas faoina gcuid freagrachtaí faoin reachtaíocht i leith bruscair .i. a gcuid aonad réadmhaoine a choimeád saor ó bhruscar -

## Caiseal & Tiobraid Árann

**I gClár Thiobraid Árann um Forbairt Miondíola aithníodh go raibh gá le díriú margaíochta comhtháite do gach baile agus aithníodh sraith de ghníomhartha agus thionscnaimh reálaíocha, phraiticiúla agus inghnóthaithe do gach baile ar féidir leis na páirtithe leasmhara lárnacha a chur i bhfeidhm agus a mbeidh teacht chun cinn mheascán miondíola cuí agus beogachta i ngach baile mar thoradh orthu.**



Ceann de na gníomartha lárnacha sa phróiseas sin ná Fóraim Lár Baile a bhunú i gCaiseal agus i mBaile Thiobraid Árann. Is í aidhm fhoriomlán na na bhFóram Lár Baile ná aontú ar phlean straitéiseach um bainistíocht agus feabhsú lárcheantar miondíola na mbailte sa todhchaí .

**I gCaiseal d'aithin an Fóram Lár Baile a bunaíodh i 2012 roinnt tionscnamh agus tá siad á gcur ar aghaidh acu; tá ná tionscnaimh seo ina measc:**

- Bunú Scéim Cárta Dílseachta idir Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Chumann Tráchtála Chaisil agus é le cur i bhfeidhm i 2015. Cuirfidh an Scéim chomhfhiontair sin idir Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Cumann Tráchtála Chaisil ar chumas custaiméirí a chaitheann €15 nó níos mó in áitribh ghnó rannpháirteacha i gCaiseal cead isteach saor in aisce a fháil go Carraig Chaisil.
- Togra chun "Ambasadóir Turasóra" a chur ar fáil i gCarraig Chaisil a chabhróidh leis an gcuairteoir ar Chaiseal trí eolas a thabhairt dóibh ar a bhfuil ar siúl i gCaiseal
- Athbhreithniú ar Chomharthaí Baile le déanamh agus le nuashonrú
- Oibriú le Coiste na mBailte Slachtmhara chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú Lár an Bhaile

I dTiobraid Árann, bunaíodh an Grúpa Fhóram Lár Baile i 2014 agus reáchtáladh a gcéad chruinniú ar an 18 Samhain 2014.

**Aithníodh roinnt áiteanna arbh gá aird a thabhairt orthu agus déanfar dul chun cinn orthu i rith 2015 lena n-áirítear:**

- Athbhreithniú ar Chomharthaí Turasóra
- Soilse sa Bhaile
- Tionscnaimh Mhargaíochta
- Iniúchadh ar aonaid réadmhaoine foilmhe

## Cairt Pobal Tuaithe na hEorpa



Eoraip ag an mBord Cistine

Thosaigh scéal Chairt Cumarsáide na hEorpa i 1989 nuair a bunaíodh Cairt um Pobail Tuaithe na hEorpa san Aontas Eorpach (AE) i Cisse, an Fhrainc agus dhearbhaigh 12 chathair bhardais san Eoraip ag an am sin go mbeidís ag comhoibriú leis sa todhchaí. Inniu, tá 28 mball ann, ball amháin ó gach ballstát AE. As gach tír AE, féadann aon phobal tuaithe amháin bheith ina bhall agus cinneadh ar an 7 Bealtaine 2005 go mbeadh Caiseal ina ionadaí d'Éirinn. Bíonn roinnt cruinnithe ag an ngrúpa i rith na bliana a óstálann ceann de na Ballbhailte faoin gceannteideal "People meet People" agus críochnaíonn siad siúd lena gCruinniú Bliantúil gach bliain. D'óstáil Bievre, An Bheilg cruinniú bliantúil 2014 ón 10 go 14 Iúil agus rinne deichniúr agus an Cathaoirleach, an Comhairleoir John Crosse mar cheannaire orthu ionadaíocht ar an gCeantar Bardasach.

Is é an tUas Mr. P.J. Quinlan, Caiseal an tOifigeach Cumarsáide do Cheantar Chaisil-Thiobraid Árann. Nascacht thábhachtach do shaoránaigh na hEorpa iad na cruinnithe. Ceadaíonn siad do na saoránaigh cairdis daingne a dhéanamh agus a athnuachan. Léirítear é sin trí go leor gníomhaíochtaí roinnte, lena n-áirítear fanacht le teaghlaigh ósta. Tá na Cruinnithe mar chuid de chlár dhá bhliana ar a dtugtar Cláir Citizens for Europe; a eagraítear leis an gCoimisiún Eorpach. Féachann an Chairt chuig tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le bheith Eorpach ó thaobh pobail bhig agus déanann siad sin trí phlé foirmiúil agus chláir, mar shampla ar shochaí; gheilleagar agus chomhshaol.

### Tionscadal do Dhaoine Óga agus d'Aosaigh

Bíonn dhá Chlár Cairte ar siúl i gcónaí – Daoine Óga (18-30 bliain) agus Aosaigh. Mar cheannairí na todhchaí tá sé ríthábhachtach go mbeadh cead cainte ag ár gcuid Daoine Óga.

### Friends of Europe Association

De réir mar a théann an tAontas Eorpach i méid, éiríonn ról na Cairte níos ábhartha i gcónaí chun nascacht san Eoraip a chumasú. Mar gheall ar chuid den nascacht sin, chonacthas teacht chun cinn agus fás an "Friends of Europe Association", atá mar chuid den Chairt. Cothaíonn agus spreagann an Cumann seo cláir bhreise mar mhalairtí cairdeas, scoileanna, clubanna spóirt agus rannpháirtíocht i bhféilte agach bardasachta. Bunaíodh Friends of Europe Association i gCaiseal faoi Chathaoirleach an Cmhlr John Crosse.

## Linn Snámha Cuimhneacháin Sean Treacy, Baile Thiobraid Árann

Ritheann an Chomhairle Linn Snámha Cuimhneacháin Sean Treacy i mBaile Thiobraid Árann. Bíonn an linn oscailte don phobal ó 10r.n. go 7.45i.n. Luan go hAoine agus ó 10r.n. go 7i.n. ar an Satharn agus an Domhnach. Cuireann sé ceachta snámha ar fáil do dhaoine fásta agus leanaí ar bhonn grúpa, ranganna aonair agus ranganna 2 go duine amháin. Le blianta beaga anuas thug Lucht Bainistíochta na Linne in éineacht le Tipperary Energy Agency faoi raon beart um shábháil costas i réimse na héifeachtachta fuinnimh. I 2014, thug 71,330 duine cuairt ar an linn. Taobh leis an Linn tá Ionad Fóillíochta Canon Hayes, ionad úrscothach ina bhfuil raon d'áiseanna sláinte, folláine agus spóirt den chéad scoth. I measc na saoráidí laistigh tá halla spóirt, stiúdieó aeróbaice, seomra Sauna/ Gail, Cúirteanna Scuaise agus Raicéid, Giomnáisiam iontach, Lady-Fit, agus Réamhscoil. Áirítear leis na háiseanna lasmuigh raon reatha tuilsoilsithe, 3 pháirc astroturf uileaimsire agus 2 chúirt leadóige.

## Tionscadal Fuinnimh Inathnuaite Oifigí Ceantair Bhardasaigh Chaisil-Thiobraid Árann

### Tionscadal Fuinnimh Inathnuaite Oifigí Cathrach Thiobraid Árann – Tionscadal Tógála um Shuiteáil Eagar Griancheall

I nDeireadh Fómhair 2014 bhainistigh agus chríochnaigh Tipperary Energy Agency Tionscadal Fuinnimh Inathnuaite a chuimsigh suiteáil 6 chileavata d'Eagar Griancheall agus 24 phainéal ar dhíon Oifigí Cathrach Thiobraid Árann. Mar gheall ar shrianta ar spás ar an díon, méadaíodh an córas mar chóras 6kW. Córas ceangailte eangaí a chuireann isteach go díreach i soláthar an fhoirgnimh. Socraíodh ar mhéid an eagar PV chun riachtanais fuinnimh bonnualaigh an fhoirgnimh a chomhlíonadh chun easpórtáil don eangach a theorannú, ionas go n-úsáidtear an fuinneamh go léir a ghintear ar an láithreán. Taispeántar monatóireacht ar aschur an eagar PV ar mhonatóir sa cheantar fáiltithe agus cuirtear monatóireacht agus bailiú sonraí ar líne ar fáil. Chríochnaigh Solaregy, an príomhchonraitheoir láithreáin, suiteáil na dtaispeántas PV agus na bpainéal G10. Rinne Overys Associates cigireacht theicniúil ar na ceangail PV, rinne Solaregy agus Rannóg TF Chomhairle Contae Thiobraid Árann measúnú ar na riachtanais TF don tionscadal PV um bailiú sonraí agus taispeántais. Rinne ESB networks cigireacht ar an gceangal eagair agus dheimhnigh siad é. Measadh an tomhaltas fuinnimh bliantúil don fhoirgneamh ag 40,000 kWh. Ag tógáil san áireamh an t-aschur bliantúil measta de 5,406 kWh ón eagar, thabharfadh sé sin laghdú bliantúil de 13.5% ar an méid fuinnimh á iompórtáil ón eangach. Ba é costas an chórais lenar áiríodh an mhonatóir PV sa cheantar fáiltithe ná €16,500.

### Tithíocht

Leanadh ar aghaidh i 2014 le Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh an Rialtais (Uasghrádú Ábhair- Céim 1) ar cuireadh tús leis i Meitheamh 2013 agus a dhírigh ar fheabhsú caighdeán inslithe ar fud na tíre agus ar fheabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh fhoriomlán ar fud 30,000 aonad réadmhaoine sóisialta ar cíos. Is í aidhm an chláir sin ná cinntiú go mbeidh insliú balla agus insliú ailéir (300mm) mar íoschaighdeán. I 2014 faoin Tionscadal seo aithníodh 61 teagmhas Údaráis Áitiúil le haghaidh oibreacha le déanamh i 2015 ar chostas €495,000. Seo a leanas ionaid na n-aonad

- 39 n-aonad, Ascaill Mhíchíl, Baile Thiobraid Árann
- 12 aonad in ionaid éagsúla i mBaile Thiobraid Árann
- 10 n-aonad sa Chorrán, An Cheapach

**Freisin rinneadh oibreacha i mBaile Chaisil ar chostas iomlán de €25,000 mar seo a leanas:**

- 16 aonad i gCorrán Spafield, Caiseal
- 13 aonad i bPlásóg na Rós, Caiseal
- 1 aonad i bPáirc Oilibhéir Pluincéid.

# Ceantar Bardasach Chluain Meala

## An Cruinniú Deireanach de Chomhairle Buirge Chluain Meala

**Reáchtáil Comhairle Buirge Chluain Meala a cruinniú deireanach ar an 6 Bealtaine 2014 i Halla an Bhaile, Sráid Pharnell.**





## Fóram Miondíola Chluain Meala l

Is é atá i bhfóram miondíola Chluain Meala ná grúpa comhpháirtíochta atá déanta suas den Association of Clonmel Traders, de Cheantar Buirge Chluain Meala agus de Chomhlachas Tráchtála Chluain Meala. Is iad aidhmeanna an ghrúpa ná méadú a dhéanamh ar fheasacht bhranda faoi Chluain Meala agus an Baile a chur chun cinn mar ionad miondíola. I 2014 d'fhostaigh an grúpa feidhmeannach margaíochta chun raoin gníomhartha ar aontaigh an fóram orthu a sheachadadh, ina measc siúd bhí;



- Feachtas fógraíochta a eagrú, i bprionta agus ar an raidió
- Athfhorbairt láithreán gréasáin Clonmel.ie
- Bainistiú na gcuntas meán sóisialta
- Ullmhú ábhar margaíochta
- Eagrú imeachtaí Nollag.

## Bailte Slachtmhara



Oibríonn Ceantar Bardasach Chluain Meala i ndlúthpháirt le roinnt Grúpaí Bailte Slachtmhara sa cheantar agus tugann sé tacaíocht dóibh. I 2014 chuaigh 8 ngrúpa ón gceantar san iomaíocht i gcomórtas na mBailte Slachtmhara agus d'éirigh níos fearr leo i gcomparáid le 2013. Ina theannta sin bhuaigh Cluain Meala agus Cill Síoláin boinn órga agus chré-umha faoi seach ina gcuid catagóirí.

## Nascadh Bailte



Tá raon de naisc ag Ceantar Buirge Chluain Meala le bailte éagsúla (féach thíos). Chuir na naisc sin fáilte roimh chuairteanna cathrach foirmiúla, malairtí scoile, malairtí bunaithe ar chultúr, spórt, stair, srl. a d'eagair cumainn nasctha na mbailte. I rith na bliana neartaíodh nascadh na mbailte ag cuairteanna ó eagraíochtaí cultúir agus spóirt as na bailte go Cluain Meala agus Cathair Dúin Iascaigh agus ag cuairteanna ar ais ar na bailte nasctha éagsúla.

### Cluain Meala

- Reading, Sasana
- Costa Masnaga, An Iodáil
- Trofaicach, An Ostair
- Eysines, An Fhrainc
- Gangi, Sicily
- Peoria, Illinois

### Cathair Dúin Iascaigh

- Scarborough, Sasana

## Féile Chluain Meala



D'óstáil Féile Chluain Meala a comhpháirtíocht bhliantúil de ghníomhaíochtaí Trí Fhéile Áitiúla ó 1-10 Lúnasa. Faoin téama "Busking, Cycling & Heritage", bhain Baile Chluain Meala taitneamh as rogha saibhir imeachtaí saor in aisce sa Phobal ar na sráideanna agus in ionad ainmnithe ar fud an Bhaile thar an gcéad dhá dheireadh seachtaine de mhí Lúnasa. D'fhreastail tuairim is 40,000 duine ar na himeachtaí agus na léirithe i rith thréimhse na Féile.

Thug Oifig Ceantair Buirge Chluain Meala agus Músaem an Chontae cúnamh mór don Fhéile trí mheán Cúnamh Deontais díreach agus freisin trí thacaíocht phraiticiúil agus loighistice - Tacaíocht Riaracháin agus Comhordú; Dúnadh Bóithre; Stiallbhratacha a Chur Suas, Póstaeir, Fearais Stáitse agus Maisíochtaí; Cur ar Stáitse agus Bainistíocht Ionaid; Rialú Slua agus Sláinte & Sábháilteacht.

## Páirc Denis Burke



Críochnaíodh athchóiriú mór ar Pháirc Denis Burke i 2014. Ba é a bhí i gceist leis na hoibreacha ná ardán léirithe agus amfaitéatar a chur ar fáil chomh maith le háit spraoi do leanaí, bealaí isteach nua agus feabhsaithe, conairí lúbacha, ceantair phinic agus tírdhreachadh.

Osclófar an pháirc athchóirithe in Earrach 2015.

## Community Support



**Leanadh ar aghaidh ag glacadh ról mór sa saol cultúrtha agus sóisialta ar leibhéal áitiúil trí thacaíocht do raon leathan grúpaí agus imeachtaí a raibh ina measc;**

- The Junction Festival, Bulmers Comedy Festival, Paráid Lá Fhéile Phádraig, Banna Chluain Meala agus Grúpa Ealaíon Thiobraid Árann Theas.
- Tugadh tacaíocht do phobail áitiúla trí oibriú na scéime um feabhsú Eastáit agus áiseanna.

## Ceantar Buirge Chluain Meala

**Reáchtáladh an chéad chruinniú den Cheantar Buirge ar an gCéadaoin an 11 Meitheamh 2015. Toghadh an Comhairleoir Martin Lonergan mar Méara agus toghadh an Comhairleoir Pat English mar Leasmhéara.**



# Ceantar Bardasach an Aonaigh

## Cathaoirleach



Reáchtáladh an chéad chruinniú de Cheantar Bardasach an Aonaigh ar an 12 Meitheamh 2015. Toghadh an Comhairleoir Fiona Bonfield mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Hughie McGrath mar Leaschathaoirleach.



## Reilig Fhaiche Lios Buinne



Críochnaíodh Céim 1 den mhéadú ar Reilig Lios Buinne i Samhain 2014. Chuimsigh na hoibreacha soláthar 500 spás breise d'uaigheanna agus tógáil stórais, dhá Ghairdín Colmlainne, slí isteach nua agus tírdhreachadh. Le soláthar na gColmlann tugtar áis nua um stóráil síothla .

## Páirc Baile an Aonaigh / Feabhsúcháin ar an Ionad Fóillíochta



Osclaíodh Páirc Baile an Aonaigh agus Ionad Fóillíochta an Aonaigh a bhí athchóirithe don phobal i nDeireadh Fómhair 2014. Sa pháirc tá áit súgartha, páirc scátála, siúlbhealach caithimh aimsire, suíocháin, trealamh aclaíochta agus tírdhreachadh. San ionad Fóillochta tá Jacuzzi nua, sráidbhaile nua um ghléasadh comhchoiteann le seomraí gléasta do theaghlaigh agus seomra gléasta tiomanta do dhaoine faoi mhíchumas, giomnáisiam nua agus Stiúideó Aeróbaice.

Ritheadh fodhlíthe um úsáid, oibriú, chosaint, rialú agus bainistiú an Pháirc Baile ag comhaltaí Cheantar Bardasach an Aonaigh ag cruinniú mhí na Samhna de Cheantar Bardasach an Aonaigh agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2014.

## Gills Garden, An tAonach

Reáchtáladh an próiseas comhairliúcháin phoiblí agus fostaíodh comhairleoirí le haghaidh Garden, An tAonach i rith 2014. I measc na n-oibreacha beartaithe tá gairdín le ballaí a fhorbairt lena n-áireofar suíocháin, tírdhreachadh, geatabhealach agus oscailt fuinneoige do thailte Chaisleán an Aonaigh agus oscailt geatabhealaigh d'Eaglais Mhuire na Corónach. Fuair an Chomhairle deontas den mhéid €15,000 ónn Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil faoin Scéim um Feabhsú Ceantar Poiblí i dtreo chostas an tionscadail.

## Áit Súgartha Chaisleán an Locha agus MUGA

Cuireadh tús le hoibreacha ar Chlós Súgartha agus Cheantar Cluichí Ilúsáide Chaisleán an Locha i 2014. Sa chlós súgartha tá aonad sinsearach chúig túir, luascán sinsearach dhá shuíocháin, aonad trí thúir do lapadáin agus luascán sóisearach dhá shuíocháin. Is é atá sa Cheantar Cluichí Ilúsáide, atá 240 méadar cearnach, ná áis spóirt uileaimsire chun freastal ar raon leathan spórt agus cluichí.

## Córas CCTV do Bhaile an Aonaigh

Ar an 21 Samhain 2014 bronnadh an conradh chun córas CCTV a shuiteáil do bhaile an Aonaigh ar CU Security. Cuimsíonn an córas, a ndéanfar monatóireacht air ó Stáisiún Gardaí an Aonaigh, suiteáil 11 cheamara CCTV ar fud an bhaile.

# Comhairle Baile an Aonaigh

## Buiséad 2014

Glacadh an Buiséad do Chomhairle Baile an Aonaigh ar an 27 Eanáir 2014, agus soláthar déanta ann do chaiteachas de €5.8m. D'fhan an Ráta Luachála bliantúil de réir an bhuiséid ghlactha mar an gcéanna le 2013 ag 55.68.

## Paráid Lá Fhéile Pádraig



D'éirigh go han-mhaith le Paráid Lá Fhéile Pádraig agus 75 hiontráil inti chomh maith le ceol sráide agus bia. D'fhreastail slua mór de thart ar 7,000 ar an imeacht, ar thacaigh Comhairle Baile an Aonaigh leis. Bhí Borrisokane & District Vintage Club ar cheann de na grúpaí a ghlac páirt sa pharáid.

## Fáiltithe Cathrach

**Ar an 25 Aibreán agus an 2 Bealtaine 2014 tugadh Fáiltithe Cathrach dóibh siúd a leanas:**

- Coiste Chaisleán an Aonaigh,
- Foireann Mionúr Camógaíochta Éire Óg an Aonaigh,
- Foireann Liathróide Láimhe Éire Óg an Aonaigh,
- Foireann Chamógaíochta Shóisearach Éire Óg an Aonaigh,
- Foireann Mionúr Iománaíochta Éire Óg an Aonaigh,
- Foireann Shóisearach Shacar na mBan AFC an Aonaigh,
- Foireann Sacair na mBan Faoi 16 AFC an Aonaigh,
- Éire Óg an Aonaigh

Grúpa Bailéad Scór, Aisling O' Brien, Club Rugbaí, Club Rugbaí Nenagh Ormond, Club Pitch & Putt na mBan Riverdale, Club Lúthchleasaíochta Oilimpeacha an Aonaigh, Nenagh Players agus Tom Ryan.

## Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Áitúla/ Grúpaí Cónaitheora

**Leithdháileadh na ranníocaíochtaí seo a leanas ar eagraíochtaí áitiúla agus ghrúpaí cónaitheora:**

- Eagraíochtaí Áitiúla - €25,000
- Cumainn Chónaitheora - €10,000
- Scéim Deontas Speisialta do Chlubanna Spóirt & Ghrúpaí Deonacha - €5,000
- Rannaíocaíochtaí faoin Acht Ealaíon 1973 - €5,000


## Visit Nenagh Cycle Classic



Reáchtáladh an Visit Nenagh Cycle Classic bliantúil ar an 20 Aibreán 2014. Bhí an imeacht an-rathúil agus thug líon mór daoine cuairt ar an mbaile dá bharr.

## An Cruinniu Deireanach de Chomhairle Baile an Aonaigh

**Reáchtáladh an cruinniú deireanach de Chomhairle Baile an Aonaihg, arbh ócáid fhiorstairiúil í, ar an 12 Bealtaine 2014 i Halla an Bhaile.**





# Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir - Dhurlas

**Tháinig Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh, 2014 faoin Acht um Leasú an Rialtais Áitiúil 2014.**

Tá sé déanta suas d'Iarchomhairlí Baile an Teampaill Mhóir agus Dhurlas, de bhaile Ros Cré, de thoghcheantair áitiúla Dhurlas agus an Teampaill Mhóir agus de na toghcheantair an Clochar, Gael, Buailic, Fionnúir agus Cill Chúile ó iarcheantar riaracháin Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus de thoghcheantar Ghleann Caoin ó thoghcheantar an Phoirt Nua. Tá daonra de 35,367 aige.



Reáchtáladh an chéad Chruinniú Bliantúil den Cheantar Bardasach ar an 12 Meitheamh, 2014. Toghadh an Comhairleoir Michael Smith mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Jackie Cahill mar Leaschathaoirleach.

### Fáilithe Cathrach

**Tugadh Fáiltithe Catrach ar an 17 Nollag, 2014 dóibh siúd a leanas:**

- Foireann Iománaíochta Shinsearach Coláiste Phobal Ros Cré mar aitheantas dá mbua i gCraobhchomórtas B Iománaíochta Sinsearaí Choláistí na hÉireann 2014 Coláiste Phobal Ros Cré.
- Foireann Léiriú Scór na nÓg Bhuiríos Ó Luígheach mar aitheantas dá mbua i gComórtas Léiriú Scór na nÓg na hÉireann i 2014.

### Bóthar Ceangail Dhurlas (Bóthar an Mhuilinn go Cluain Gabhra)

D'fhaomh an Bord Pleanála an réamhdhearadh don Bhóthar Ceangail agus tá tús curtha le hobair ar an dearadh sonrach.

Scéim um Athchóiriú Chearnóg na Saoire Durlas agus Forbairt Carrchlóis

Rinneadh dul chun cinn mór ar na pleananna don phróiseas comhairliúcháin phoiblí faoi na hAchtanna Pleanála & Forbartha. Coimisiúnaíodh Athbhreithniú Tráchta agus Iniúchadh Sábháilteachta Neamhspleách ar na hathruithe beartaithe do bhogadh timpeall tráchta.

### Méadú agus Athchóiriú na n-Oifigí ar Ascaill an Chaisleáin, Durlas.

Tugadh pleananna chun críche d'athchóiriú agus mhéadú Fhoirgneamh Cheanncheathrú Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar Ascaill an Chaisleáin, a bheidh mar Cheanncheathrú do Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir - Dhurlas.

### Páirc Baile Dhurlas

Ceapadh an príomhchonraitheoir agus sainchonraitheoir um sholáthar agus shuiteáil trealaimh do chlós súgartha na leanaí, don pháirc scátála, do na ceantair cluichí ilúsáide agus do na ceantair aclaíochta d'aosaigh. Tá sé beartaithe go mbeidh Páirc an Bhaile críochnaithe i mí Iúil 2015.

### An Scéim um Feabhsú Ceantar Poiblí

Rinneadh athfhorbairt ar Lána Uí Mhadáin, Ros Cré agus rinneadh athchóiriú ar an scairdeán i gCearnóg Rósmhuire faoin Scéim um Feabhsú Ceantar Poiblí. Leis na feabhsúcháin sin tá feabhas mór curtha ar chuma an cheantair agus tá an scairdeán, ar gné stairiúil thábhachtach é, á úsáid arís. Aithníodh na tionscadail sin ag Coiste Stiúrtha Phlean Feabhsaithe Ros Cré a bhí faoi cheannaireacht pobail. Soláthraíodh 75% den chistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus mhaoinigh an Chomhairle 25% de na costais fhoriomlána.

### CIÚA na Leacht Geal agus Trealamh Aclaíochta Lasmuigh d'Aosaigh

D'iarradh tairiscintí um dhearadh, sholáthar agus shuiteáil Ceantar Cluichí Ilúsáide agus um Threalamh Aclaíochta Lasmuigh d'Aosaigh i bPáirc na Leacht Geal, Durlas tar éis leithdháileadh €53,300 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aontaíodh freisin, tar éis iarratais ó na cónaitheoirí, an scáthlán sa Pháirc a leagan toisc gur mórfhoinse iompair fhrithshóisialta sa cheantar é.

### Tithíocht

Chabhraigh Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir Dhurlas tithe a fháil chun 12 theaghlach as an tSiria a athlonnú i mbaile Dhurlas.

## Comhairle Baile an Teampaill Mhóir & Comhairle Baile Dhurlas

### Buiséad 2014

Soláthraíodh i mBuiséad 2014 do Chomhairle Baile Dhurlas a glacadh ar an 18 Nollaig, 2013 do chaiteachas ioncaim de €5,338,800. Laghaíodh an Rátáil Bhliantúil ar Luacháil a glacadh ó 57.13 i 2013 go 56.22 i 2014.

I mBuiséad 2014 do Chomhairle Baile an Teampaill Mhóir a glacadh ar an 13 Eanáir 2014 rinneadh soláthar do chaiteachas ioncaim iomlán de €1,627,000.00. Laghdaíodh an Rátáil Bliantúil ar Luacháil 55.00 i 2013 go 53.90.

### Paráidí Lá Fhéile Pádraig

Reáchtáladh Paráid Lá Fhéile Pádraig an Teampaill Mhóir ar an Luan 17 Márta 2014 agus reáchtáladh Paráid Dhurlas ar an Domhnach, 16 Márta, 2014. D'éirigh go han-mhaith leis an dá Pharáid agus tugadh tacaíocht mhór dóibh. D'fhreastail toscaireacht as Bollington, Cheshire, Sasana, atá nasctha le Durlas ó bhí 1979 ann, ar Pharáid Dhurlas.



Méara Dhurlas, An Comhairleoir Michael Grogan agus Méara Bollington, An Comhairleoir ag tús Pharáid Dhurlas.

### Fáiltithe Cathrach

**Tugadh Fáiltithe Cathrach ar an 15 Aibreán, 2014 dóibh siúd a leanas:**

- Thurles Lions Club chun cothrom 50 bliain ó bunaíodh an Club in Aibreán, 1964 a chomóradh.
- 17/28 Tipperary Scouts Durlas chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 70 Bliain ó bunaíodh trúp de na Gasóga i mí Eanáir, 1944.

### Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Áitiúla/Grúpaí Cónaitheora/ Nascadh Bailte

D'fhaomh Comhairle Baile Dhurlas íocaíochtaí den mhéid €30,200 le heagraíochtaí áitiúla agus grúpaí cónaitheora agus tugadh faomhadh do dheontas €6,776 do Rahealty Kickhams faoin Scéim Deontas Pobail, Spóirt agus Cultúir.

Leithdháil Comhairle Baile an Teampaill Mhóir deontais de €18,800 ar eagraíochtaí áitiúla agus Nascadh Bailte.

### Rian Oidhreachta an Teampaill Mhóir

D'fhorbair Comhairle Baile an Teampaill Mhóir Rian Oidhreachta an Teampaill Mhóir i 2014 i dteannta le coiste áitiúil a bhí ag déanamh ionadaíochta ar ghrúpaí pobail sa bhaile. Leagann an Rian béim ar ailtireacht, sheandálaíocht, fhlóra, fhána, chultúr agus ghnéithe stairiúla le haghaidh mhuintir na háite agus cuairteoirí agus mhéadaigh sé feasacht an phobail mhóir faoi oidhreacht uathúil an bhaile.

### Tithíocht

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin fuinnimh a bhí déanta suas d'insliú ailéir agus balla, d'aerú agus d'aláraim aonocsaíd charbóin ar 120 teach faoi Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil 2014 (Uasghrádú Ábhartha - Céim 1) ar chostas €149,379 a cistíodh go hiomlán ag an Roinn.

### Scéim Phéinteála

Tugadh deontais do ghnóthais i mbaile Dhurlas chun péinteáil a dhéanamh ar an taobh lasmuigh dá gcuid aonad gnó faoi Scéim Phéinteála a thug Comhairle Baile Dhurlas isteach.

### An Cruinniú Deireanach de na Comhairlí Baile

Reáchtáladh an cruinniú deireanach de Chomhairle Baile Dhurlas, arbh ócáid cumha í, ar an 2 Bealtaine, 2014.



An Méara, Comhaltaí agus an Lucht Bainistíochta ag an gcruinniú deireanach de Chomhairle Baile Dhurlas.

**Reáchtáladh an cruinniú deireanach de Chomhairle Baile an Teampaill Mhóir ar an 26 Bealtaine, 2014**



# CÚRSAÍ AIRGEADAIS

- Airgeadas
- Mótarchánachas

# Airgeadas

**Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle, idir Ioncam agus Caipiteal. I measc a cuid dualgas tá gach íocaíocht a dhéanamh lena n-áirítear párolla, préimheacha árachais agus deontais ardoideachais, an obair riachtanach ar sholáthar doiciméad don Bhuiséad bliantúil agus agus don Ráiteas Airgeadais Bliantúil; aisíocaíocht deontas agus fóirdheontas ón Rialtas; taifid airgeadais a choimeád agus tuairiscí agus tuairisceáin éagsúla a dhéanamh . Agus í i mbun a cuid oibre déanann an Rannóg Airgeadais idirchaidreamh le rannóga agus le hOifigí Ceantair eile ar bhonn rialta .**

Baineann **Cuntas Caipitil** na Comhairle le gníomhaíochtaí na Comhairle ó thaobh sócmhainní a chruthú. Áirítear leo siúd tithe comhairle a thógáil, scéimeanna uisce agus séarachais a chur ar fáil agus tógáil bóithre. Nuair a bhíonn na scéimeanna sin críochnaithe, áfach, tugtar cuntas as na fáltais agus an caiteachas laethúil a fhulaingítear agus an méid céanna á chothabháil sa Chuntas Ioncaim. Déantar an t-airgead a chaitheann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar thionscadail chaipitil a aisíoc trí mheán deontas stáit. Uaireanta, tógann an Chomhairle airgead ar iasacht le haghaidh na dtionscadal sin. Cuirtear Fuascailtí Iasacht Tithíochta agus Ranníocaíochtaí Pleanála chun sochar don Chuntas Caipitil. Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014 beagnach críochnaithe agus táimid ag súil go mbeidh na figiúir a bhfuil cuntas tugtha orthu thuas léirithe sa ráiteas deireanach.



Sa **Chuntas Ioncaim**, ar an taobh eile den scéal, tugtar sonraí faoi airgead a chaitear, ar mhíreanna laethúla mar phárolla, árachas, aisíocaíochtaí iasachta, ceannach ábhair agus cothabháil bóithre, tithíocht, scéimeanna uisce, scéimeanna séarachais, láithreáin líonta talún, tailte adhlactha, agus mar sin de. Tá ceithre phríomhfhoinse Ioncaim ann d'údaráis áitiúla (i) Rátaí Tráchtála; (ii) soláthar earraí agus seirbhísí, m.sh. Muirir Uisce, Cíosa; (iii) An Ciste Rialtais Áitiúil agus (iv) Deontais Eile m.sh. Deontais Bhóthair.

Toisc nach bhfuil an Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2014 críochnaithe fós ní féidir linn seasamh cinntitheach a chur ar fáil do bhliain airgeadais 2014. Tá súil againn, áfach, go léireoidh na figiúir a bhfuil cuntas tugtha orthu thíos, ár seasamh Ioncaim i 2014.

## Cuntas Caipitil

| Iarmhéid 2013 € | Clár | Caiteachas€ | Ioncam € | Glanaistrithe € | Iarmhéid 2014 € |
|---|---|---|---|---|---|
| 1,944,893 | 1. Tithíocht | 9,702,977 | 7,902,142 | 6,549 | 150,607 |
| 7,734,846 | 2. Bóithre | 5,158,303 | 6,462,403 | 2,775 | 9,041,721 |
| 15,564,399 | 3. Seirbhísí Uisce | 3,647,900 | 3,653,408 | | 15,569,907 |
| 24,353,797 | 4. Forbairt | 3,511,917 | 3,052,274 | (33,035) | 23,861,119 |
| 9,598,458 | 5. Comhshaol | 1,375,562 | 1,355,167 | 155,000 | 9,733,063 |
| 5,468,415 | 6. Caitheamh Aimsire | 3,893,044 | 570,311 | 233,420 | 2,379,102 |
| 45,105 | 7. Oideachas Talmhaíochta | 0 | 0 | 0 | 45,105 |
| 34,280,431 | 8. Ilghnéitheach | 3,871,339 | 923,345 | 0 | 31,332,437 |
| **98,990,344** | **IOMLÁIN** | **31,161,042** | **23,919,050** | **388,420** | **92,113,061** |

## Cuntas Ioncaim

| Iarmhéid 2013 € | Rannóg | Caiteachas € | Ioncam € | Iarmhéid 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| 5,503,094 | 1. Tithíocht | 23,813,650 | 23,740,347 | |
| | 2. Bóithre | 40,687,563 | 25,727,393 | |
| | 3. Sláinteachas | 17,538,492 | 16,418,235 | |
| | 4. Forbairt | 10,489,105 | 3,364,036 | |
| | 5. Comhshaol | 17,524,753 | 2,969,957 | |
| | 6. Caitheamh Aimsire | 10,619,870 | 3,128,791 | |
| | 7. Oideachas Talmhaíochta | 3,568,168 | 2,595,527 | |
| | 8. Ilghnéitheach | 16,432,477 | 6,249,591 | |
| | Ioncam ó Rátaí | | 30,872,652 | |
| | An Ciste Rialtais Áitiúil | | 23,055,110 | |
| | Tobhach Pinsin | | 2,594,883 | |
| | **IOMLÁIN** | **140,674,078** | **140,716,522** | **5,545,536** |

## Muirear as Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ÁCPNP)




Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009, mar atá leasaithe ag an Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011, tugadh isteach muirear bliantúil €200 ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphríomha, atá iníoctha ag na húinéirí leis an údarás áitiúil a bhfuil an réadmhaoin atá i gceist suite ina gceantar.

- Don bhliain 2012, bhí an Muirear Teaghlaigh iníoctha ar an réadmhaoin i dteannta leis an ÁCPNP
- Don bhliain 2013, bhí an *Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)* iníoctha i dteannta leis an ÁCPNP

Ó 2014 ar aghaidh, ní ghearrtar an ÁCPNP a thuilleadh, ach baileofar íocaíochtaí fós.

### Suas go dtí an 31 Lúnasa 2014

Má bhí ÁCPNP iníoctha ar réadmhaoin in aon cheann de na blianta 2009 go 2013 (nó sna blianta go léir ) carnadh táillí agus pionóis as íocaíocht dheireanach ar an iarmhéid a bhí dlite. Má bhí ÁCPNP dlite don tréimhse iomlán agus murar íocadh aon rud, tá méid iomlán de €4,220 dlite ar an aonad réadmhaoine.

Stad na táillí sin as íocaíocht dheireanach ag carnadh tar éis 1 Márta 2014 agus rinneadh na méideanna iomlána a bhí dlite a chalcadh ar feadh 'tréimhse chairde' a thosaigh ar an 2 Márta 2014 agus a tháinig chun críche ar an 31 Lúnasa 2014. Le linn na tréimhse cairde sin, níor cuireadh aon phionóis dheireanacha nua i bhfeidhm ar dhliteanais ÁCPNP a bhí ann cheana féin.

### Ón 31 Lúnasa 2014

Murar íocadh dliteanais go hiomlán faoin 31 Lúnasa 2014, nó murar aontaíodh ar théarma socraíochta faoin spriocdháta sin, fulaingítear pionóis bhreise. Má táthar dlite don tréimhse iomlán, tá méid iomlán de €7,230 dlite nuair a chuirtear na pionóis sin i bhfeidhm.

Ní dhéanfar aon mhéadú eile tar éis an 1 Meán Fómhair 2014.

Fanfaidh aon mhéid de ÁCPNP neamhíoctha agus de phionóis mar mhuirear ar an réadmhaoin le haghaidh 12 bhliana ón dáta a tháinig siad chun bheith dlite.

Ní mór gach muirear a íoc sular féidir an réadmhaoin a aistriú.

In Alt 7 den Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 déantar foráil má íoctar an réadmhaoin gan aon mhuirir neamhíoctha a íoc, go bhféadfadh go mbeadh an t-úinéir nua dlite as na muirir neamhíoctha. Thiocfadh deireadh le haon dliteanas den sórt sin 12 bhliain tar éis gur tháinig an muirear chun bheith dlite.

Má bhí duine ina úinéir réadmhaoine cónaithí ar dháta an dliteanais in aon cheann de na blianta 2009 go 2013, agus mura raibh sé mar a áit chónaithe amháin nó mar a bpríomháit chónaithe, bhí siad dlite as an muirear de €200. Ba é an chéad dáta dliteanais ná 31 Iúil 2009. Le haghaidh gach bliana ó 2010 go 2013, ba é an dáta dliteanais ná 31 Márta.

Bhí roinnt díolúintí don mhuirear, mar shampla le haghaidh tithe soghluaite, carbhán nó árasán muintire.

## Tábla rátaí

**Sa tábla seo a leanas leagtar amach na hiomláin charntha dlite i dtaobh ÁCPNP agus pionós do gach bliain nach bhfuil íoctha fós i rith 2014.**

| Muirear neamhíoctha i dtaobh na bliana | Dlite ar an 1 Eanáir 2014 | Dlite ar an 1 Feabhra 2014 | Dlite ar an 1 Márta 2014 | Dlite le linn tréimhse chairde (2 Márta 2014 go 31 Lúnasa 2014) | Dlite ar an 1 Meán Fómhair 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| 2009 | €1,220 | €1,240 | €1,260 | €1,260 | €2,070 |
| 2010 | €1,060 | €1,080 | €1,100 | €1,100 | €1,830 |
| 2011 | €820 | €840 | €860 | €860 | €1,470 |
| 2012 | €580 | €600 | €620 | €620 | €1,100 |
| 2013 | €340 | €360 | €380 | €380 | €750 |
| **Iomlán** | **€4,020** | **€4,120** | **€4,220** | **€4,220** | **€7,230** |

## Bailiú Ioncaim

| Ioncam | Riaráistí ar an 01/01/2014 | Carntha | Díscríobh | Iomlán le bailiú | Bailithe | Riaráistí ar an 31/12/2014 | % Bailithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí | 7,605,355 | 30,861,894 | 4,449,745 | 34,017,504 | 24,728,162 | 9,289,342 | 73% |
| & Liúntais | 942,655 | 12,647,233 | 15,062 | 13,574,825 | 12,521,210 | 1,053,615 | 92% |
| Iasachtaí Tithíochta | 526,648 | 1,673,127 | 1,029 | 2,198,746 | 1,676,406 | 522,340 | 76% |

## Príomhranna sa Rannóg Airgeadais:

### Cuntasaíocht Airgeadais & Bhainistíochta

Is é atá i gCuntasaíocht Airgeadais ná na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB), tuairisceáin reachtúla eile a ullmhú, tuairisc a dhéanamh do ghníomhaireachtaí seachtracha agus déileáil le próiseas Iniúchadh an Rialtais Áitiúil.

Is é atá i gCuntasaíocht Bhainistíochta ná ullmhú tuairiscí bainistíochta ráithiúla chun cabhrú le rialú buiséadach agus leis an bpróiseas cinnteoireachta i ngach stiúrthóireacht.

Déantar an próiseas Buiséid Bhliantúil a bhainistiú sa rannóg seo, i gcomhairle leis na rannóga seirbhíse go léir.

### Ioncam

Déileálann an rannóg seo go príomha le haisghabháil Rátaí Tráchtála, Billeáil Uisce, ÁCPNP agus le muirir eile - bailiú agus fáil an airgid go léir atá dlite don Chomhairle.

### Cuntais Iníoctha

Déantar gach sonrasc a dheimhniú um íocaíocht ag rannóg ábhartha na comhairle agus cuirtear ar aghaidh chuig an Rannóg Airgeadais é. Áirítear leo íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil don Chomhairle chun críocha ioncaim agus caipitil. Ansin próiseáltar na híocaíochtaí agus déanann an Rannóg Airgeadais iad. Déantar seiceálacha um Dheimhniú Imréitigh Cánach nó um Dheimhniú Fochonraitheora mar is cuí. Déantar Cáin Siarchoinneála a asbhaint ag an ráta sainordaithe ó íocaíochtaí i dtaobh "seirbhísí gairmiúla" agus íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim í.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun cinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1998 agus a cheanglaíonn ar údaráis áitiúla ús a íoc ar íocaíochtaí nach n-íoctar laistigh den tréimhse shainordaithe.

### An Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh

Is é atá in Iniúchadh Inmheánach ná feidhm mheastóireachta neamhspleách a dhéanann athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánach ata i bhfeidhm i gComhairle Contae Thiobraid Árann. Déanann sé scrúdú, measúnú agus tuairisciú oibiachtúil ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha mar chuid d'úsáid cheart, eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní.

### Tacaíocht Agresso

Déanann an grúpa seo bainistíocht ar an gcóras um Bainistíocht Airgeadais Lárnach agus déanann siad cinnte go bhfuil smacht cheart aige ar shócmhainní agus dhliteanais go léir na heagraíochta. Tagann comhlíonadh an chód cleachtais chuntasaíochta náisiúnta agus forfheidhmiú chiorcláin DECLG laistigh dá shainchúram freisin.

## Na Príomhthuairiscí a Dhéanann an Rannóg Airgeadais:

### An Buiséad Bliantúil

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad Ioncaim iomlán i gcomhairle leis an mBainisteoir Contae agus leis an bhFoireann Bhainistíochta.

Cuirtear an buiséad faoi bhráid an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus na gComhaltaí Tofa le glacadh ag an gCruinniú Buiséid Bliantúil .

### An Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAF)

Déantar an RAF gach bliain agus tugtar sonraí ann ar an ioncam agus chaiteachas don bhliain airgeadais le haghaidh caiteachais ioncaim agus chaipitil. Taispeánann an Clár Comhardaithe sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae ag deireadh na bliana. Cuirtear an RAF faoi bhráid na gcomhaltaí ag Cruinniú na Comhairle agus déanann an tIniúchóir Rialtais Áitiúil iniúchadh air.

### Tuairiscí Bainistíochta Ráithiúla

Sna tuairiscí bainistíochta ráithiúla tugtar sonraí faoin ioncam agus faoin gcaiteachas le haghaidh na seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn an chomhairle. Cuirtear na torthaí iarbhír i gcomparáid leis an mBuiséad agus déantar gach éagsúlacht a fhiosrú agus rialú buiséadach á mhaoirsiú.

### Tuairisciú Ráithiúil don Doeclg/Imf

Tugann gach Údarás Áitiúil tuairisc ráithiúil ar fheidhmíocht airgeadais don DECLG. Tá na tuairiscí sin déanta suas de Thuairisc Ioncaim agus Caiteachais ráithiúil, de Thuairisc GGB ina bhfuil go bunúsach Clár Comhardaithe, tuairisc Cuntas Caipitil, agus tuairisc Féichiúnaithe. Cuirtear tuairiscí áirithe faoi bhráid na Comhairle freisin. Ina theannta sin déántar tuairiscí éagsúla le haghaidh shealbhóirí buiséid i gComhairle Contae Thiobraid Árann a bhaineann le gach gné de ghníomhaíochtaí na comhairle.





# Mótarchánachas

**83835**


Líon Iomlán na nDioscaí Cánachais a eisíodh i 2014

| Fáltais 2014 | € |
|---|---|
| Gluaisteáin phríobháideacha agus gluaisrothair | 12,697,218.00 |
| Earraí agus feithiclí eile | 6,106,469.00 |
| Tástáil Feithicle | 4,482.00 |
| Ilghnéitheach | 1,320,034.50 |
| **Total Revenue 2014** | **20,128,203.5** |


## TÁSTÁIL FEITHICLE

Ó Dheireadh Fómhair 2014 ní eisítear Deimhnithe Ródacmhainneachta san Oifig Mhótarchánachais - seachas sin mar chuid d'atheagrú na tástála feithicle ar fud na tíre, eisítear Deimhnithe Ródacmhainneachta tríd an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## Céatadán d'idirbhearta mótarchánachais a déileáladh leo





## Líon na n-iarratas poist a déileáladh leo ó fuarthas an t-iarratas (.i. idirbhearta mótarchánachais eisithe)





## Céatadán d'iarratais phoist 2014 (Idirbhearta Mótarchánachais)

Líon Iomlán: 20,384 (10.26%)




### Meánlíon uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine





# SCEIDEAL AGUISÍNÍ

- Sceideal de Cheapacháin Choiste 2014-19
- Liosta Coistí Beartais Straitéisigh
- Struchtúr Eagraíochta
- Struchtúr Foirne
- Táscairí Feidhmíochta 2014
- Comhdhálacha agus Seimineáir
- Oiliúint
- Torthaí an Toghcháin Áitiúil 2014

# Sceideal de Cheapacháin Choiste 2014 - 2019

## Cathaoirligh CBSanna Ainmnithe

**An Cmhlr. Marie Murphy**
Fine Gael
052-7465327(b)
086-8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Seamus Morris**
Sinn Féin
087-2859125
seamus.morris@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Denis Leahy**
Neamhpháirtí
062-51668(b)
087-6796704
Denis_leahy@eircom.net

**An Cmhlr. John Hogan**
Fianna Fáil
0504-45116(b)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Jackie Cahill**
Fianna Fáil
087-2820663
jackie.cahill@tipperarycoco.ie

## IPBMI

**An Cmhlr. Fiona Bonfield**
Páirtí an Lucht Oibre

061-378738(h)
086-1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

## A.I.L.G. (Toscairí Vótála)

**An Cmhlr. Kieran Bourke**
Neamhpháirtí
051-640767(b)
086-8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(b)
086-0251277
micheál.anglim@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(b)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna @tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Willie Kennedy**
Neamhpháirtí
0504-52122(h)
087-0517487
willie.kennedy@tipperarycoco.ie

**Cllr. Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(o)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

## LAMA

**An Cmhlr. Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(b)
086-0251277
micheal.anglim@tipperarycoco.ie

## A.I.L.G. (Toscairí Buana )

**Cllr. Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fail
062-78134(h)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(b)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna @tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Willie Kennedy**
Neamhpháirtí
0504-52122(b)
087-0517487
willie.kennedy@tipperarycoco.ie

## Tionól Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir

**An Cmhlr. Joe  Bourke**
Fine Gael
086-8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mattie Ryan(An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(b)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Micheál Lowry**
Neamhpháirtí
0504-22022(o)
087-2897585
micheál.lowry@tipperarycoco.ie

## BOO

**An Cmhlr. Fiona Bonfield**
Páirtí an Lucht Oibre
061-378738(b)
086-1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Roger Kennedy**
Fianna Fáil
062-61296(h)
086-8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Joe  Bourke**
Fine Gael
086-8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr Siobhán Ambrose**
Fianna Fáil
086-3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. John Fahey**
Fine Gael
052-9156349(b)
086-3573524
john.fahey@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. David Dunne**
Sinn Féin
086-3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(b)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna @tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Kieran Bourke**
Neamhpháirtí
051-640767(b)
086-8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Imelda Goldsboro**
Fianna Fáil
087-2444819
imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Catherine Carey**
Sinn Féin
085-1012059
catherine.carey@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. John Hogan**
Fianna Fáil
0504-45116(b)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Micheál Lowry**
Neamhpháirtí
0504-22022(o)
087-2897585
micheal.lowry@tipperarycoco.ie

## An Coiste Comhairliúcháin Áitiúil ar an Lucht Taistil

**An Cmhlr. John Crosse**
Fine Gael
062-76105(h)
087-9165851
john.crosse@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Micheál Anglim**
Fianna Fáil
052-7466170(h)
086-0251277
micheál.anglim@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Pat English**
WUA
052-6124014(b)
087-7684746
pat.english@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(b)
062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. David Dunne**
Sinn Féin
086-3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

# Sceideal de Cheapacháin Choiste 2014 - 2019

## An Coiste Iniúchóireachta

**An Cmhlr. Marie Murphy**
Fine Gael
052-7465327(b)
086-8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Roger Kennedy**
Fianna Fáil
062-61296(b)
086-8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

## Seirbhísí Ginealais & Oidhreachta Thiobraid Árann Thuaidh

**An Cmhlr. Ger Darcy**
Fine Gael
067-38149(b)
086-2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. John Carroll**
Fianna Fáil
067-32047
086-8041893
john.carroll@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Hughie McGrath**
Neamhpháirtí
067-33452/
087-2559323
hughie.mcgrath@tipperarycoco.ie

## Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas

**An Cmhlr. Siobhán Ambrose**
Fianna Fáil
086-3850242
siobhán.ambrose@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr John Fahey**
Fine Gael
052-9156349
086-3973524

## Ionad Ceardaíochta an Oirdheiscirt

**An Cmhlr. Marie Murphy**
Fine Gael
052-7465327(b)
086-8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Micheál Anglim**
Fianna Fail
052-7466170(b)
086-0251277
micheal.anglim@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Siobhán Ambrose**
Fianna Fáil
086-3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie

## Ionad Ealaíon Réigiúnach Dhurlas

**An Cmhlr. Joe Bourke**
Fine Gael
086-8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. John Hogan**
Fianna Fáil
0504-45116(b)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Jackie Cahill**
Fianna Fáil
087-2820663
jackie.cahill@tipperarycoco.ie

## Coiste Draenála Réigiúnach Goul

**An Cmhlr. John Hogan**
Fianna Fail
0504-45116(h)
086-2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie

## An Coiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe

**An Cmhlr. Mattie Ryan (An Chúil)**
Fianna Fáil
062-78134(b)
086-8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Ger Darcy**
Fine Gael
067-38149(b)
086-2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Michael Fitzgerald**
Fine Gael
062-72136(b)
087-2292126
michael.fitzgerald@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Martin Lonergan**
Neamhpháirtí
052-7466378(b)
087-6497083
martin.lonergan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Seamus Morris**
Sinn Féin
087-2859125
seamus.morris@tipperarycoco.ie

## Fóram Sláinte Réigiúnach an Deiscirt

**An Cmhlr. Louise McLoughlin**
Fine Gael
052-9156422(b)
087-7829711
louise.mcloughlin@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mary Hanna Hourigan**
Fine Gael
062-75164(b) 062-80503(o)
085-8150689
mary.hanna @tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Imelda Goldsboro**
Fianna Fáil
087-2444819
imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Tom Wood**
Non Party
062-63142(b)
087-9746545
tom.wood@tipperarycoco.ie

## Fóram Sláinte Réigiúnach an Iarthair

**Cllr. Ger Darcy**
Fine Gael
067-38149(b)
086-2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. John Carroll**
Fianna Fail
067-32047
086-8041893
john.carroll@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. David Doran**
Sinn Féin
0504-45150(b)
086-8901599
david.doran@tipperarycoco.ie

## COC - Comhlacht Rialaithe

**An Cmhlr. Ml. Fitzgerald**
Fine Gael
062-72136/087-2292126
michael.fitzgerald@tipperarycoco.ie

# Sceideal de Cheapacháin Choiste 2014 - 2019

## An Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ)

**Joe MacGrath**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
0761065010
joe.macgrath@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. John Carroll**
Comhairleoir Contae Thiobraid Árann
(086 )8041893
(067) 32047
john.carroll@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Joe Hannigan**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
(087) 2566157
(067) 28020
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

**An Cmhlr. Mary Hanna-Hourigan**
Comhairle Contae Thiobraid Árann
(085)8150689
(062) 75164
maryhanna.hourigan@tipperarycoco.ie

**Donal Mullane**
Teagasc
(087) 2503290
(052) 6121300
donal.mullane@teagasc.ie

**Fionuala McGeever**
Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann
(086) 8587014
(052) 6121067
fmcgeever@tippsouthvec.ie

**Rita Guinan**
Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann
(087)-9207700
07 61 06 5000
rita.guinan@leo.tipperarycoco.ie

**Adrian Cunneen**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
(067)-50919
adrian.cunneen@welfare.ie

**Michael Murray**
North Tipperary Leader Partnership
(087) 6753380
(067) 56676
MMurray@ntlp.ie

**Niall Morrissey**
South Tipperary Development Company
(087) 8537000
(052) 7442652
niallmorrissey@stdc.ie

**Catherine Guest**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(086)-1575949
catherineguest2012@hotmail.com

**Cora Horgan**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
087-772011
Cora.horgan@trys.ie

**Clare Cashman**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
087 9597454
clare@mfrc.ie

**Charles Stanley Smith**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (087) 2411995
(067) 24379
Charles@r495.com

**Sara Bourke**
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
(086) 8156965
sarabourketipp@gmail.com

**Brian Cleary**
Comhlachas Tráchtála Chluain Meala
052 6191101
brian.cleary@clonmelchamber.com

**Tim Cullinane**
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
(087) 2760625
woodvillepig@outlook.ie

**Ceardchumann**
Le deimhniú

**Angela Joy**
FSS, Oifig an Oirdheiscirt um Chuimsiú Sóisialta (087) 1692552
Angela.Joy@hse.ie

## Comhaltaí an Chomhchoiste Póilíneachta

### GARDAÍ

**An tArd-Cheannfhort Catherine Keogh**
Ceannfo(i)rt le freastal ar dhoimhniú ar ionad agus théama an CCP

### OIREACHTAS

**An Seanadóir Denis Landy**
**An Teachta Dála Mattie McGrath**
**An Teachta Dála Noel Coonan**
**An Teachta Dála Michael Lowry**
**An Teachta Dála Seamus Healy**

### COMHALTA TOFA ÚÁ

**An Cmhlr. Martin Lonergan**
**An Cmhlr. Andy Moloney**
**An Cmhlr. Catherine Carey**
**An Cmhlr. Phyll Bugler**
**An Cmhlr. Fiona Bonfield**
**An Cmhlr. Hughie McGrath**
**An Cmhlr. John Crosse**
**An Cmhlr. Denis Leahy**
**An Cmhlr. Roger Kennedy**
**An Cmhlr. David Dunne**
**An Cmhlr. Kieran Bourke**
**An Cmhlr. Imelda Goldsboro**
**An Cmhlr. Jackie Cahil**
**An Cmhlr. David Doran**
**An Cmhlr. Michael Smith**

### LRP/POBAL

**Billy Collins (Colún Feirmeoireachta)**
**Joe Leahy (Colún Gnó)**
**Carmel O'Neill (LRP CC Thiobraid Árann/Chaisil)**
